



Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais 2024

Clár Ábhar

Daoine agus Eagraíocht	9
Pleanáil Iompair	16
Seirbhísí Iompair	20
Aeráid agus Inbhuanaitheacht	29
Custaiméir ar dTús	37
Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara	47
Bonneagar Iompair	53
Rialachán Iompair	64
Ráitis Airgeadais	71

Ón gCathaoirleach

I mí Iúil 2024, rinne an DART ceiliúradh ar 40 bliain de nasc iompair ríthábhachtach agus inbhuanaithe a sholáthar ar mhaithe le saoil na milliún duine, idir mhuintir Bhaile Átha Cliath agus chuairteoirí chun na cathrach. Tá an domhan athraithe go gasta le 40 bliain anuas agus an gá atá le hinbhuanaitheacht, teicneolaíocht níos cliste agus níos éifeachtúla, agus idirnascacht iompair phoiblí ag fás i gcónaí. Bheadh sé dodhéanta do dhaoine a thuiscint in 1984 go mbeadh daoine ag tadhall-ar nó ag tadhall-as le Cárta Leap agus iad ag úsáid iompair poiblí, nó ní chreidfeá go mbeadh tú in ann amhláir a chuardach ar fhón póca, ach sin an saol mar atá sé anois. Ag an ÚNI, táimid ag obair gan stad gan staonadh chun a chinntiú go mbeidh bonneagar iontaofa, cabhlach inbhuanaithe agus an teicneolaíocht is nua-aimseartha ag paisinéirí iompair phoiblí in Éirinn sna 40 bliain amach anseo chun a dturais a phleanáil agus a dhéanamh.



Ag pleanáil don todhchaí

I rith na bliana, leanadh leis an obair ar leathnú DART agus dul chun cinn á dhéanamh ar chlár DART+, lena n-áirítear iarratas ar Ordú Iarnróid a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála le haghaidh DART+ Cósta Thuaidh. Tugaimid faoi deara cinntí an Bhoird Phleanála maidir leis an DART+ Thiar agus an DART+ Thiar Theas. I gcás iarnróid éadrom, cuireadh isteach iarratas ar Ordú Iarnróid do Luas Fhionnghlaise.

I gclár BusConnects Bhaile Átha Cliath, cuireadh tús le hobair tairisceana ar na príomhchonairí bus ó Ghleann na Life go Lár na Cathrach agus ó Bhaile Munna/Fhionnghlas go Lár na Cathrach in 2024 agus muid ag fanacht le cinntí maidir le hathbhreithnithe breithiúnacha a rinneadh ar phríomhchonairí bus eile. Cuirfear spás ar fáil sna hiostaí atá ann cheana féin le hiosta bus sealadach atá ceadaithe i mBaile Shéamais chun tuilleadh bonneagair luchtaithe leictreacha a shuiteáil agus tuilleadh busanna leictreacha le tosú ag feidhmiú.

Chomh maith leis sin, chríochnaíomar agus cheadaíomar Réamhchás Gnó do BusConnects Chorcaí agus cheadaíomar iosta bus nua ar Bhóthar Chionn tSáile chun tacú lenár bpleananna maidir le líonra bus feabhsaithe do Chathair Chorcaí. Chuamar i gcomhairle leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara maidir le Líonra BusConnects amach anseo i bPort Láirge.

Leanann Coiste an Chláir Chaipitil de Bhord an ÚNI de bheith ag déanamh maoirseacht ar an infheistíocht mhéadaitheach i mbonneagar iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear tograí maidir le cabhlach Luas, Metrolink, DART+, na cláir éagsúla BusConnects i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach, i nGaillimh agus i bPort Láirge agus rolladh amach Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile (NGT) i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i measc go leor tionscadal eile.

Tá an inbhuanaitheacht i gcroílár obair an Údaráis Náisiúnta Iompair agus éilíonn sí fócas agus tiomantas leanúnach chun an prionsabal Seachain – Aistrigh – Feabhsaigh a chur i bhfeidhm. I rith na bliana, d'fhorghas an Bord an Straitéis Inbhuanaitheachta don eagraíocht chomh maith leis an Treochlár Astaíochtaí Aeráide.

Ag soláthar líonra iompair an lae inniu

Agus tionscadail agus cláir don todhchaí á gcur chun cinn, leanann an obair ar chóras iompair phoiblí an lae inniu ar aghaidh go fóill. Áiríodh leis seo i Rialachán Iompair foilsíú an Ordaithe um Uastáillí Tacsáí chomh maith le leanúint leis na scéimeanna deontais d'Fheithicil Bheag Seirbhíse Poiblí leictreacha (eSPSV) agus Feithicilí Inrochtana do Chathaoireacha Rothaí (WAV).

Lean seirbhísí Nasc Áitiúil ag leathnú le linn 2024 agus seachadadh 45 bealach nua nó feabhsaithe faoin gclár Éire a Nascadh. Cuireann na bealaí breise seo leis an líonra atá ann cheana féin a thrasnaíonn an tír gach lá ó Bhealach 954 ag imeacht ó Cheann Mhálanna i gCo. Dhún na nGall cúig huaire sa lá go Bealach 265 a thagann isteach i gceantar Charn Uí Néid i gCo. Chorcaí faoi dhó sa lá.

Ag leanúint leis an treocht le blianta beaga anuas, chuir an ÚNI, i gcomhar le húdaráis áitiúla ar fud na hÉireann, 184 ciliméadar de chosáin agus de bhealaí rothaíochta nua, nó uasghrádaithe, leis an líonra náisiúnta.

Déanann an ÚNI, i gcomhar le comhpháirtithe oibritheoirí iompair, faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar shábháilteacht paisinéirí agus feithiclí iompair phoiblí. I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'eisigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair treoir d'oibritheoirí iompair maidir le cosc a chur ar scútair leictreacha ar iompar poiblí de bharr imní sábháilteachta i ndáil le go leor ceallraí ian litiam. Ina theannta sin, tugann an ÚNI dá aire rún an Rialtais fórsa slándála iompair a bhunú agus oibreoidimid leis an Roinn Iompair agus le páirtithe leasmhara eile i ndáil le togra an Rialtais.

Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair ag an am, Eamon Ryan, as bualadh le Bord an ÚNI i mí Eanáir 2024 chun cúrsaí iompair phoiblí a phlé agus as a thacaíocht leanúnach i rith na bliana. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an Aire Iompair agus leis na hAirí Stáit, mar aon lena n-oifigeach sa Roinn Iompair as a dtacaíocht leanúnach i rith na bliana agus táim ag tnúth le bheith ag obair leis an Aire Iompair nua Darragh O'Brien agus leis na hAirí Stáit nua, Seán Canney agus Jerry Buttimer in 2025.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as a dtiomantas leanúnach agus as a gcuid ama i rith na bliana chomh maith leis na comhaltaí seachtracha a thacaíonn le hobair ár bhFochoistí Boird a bhfuil meas againn ar a saineolas agus a dtreoir. Cuirim mo bhuíochas in iúl do chomhaltaí an Choiste Chomhairligh Tacsaithe agus do Ghrúpa Comhairleach le haghaidh Úsáideoirí Iompair a thugann comhairle dúinn agus muid ag forbairt beartas agus pleananna. Bhí áthas ar an mBord bualadh le hionadaithe ón gCoiste Comhairleach Tacsaithe i mí Iúil 2024 agus ón nGrúpa Comhairleach le haghaidh Úsáideoirí Iompair i mí Mheán Fómhair 2024 chun cloisteáil faoi obair na gcoistí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Cathair agus Comhairle Phort Láirge as na cuir i láthair faisnéiseacha a rinneadh le linn chruinniú an Bhoird i mí Dheireadh Fómhair 2024 a tionóladh i gCathair Phort Láirge.

Tar éis bliain ghnóthach eile san ÚNI, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne gach cuid den ÚNI, lena n-áirítear an Bord, an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann, agus iad ag obair i dtreo ár spriocanna agus ár gcuaspóirí. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht luachmhar a chuir oibritheoirí iompair agus oibritheoirí ar conradh, Bonneagar Iompair Éireann, agus na comhlachtaí agus na páirtithe leasmhara eile go léir a leanann de thacaíocht a thabhairt don ÚNI ina chuid oibre.

De réir mar a bhí deireadh na bliana ag druidim linn, chualamar faoi bhás John Henry, a bhí ag obair le hOifig Iompair Bhaile Átha Cliath (IOBÁC) roimhe seo. Ba mhaith liom comhbhrón an Údaráis Náisiúnta Iompair a ghabháil freisin le teaghlach agus cairde an Uasail Henry.

Ar deireadh, i mí na Nollag 2024, d'éirigh an POF Anne Graham as a ról leis an ÚNI. Thar ceann Bhord an ÚNI, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Anne as an obair atá déanta aici le linn a tréimhse san ÚNI. Guímid gach rath uirthi don todhchaí.



Peter Strachan, Cathaoirleach



Forbheathnú an Phríomhfheidhmeannaigh

Bliain thar a bheith gnóthach ab ea 2024 don ÚNI agus an líon is mó daoine ag baint úsáide as iompar poiblí in Éirinn. Ina theannta sin, cuireadh tús le mórthionscadail, pleananna agus tionscnaimh, cuireadh chun cinn iad agus críochnaíodh iad i rith na bliana.

Bhí roinnt príomhéachtaí agus roinnt príomhdhúshlán a raibh ar an ÚNI dul i ngleic leo in 2024. Cé go ndearna feabhsuithe suntasacha orthu in 2024, bhí roinnt fadhbanna fós ann maidir le hiontaofacht agus poncúlacht na seirbhísí bus OSP, a tharla go príomha de dheasca infhaighteacht acmhainní agus brú tráchta go háirithe inár limistéir uirbeacha. É sin ráite, d'oibrigh an ÚNI i gcomhairle leis na hoibritheoirí gan stad gan staonadh chun na fadhbanna a réiteach. Rinne na hoibritheoirí an-dul chun cinn in 2024 trí thiománaithe breise a earcú agus díríonn siad anois ar mheicneoirí breise feithicle a earcú a bhfuil ganntanas suntasach dóibh sa Stát faoi láthair.

Cuireadh tús leis na Conarthaí Dírdhámhachtana nua do Bhus Átha Cliath agus Bus Éireann i mí na Nollag 2024 agus mairfidh siad go dtí 2029.

Mar chuid dár n-aistriú i dtreo cabhlach bus agus iarnróid níos glaise agus níos inbhuanaithe, leanamar orainn ag déanamh dul chun cinn ina leith seo. I rith na bliana, ghlac an ÚNI le seachadadh 149 bus uirbeach dhá urlár ceallra-leictreacha agus 10 mbus uirbeach aon urláir (fad fada) ceallra-leictreacha. Ina theannta sin, seachadadh na chéad cheann de na carráistí DART nua i mí Dheireadh Fómhair 2024 le haghaidh tástála agus coimisiúnaithe, sular imscaradh iad. Táthar ag súil go rachaidh an chéad bhaisc de 65 carráiste traenach ceallra-leictreacha i mbun seirbhíse ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Droichead Átha in 2026.

Maidir le pleanáil do mhórthionscadail, cheadaigh an Bord Pleanála (ABP) orduithe iarnróid in 2024 do DART+ Thiar agus DART+ an Thiar Theas. Ina theannta sin, cheadaigh ABP naoi n-iaratas eile maidir le Príomhchonairí Bus (PCB).

Leanadh lenár n-infheistíocht i dtaisteal gníomhach go gasta in 2024. In 2024, leithdháileadh €321 milliún ar thionscadail taistil ghníomhacha ar fud an stáit. I measc cuid de na príomhscéimeanna taistil ghníomhaigh a críochnaíodh bhí Promanáid na Muiríne i gCorcaigh, Droichead Wolfe Tone i nGaillimh agus an scéim ó Chluain Tarbh go Lár na Cathrach i mBaile Átha Cliath. Leanadh leis an obair ar roinnt mórscéimeanna taistil ghníomhaigh eile in 2024.

Go luath in 2024, bhronnamar an conradh creatlaí don chóras Ticéadaithe na Chéad Ghlúine Eile (NGT). I lár 2024, cheadaigh Bord an ÚNI an chéad chomhaontú ghlaao ón gconradh seo ag díriú ar Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus cuireadh tús le pleanáil agus le gluaiseacht chur i bhfeidhm go déanach in 2024.

Leanadh ar aghaidh lenár n-athdhearadh líonra bus in 2024. Seachadadh an bealach nua N2 faoi athdhearadh líonra BusConnects Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, rinneadh feabhsuithe ar sheirbhísí bus Bhaile Shligigh le cur leis an mbealach nua S3 agus feabhsuithe ar an mbealach atá ann cheana féin S1. Rinneadh dul chun cinn in 2024 ar phlean cur chun feidhme Athdhearadh Líonra BusConnects do Chorcaigh, do Luimneach agus do Ghaillimh agus tionóladh comhairliúchán poiblí i Samhradh 2024 maidir le Dréacht-thograí Athdhearadh Líonra BusConnects Phort Láirge don chathair.

Coinníodh an laghdú 20% ar tháillí do sheirbhísí a oibrítear faoin Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP) in 2024. D'fhoilsíomar an tuarascáil ar Chinneadh na dTáillí go luath in 2024 freisin, rud a chruthódh crios nua do Chathair Bhaile Átha Cliath agus do Thiománaithe Bhaile Átha Cliath. Cuireadh Céim 1 de Chinneadh na dTáillí i bhfeidhm in 2024 agus cuireadh an dara céim i bhfeidhm i Ráithe 2 de 2025.

Sa bhliain 2024, eisíodh an líon is mó riamh de cheadúnas tiomána SPSV. Ina theannta sin, rinneamar comhairliúchán poiblí maidir le hAthbhreithniú Náisiúnta Uastáille Tacsaithe 2024. Nuashonraíodh an uastáille tacsáí i mí na Nollag chun na costais oibriúcháin mhéadaithe atá roimh thiománaithe SPSV a léiriú.

Ba mhaith liom a thabhairt faoi deara gur lean an ÚNI de mhaoiniú breise suntasach a fháil ón Státchiste i rith na bliana go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar an gcostas méadaithe a bhaineann le seirbhísí OSP a sholáthar. Tá cead faighte ag an ÚNI freisin a lucht saothair a mhéadú chun freastal ar an ualach oibre atá ag méadú. Leis an earcaíocht seo, déanfaimid ár ndícheall lucht saothair cuimsitheach a bheith againn a léiríonn an éagsúlacht inár sochaí.


Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin d'obair fhoireann an Údaráis Náisiúnta Iompair a d'oibrigh gan stad gan staonadh agus le dúthracht i rith na bliana, in ainneoin na ndúshlán agus na mbrúnna oibre a bhaineann leis na tionscadail éagsúla a bhfuil an Údaráis Náisiúnta Iompair páirteach iontu.

Mar fhocal scoir, bheadh sé faillitheach dom gan aitheantas a thabhairt d'iar-POF an ÚNI, Anne Graham, a chríochnaigh a téarma i mí na Nollag 2024. Chaith Anne Graham Uasal deich mbliana mar POF ar an Údarás Náisiúnta Iompair agus le linn na tréimhse sin, threoraigh sí an ÚNI agus é ag leathnú go suntasach ag glacadh le níos mó cumhachtaí agus feidhmeanna. Molann ceannaireacht agus treoir Anne Graham Uasal luachanna an tiomantais do luachanna na seirbhíse poiblí. Thar ceann gach duine san ÚNI, guím gach rath uirthi ina scor.



Hugh Creegan, Príomhfheidhmeannach Eatramhach

Príomhfhorbairtí agus Príomhéachtaí 2024



Cuspóir agus Feidhm

Is comhlacht Stáit reachtúil neamhthráchtála é an ÚNI, a bhíonn ag feidhmiú faoi stiúir na Roinne Iompair.

Baineann sainchúram an ÚNI go príomha le pleanáil, forbairt agus maoiniú modhanna iompair inbhuanaithe, is é sin iompar poiblí, rothaíocht agus siúl, ar bhonn náisiúnta. Leathnaíonn sainchúram an ÚNI freisin chuig rialáil seirbhísí bus poiblí tráchtála chomh maith le hearnáil na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí agus clampáil feithiclí.

Bainistíonn an ÚNI an clár infheistíochta caipitiúla go náisiúnta maidir le hiompar poiblí, rothaíocht agus siúl, maoiniú oibritheoirí iompair, údaráis áitiúla agus comhlachtaí eile do thionscadail cheadaithe thar ceann na Roinne Iompair.

Is é an ÚNI an t-údarás freisin do na trí mheigi-thionscadal iompair phoiblí a bhfaightear tacaíocht ina leith ón bPlean Forbartha Náisiúnta reatha 2021 – 2030. Is iad sin;

- › **BusConnects Bhaile Átha Cliath**
- › **MetroLink**
- › **Clár DART+**

Áirítear ar shainchúram an ÚNI freastal ar an éileamh ar sheirbhísí iompair inbhuanaithe ar fud na hÉireann chomh maith le bheith ag obair le páirtithe leasmhara chun astaíochtaí carbóin ó thaobh an iompair de a laghdú.

Reachtaíocht Chumasúcháin

Bunaíodh an ÚNI i mí na Nollag 2009 de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

Ceapadh ar dtús é mar údarás iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Mar sin féin, athainmníodh é ina dhiaidh sin mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, lenar leathnaíodh feidhmeanna an ÚNI chun ceadúnú busanna agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí go náisiúnta a áireamh.

Leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013, lena ndearnadh reachtaíocht phríomha maidir le ceadúnú na feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus tiománaithe a chomhdhlúthú agus a nuashonrú, leathnaíodh raon feidhme geografach roinnt feidhmeanna na heagraíochta go náisiúnta.

Leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, leathnaíodh tuilleadh cumhachtaí an ÚNI lena chur ar a chumas fodhlíthe a dhéanamh lena rialaítear úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheonaithe áirithe ag paisinéirí.

Tháinig an tAcht um Chlampáil Feithiclí, 2015, lena dtugtar an fhreagracht do ÚNI as rialú na ngníomhaíochtaí clampála ar bhonn náisiúnta, i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2017.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an ÚNI freisin maidir le bonneagar agus comhtháthú na pleanála iompair agus úsáide talún i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn riachtanais áirithe iompair phoiblí agus bainistíochta tráchtála an réigiúin atá comhdhéanta de 40% de dhaonra an Stáit agus 43% d'fhostaíocht iomlán an Stáit de réir áit chónaithe.

Daoine agus Eagraíocht



Daoine agus Eagraíocht



+4% ar líon na bhfostaithe baineann (iomlán de 40%)



Athlonnú go Teach an Fhéir, Margadh na Feirme go rathúil



0 Sárú ar shonraí tuairiscithe don Choimisiún um Chosaint Sonraí



311 fostaí san iomlán, agus an chuid is mó acu ag obair ar bhonn hibrídeach



Reáchtáladh **70** comórtas earcaíochta i rith na bliana



Breis is **30** deis Foghlama agus Forbartha Príomhúla seachadta

Ról agus Rialachais

Bord an ÚNI

Tá an ÚNI faoi rialú ag Bord ar a bhfuil dhá chomhalta dhéag arna gceapadh ag an Aire Iompair. Is poist ex officio iad trí cinn de na poist ar an mBord atá forchoimeáda don Phríomhfheidhmeannach agus do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an ÚNI, agus an Phríomhfheidhmeannaigh, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Féadfar comhaltaí Boird a cheapadh ar feadh tréimhse suas le cúig bliana agus féadfar iad a athcheapadh le haghaidh téarma eile. Féadfaidh comhaltaí Boird fónamh ar feadh 10 mbliana ar a mhéad mar atá leagtha amach sa reachtaíocht chumasúcháin. Ní bhaineann an srian seo leis na comhaltaí ex officio a bheidh ceaptha fad a bheidh an post ábhartha acu. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird a bhí i seilbh oifige ag deireadh na bliana:

Ár gComhaltaí Boird

Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2024;



Hugh Creegan, POF eatramhach (comhalta ex officio)



Brian McCormick



Iain Docherty



Frank O'Connor



Ann Fitzgerald



Eleanor O'Neil



Joyce Loughnan



Richard Shakespeare, POF Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (comhalta ex officio)



Pat Mangan



Peter Strachan, Cathaoirleach

Cathaoirleach an Bhoird

Cheap an tAire Iompair an tUasal Peter Strachan mar Chathaoirleach an ÚNI ar an 11 Aibreán 2023.

Cothromaíocht Inscne ar an mBord

Sonraítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) sprioc fosta d'ionadaíocht de 40% a bheith ag gach inscne i mballraíocht na mbord stáit.

Ag deireadh 2024, bhí triúr comhaltaí baineann (30%) agus seachtar comhaltaí fireann (70%) ar an mBord.

Chuir an ÚNI an Roinn Iompair ar an eolas faoin éagothroime inscne atá ar an mBord faoi láthair agus meastar go gcuirfidh an Roinn é sin san áireamh agus folúntais á líonadh amach anseo ar leibhéal chomhaltaí an Bhoird.



Ár nEagraíocht/Ár bhFoireann

Ar an 31 Nollaig 24, bhí 311 fostaí san iomlán ag an ÚNI agus bhí formhór acu ag obair ar bhonn cumaiscthe/hibrideach. Reáchtáladh 70 comórtas earcaíochta ar an iomlán thar sheacht mbabhta earcaíochta in 2024 lenar clúdaíodh ról nua agus ról reatha. Bhí roinnt ball foirne conartha ag an ÚNI freisin nach bhfuil fostaíthe go díreach ag obair chun cabhrú leis an eagraíocht a clár mór oibre a chomhlíonadh i ról ghnó/tacaíochta laethúla agus ar thionscadail mhóra araon.



Tábla 1 - Próifíl inscne na bhfostaithe amhail an 31/12/2024

Fostaithe 2024	Uimhreacha	Céatadán
Fireann	186	60%
Baineann	125	40%
Iomlán	311	100%

D'athraigh próifíl inscne na heagraíochta go dearfach le méadú 4% ar líon na bhfostaithe baineann in 2024. Is sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) atá na ról in ÚNI den chuid is mó fós. Is iad na príomhrudaí atá taobh thiar de phróifíl éagothroime inscne na heagraíochta ná leibhéil níos ísle rannpháirtíochta na mban i ról teicneolaíochta agus innealtóireachta agus céatadán níos ísle de mhná atá ag gabháil do cháilíochtaí ETIM i gcoitinne. I measc na n-idirghabhálacha chun dul i ngleic leis an gceist sin, bhí deiseanna cóitseála a sholáthar do bhaill foirne chomh maith le hathbhreithniú ar phróisis earcaíochta agus ar bheartais AD. Ina theannta sin, sheol an ÚNI a chéad Chlár Iarchéime tionscnaimh de chuid an ÚNI in 2024, ghlac sé páirt den chéad uair i gClár Intéirneachta Múinteoirí ETIM (STInt) de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus lean sé de thacaíocht a thabhairt do chlár Gnóthachtáil Shóisearach Éireann (GSÉ).

Tuairisciú ar an mBearna Pá Inscne

Sa bhliain 2024, ba é 8.69% an bhearna pá inscne meánach d'fhostaithe an ÚNI. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi seo inár dTuarascáil ar an mBearna Pá Inscne.

Foghlaim agus Forbairt

I measc na bpríomhdheiseanna Foghlama agus Forbartha a seachadadh le linn 2024 bhí seachadadh breis is 30 cúrsa inmheánach ar fud na heagraíochta i raon leathan réimsí amhail bainistíocht, gníomhú ar son na haeraíde, cumarsáid, saoráil faisnéise, cosaint sonraí, feachtas ar mhíchumas agus néareagsúlacht. I measc na dtionscnamh eile sa réimse seo bhí seoladh córais bainistíochta foghlama féinseirbhíse do bhaill foirne in 2024 agus soláthar oiliúnóirí chun clár forbartha ceannaireachta a sheachadadh a thosóidh in 2025. Cuireadh deiseanna oiliúna seachtracha agus breisoideachais ar fáil freisin d'fhostaithe mar aon le rannpháirtíocht in imeachtaí a bhaineann go sonrach leis an tionscal.



Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC)

Lean an ÚNI lena phlean gníomhaíochta CÉC a chur chun cinn in 2024. Bunaithe ar thoradh suirbhé cultúir i mí na Nollag 2023, cuireadh clár foghlama CÉC ar fáil ar fud 2024 le cláir a bhí dírithe go sonrach ar an bhfoireann feidhmiúcháin, ar bhainisteoirí líne agus ar fhoireann uile na heagraíochta. Cuireadh Straitéis CÉC 2025-2027 an ÚNI i gcrích agus déanfar tuilleadh suirbhéanna in 2025 chun an dul chun cinn a rianú agus chun faireachán a dhéanamh air.

Tionscadal Mór-Aistrithe 2024

Cuireadh athlonnú ÚNI go Teach Mhargadh an Fhéir, Margadh na Feirme i gcrích go rathúil in 2024 agus seachadadh oifig nua-aimseartha, inbhuanaithe (rátáil RFF A3) agus oiriúnach don chuspóir in am, faoin mbuiséad agus ailínithe le riachtanais ÚNI agus le beartas níos leithne an rialtais. Críochnaíodh aistriú fhoireann an ÚNI ó cheithre shuíomh oifige a bhí ann cheana féin i mBaile Átha Cliath 2 go spás oibre comhdhlúite nua an ÚNI i mBaile Átha Cliath 7 i R4 2024 agus níor cuireadh isteach mórán ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla laethúla. Cuirtear réimse áiseanna feabhsaithe agus teicneolaíochtaí cumasúcháin ar fáil san oifig nua chun tacú leis an ÚNI a sainordú iompair phoiblí a chomhlíonadh.

Ár bhFreagrachtaí Corparáideacha

Nochtaí Cosanta

Fuair an ÚNI dhá nochtadh cosanta in 2024 faoi dhá chumarsáid ar leith.

An Ghaeilge

Leanadh ar aghaidh le seirbhísí agus eolas a chur ar fáil i nGaeilge do bhaill den phobal a bhfuil Gaeilge acu ar feadh 2024.

I mí an Mhárta 2024, chuir an ÚNI a chéad tuairisceán faoi bhráid an Choimisinéara Teanga maidir le fógraíocht i nGaeilge agus suíomh fógraíochta sna meáin chumarsáide Ghaeilge in 2023 mar atá sonraithe in Alt 10A d'Achtanna na dTeangacha Oifigiúla.

Chríochnaigh an ÚNI suirbhé/ceistneoir eagraíochta Ollscoil na Gaillimhe maidir le hinniúlacht sa Gaeilge i mí an Mhárta 2024. Scaipeadh leagan foirne den suirbhé i measc bhaill foirne ag an am céanna. I mí na Samhna 2024, shocraigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go mbeidh Eanáir 2025 an dáta faoina gcuirfidh an ÚNI seirbhísí poiblí ar fáil trí Gaeilge i Limistéir Pleanála Teanga na nGaeltachta agus chucu i gcomhréir le hAlt 18E de na hAchtanna.

Lean baill foirne an ÚNI orthu ag freastal ar sheimineáir arna soláthar ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir le ceanglais reatha agus riachtanais amach anseo faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla.

Leanann an ÚNI de bheith ag foilsiú míreanna nuachta ar a shuíomh gréasáin maidir le seirbhísí iompair nua i gceantair Ghaeltachta chomh maith le míreanna áirithe a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach leo. Leanfaimid orainn ag réiteach gearán agus saincheisteanna a chuireann an Coimisinéir Teanga chugainn chomh maith le freagairt do nithe a ardaíonn baill den phobal.

Cosaint Sonraí

In 2024, lean an ÚNI lenár gcreat agus lenár gcultúr um chosaint sonraí a chur ar aghaidh agus a fheabhsú.

Aithnítear go forleathan ar fud an ÚNI an tábhacht a bhaineann le creatlacha láidre cosanta sonraí agus chuir líonra tiomnaithe maoir shonraí an teachtaireacht seo chun cinn go láidir. D'oibrigh an líonra seo go dlúth lena mbainisteoirí aonad gnó agus lena gcomhghleacaithe ag cinntiú go bhfanann prionsabail, beartais agus cleachtais chosanta sonraí leabaithe i ngnóthaí laethúla. D'oibrigh an líonra seo go dlúth leis an bhfoireann cosanta sonraí freisin lena chinntiú go gcuirfí cosaint sonraí san áireamh ag an gcéim is luaithe ab fhéidir in aon tionscadail nua agus leanúnacha. Lean an grúpa ar aghaidh ag bualadh le chéile go rialta chun plé a dhéanamh ar chomhlíonadh cosanta sonraí ar fud an Údaráis Náisiúnta Iompair, chun scileanna a fheabhsú agus chun eolas a roinnt. Chuir sé seo lenár gclár feasachta agus oiliúna leanúnach i measc ár bhfoirne.

Níor tuairiscíodh aon sárú ar shonraí don Choimisiún um Chosaint Sonraí in 2024.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC)

In 2024, choinnigh an ÚNI seasamh láidir cibearshaoil, ag díriú go háirithe ar sholáthraithe tríú páirtí. Chinntigh an iarracht seo gur glacadh le gach soláthraí nua go slán, agus príomhchórais á mbainistiú agus á n-oibriú le bearta slándála láidre i bhfeidhm.

D'aibigh Oibríochtaí Slándála an ÚNI go suntasach le linn na bliana le fócas suntasach ar bhagairt a bhrath, athléimneacht na foirne, bainistíocht teagmhas, ionsamhlú cibeartheagmhas agus téarnamh ó theagmhais. Mar thoradh ar na hiarrachtaí seo, baineadh amach scór ullmhachta aibí NIS (Slándáil Líonra agus Faisnéise) 2, rud a léiríonn ár n-ullmhacht chun cinn don treoir atá le teacht.

Rinneamar maoirseacht freisin ar staid chibearshaoil na n-oibritheoirí iompair, ag obair i gcomhar le chéile chun a mbearta slándála a fheabhsú. Áiríodh leis sin ullmhúchán fairsing don treoir NIS 2, a bhí ceaptha teacht i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2024, ach atá curtha siar go dtí 2025. Mar chuid den ullmhúchán seo, bhunaíomar an chéad fhoireann Údaráis Inniúil Náisiúnta chun tacú leis an treoir, rud a chinntíonn go bhfuilimid in ann maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil Eintiteas Riachtanach agus Tábhachtach san Earnáil Bóithre.



Cinntíodh go raibh rialachas láidir bainistíochta tionscadal ar fud na mórthionscadal teicneolaíochta uile, lena n-áirítear na ceithre phríomhthionscadal teicneolaíochta agus go leor tionscadal níos lú. Bhí an rialachas seo ríthábhachtach chun tacú le cur i bhfeidhm rathúil na teicneolaíochta agus leis an aistriú chuig ár bhfoirgneamh nua, ar a dtugtar Tionscadal Mór-Aistrithe.

Leathnaíodh ár n-ardán faisnéise gnó (FG) chun tacú leis an gcóras bainistíochta airgeadais nua agus leis an gcóras ticéadaithe Axio. Tugadh isteach roinnt deaiseanna nua, a chlúdaíonn astaíochtaí cabhlaigh, feidhmíocht líonra bus, agus anailís ar bhrú tráchta, rud a thugann léargas luachmhar le haghaidh cinnteoireachta.

Ina theannta sin, shainmhíomar ár straitéis agus ár gcreat rialachais maidir le hintleacht shaorga chun maoirseacht a dhéanamh ar thabhairt isteach teicneolaíochtaí hintleachta saorga (IS). Áiríodh leis seo roinnt tionscadal cruthúnais luacha a dhéanamh chun acmhainneacht IS a thástáil agus a thuiscint, ag cinntiú go bhfuilimid ullmhaithe dá chomhtháthú inár n-oibríochtaí.

Tríd is tríd, ba bhliain í 2024 inar tharla dul chun cinn suntasach i réimse TFC don ÚNI, agus bhí feabhas ar shlándáil, bainistíocht láidir tionscadal, agus cur i bhfeidhm straitéiseach teicneolaíochta mar chuid di.

Pleanáil Iompair



Pleanáil Iompair




10 Dréachtphlean Iompair Áitiúla le haghaidh comhairliúcháin phoiblí

56 Aighneacht maidir le pleananna forbartha contae agus cathrach, pleananna ceantair áitiúil agus pleananna eile



11 Phlean Iompair Áitiúla Deiridh



2 Dhoiciméid threorach pleanála foilsithe in 2024



Rinneadh athbhreithniú ar **170** iarratas le haghaidh forbairtí in 2024, agus rinneadh 96 aighneacht orthu

Is ionann córas iompair maith agus ceann a bhaineann daoine leas as trí fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch a éascú agus a spreagadh. Ón dearcadh sin de, éireoidh riachtanais na hÉireann níos casta agus níos casta sna blianta atá amach romhainn, agus tá soláthar do na riachtanais sin amach anseo ag croílár a bhfuil i gceist leis an ÚNI.

Le linn 2024, lean an ÚNI ag plé leis na hÚdaráis Áitiúla ar bhonn náisiúnta maidir le pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúil a ullmhú agus chuathas i gcomhairle leo chomh maith maidir le roinnt pleananna iompair áitiúla (PIÁ) a ullmhú do phríomhbhailte agus lonnaíochtaí eile. Rinneadh cuid mhór den obair sin chun cuidiú le tús áite a thabhairt d'infheistíocht iompair i gceantair áitiúla.

Tionscnaimh Pleanála Iompair

I measc na bpríomhthionscnaimh pleanála iompair a rinne an ÚNI in 2024 bhí:

Plean Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, arb é is cuspóir leis ná athruithe ar na socruithe iompair reatha a aithint agus tús áite a thabhairt dóibh, atá riachtanach chun an fhís don chathair mar áit inbhuanaithe, dhinimiciúil agus chuimsitheach a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath. Éascaítear leis an bplean freisin cur i bhfeidhm Straitéis Iompair an ÚNI do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 trí chreat níos mionsonraithe a sholáthar chun freastal ar líon i bhfad níos airde daoine atá ag taisteal isteach i lár na cathrach, go háirithe ar an traein, ar an mbus, ag rothaíocht agus ag siúl. Foilsíodh an plean i mí Iúil 2024 agus tá na chéad ghnéithe (geataí bus ar na céanna thuaidh agus theas) curtha i bhfeidhm, rud a fhágann go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar thréthracht agus go bhfuil gluaiseacht níos tapúla agus níos iontaofa busanna tríd an gcathair mar thoradh air sin.



Leagtar amach i **bPleananna agus Staidéir Iompair Áitiúla (PIÁ)** an creat mionsonraithe le haghaidh infheistíochta in iompar poiblí, siúl agus rothaíocht do lonnaíochtaí. Déantar iad bunaithe ar an modheolaíocht a d'fhorbair an ÚNI i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann. In 2024, lean an ÚNI de bheith ag comhoibriú le húdaráis áitiúla ar chlár PIÁ. Rinneadh dul chun cinn leis an obair ar 30 PIÁ in 2024, agus d'fhoilsigh údaráis áitiúla 10 ndrucht-PIÁ agus 11 PIÁ deiridh le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. Táthar ag súil go bhfoilseofar 10 PIÁ i bhfoirm dréachta in 2025 agus go gcuirfear bailchríoch ar roinnt acu i rith na bliana.



Aighneachtaí Pleanála

Pleananna: Rinne an ÚNI 56 aighneacht a bhain le céimeanna éagsúla in ullmhú pleananna forbartha contae agus cathrach, pleananna ceantair áitiúil agus pleananna eile. Is minic a léiríonn na haighneachtaí sin na céimeanna deiridh de rannpháirtíocht mhionsonraithe agus chuimsitheach le húdaráis áitiúla le linn na bpróiseas déanta pleananna.

Iarratais Phleanála: Rinne an ÚNI athbhreithniú ar 170 iarratas ar fhorbairtí in 2024, agus rinneadh 96 aighneacht ina leith. Tá raon leathan forbairtí i gceist leis sin ó fhorbairtí beaga líontacha i scéimeanna Phríomhchonairí Bus an ÚNI go forbairtí cónaithe ar an mórchóir de na céadta aonad agus forbairtí móra bonneagair amhail DART+, seachbhóthar Shláine, agus aighneacht fhoirmiúil ar an iarratas pleanála le haghaidh togra mórfhorbartha do Chalafort Bhaile Átha Cliath.



Le linn 2024, leanadh leis an obair ar **Thionscadal Réamhaisnéise Náisiúnta an ÚNI**, agus is é an cuspóir atá leis faisnéis a bhailiú ó gach údarás áitiúil, a bhaineann le daonra amach anseo, fostaíocht agus forbairt oideachais, a chuirfear go díreach leis na samhlacha

réigiúnacha lena chinntiú go ndéanfar dáileadh níos cruinne ar fhás na mblianta amach anseo. Beidh an obair seo ceangailte le réamhaisnéisí an Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP) a luaithe a fhoilseofar í agus ba cheart go mbeadh sí críochnaithe faoi 2025.

D'fhoilsigh an ÚNI dhá dhoiciméad treorach pleanála in 2024:-

- › Foilsiú doiciméid dar teideal **Pleanáil Cathracha agus Bailte le haghaidh Seirbhísí Bus Rathúla**, chun treoir a thabhairt do chinntí pleanála amach anseo i dtreo torthaí a thacaíonn le hiompar poiblí; agus
- › Foilsiú doiciméid dar teideal **Measúnú Iompair Bunaithe ar Cheantar (MTBC) agus Pleananna Iompair Áitiúil - Nóta Faisnéise Forlíontach** chun treoir ghearr bhreise a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm MTBC

Samhaltú Iompair

In 2024, leanadh leis an obair ar an gCóras Samhaltaithe Réigiúnach a nuashonrú agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar uasghráduithe ar shamhaltú páirceála agus taistil, siúl agus rothaíocht, an tsamhail fad-achair agus léiriú an éilimh taistil. Baineadh úsáid as an gCóras Samhaltaithe Réigiúnach go dian do raon leathan tionscadal agus tionscnamh. Sa bhliain 2024, aistríodh úsáid tríú páirtí de na samhlacha go AWS rud a fheabhsaigh slándáil, acmhainn agus rochtain do mhórtionscadail amhail Metrolink agus Bus Connects.

Áiríodh sa chlár bliantúil bailithe sonraí do 2024 na suirbhéanna taistil teaghlaigh, na suirbhéanna tródaím ilmhódúla cathrach réigiúnacha agus an Daonáireamh Iarnróid Náisiúnta. Cuireann na Suirbhéanna Náisiúnta Teaghlaigh bliantúla atá foilsithe ar shuíomh gréasáin an ÚNI (<https://www.nationaltransport.ie/>) sonraí mionsonraithe i láthair ar na turais uile a rinne an sampla ionadaíoch sa suirbhé. Seo a leanas na torthaí náisiúnta do 2024 i gcomparáid le 2023:

Cúiseanna leis an Turas (gan, Fill ar ais abhaile san áireamh)	2017*(%)	2022(%)	2023(%)	2024(%)
Obair/Gnó	28	20	20	21
Oideachas	23	19	18	19
Siopadóireacht	16	17	16	15
Sóisialta	14	18	20	18
Pearsanta	2	3	3	3
Gach ceann eile	17	24	23	23

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Scéim Bainistíochta Éilimh Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath (MCBÁC) a chuirfidh le baint amach spriocanna Comhshaoil agus Aeráide Straitéis Iompair MCBÁC 2022-2042 agus spriocanna Comhshaoil agus Aeráide Straitéis Iompair MCBÁC 2022-2042. Tá moill curtha ar chríochnú na dréacht-scéime mar gheall ar an gcomhordú riachtanach leis an Straitéis Náisiúnta um Bainistíocht Éilimh. Mar thoradh ar an tionscadal, forbraíodh an Leabhar Beartaíochta Laghdaithe Carbóin, an tSamhail Lastais Uile-Éireann, agus Samhlacha Stoic do Ghluaisteáin agus d'Earraí a chomhtháthófar leis na samhlacha réigiúnacha. Tá tacaíocht theicniúil curtha ar fáil ag an bhfoireann samhaltaithe iompair don Roinn Iompair maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Bainistíocht Éilimh.

Lean an fhoireann samhaltaithe de bheith ag forbairt a comhoibrithe maidir le samhaltú iompair, sonraí agus pleanáil iompair le ranna agus gníomhaireachtaí ar phríomhthionscadail san earnáil amhail na tionscadail phíolótacha lastais, an t-athbhreithniú ar theorainneacha luais, costas an bhrú tráchta agus pleananna gníomhaíochta aeráide (Roinn Iompair); taighde ar úsáideoirí bóithre leochaileacha agus rátaí timpistí (RSA); buiséid charbóin (Comhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide); athbhreithniú ar chás gnó iompair scoile (Roinn Oideachais); réamh-mheastacháin carbóin (GCC, ÚFIÉ); mapáil torainn agus cáilíochta aeir (GCC, Údarás Áitiúla). Leanadh leis an rannpháirtíocht leis an saol acadúil le roinnt foilseachán piarmheasúnaithe, páipéir chomhdhála agus modúil léachta a seachadadh.

Seirbhísí Iompair



Seirbhísí Iompair



Méadú **32 milliún**
ar líon na bpaisinéirí
ar sheirbhísí conartha
bus agus iarnróid
(+10.6% ó 2023)



45 bealach bus
nua nó feabhsaithe
i gceantair thuaithe
na hÉireann tugtha
isteach ag Éire a
Nascadh

10 seirbhís nua

ar an Satharn agus
sé sheirbhís nua ar
an Domhnach i líonra
Comaitéirí Chorcaí



Mhéadaigh ioncam faoi
€28.4 milliún
(+5.4% ó 2023)

240,000

paisinéir arna
n-iompar ag
Nasc Áitiúil TFI ar
Sheirbhís Bus Bhaile
Chluain Meala



100,000

Turas sa
tseachtain ar
sheirbhísí Nasc
Áitiúil

Is é an rud is mó atá i gceist le daoine a spreagadh chun an t-aistriú chuig iompar poiblí ná a chinntiú gur féidir linn eispéireas dearfach a sholáthar do chustaiméirí.

Mar thoradh ar leanúnachas chur i bhfeidhm Cárta Leap do Dhaoine Óga agus do Mhic Léinn, laghdaíodh táillí do dhaoine óga faoi 50%, agus coimeádadh an laghdú 20% roimhe sin ar tháillí do chách eile ar feadh 2024. Leanadh le cur i bhfeidhm Éire a Nascadh, i rith 2024, agus tugadh isteach 45 bealach bus nua nó feabhsaithe i gceantair thuaithe na hÉireann. I mBaile Átha Cliath, fheabhsaíomar seirbhísí bus do phobail ar fud na réigiún le tabhairt isteach Bhóthar fithiseach N2 mar chuid d'athdhearadh líonra BusConnects i mí Mheán Fómhair.


I measc conarthaí an ÚNI le hoibritheoirí iompair phoiblí chun seirbhísí bus agus iarnróid atá riachtanach ó thaobh na sochaí de ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh tráchtála de a sholáthar, tá íocaíochtaí le hoibritheoirí chun freastal ar fhíorchostas soláthair seirbhísí. Déantar cúiteamh leis na hoibritheoirí de réir a gconarthaí as na seirbhísí a sholáthar.

Líon na bPaisinéirí agus Ioncaim

Bhí fás eisceachtúil ann maidir le húsáid seirbhísí conartha iompair phoiblí in 2024, ag sárú leibhéil réamh-phaindéime 2019 agus ag baint amach an chloch mhíle de 1 milliún turas paisinéara in aghaidh an lae.

Méadaíodh líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí conartha bus agus iarnróid faoi bhreis is 32 milliún (+10.6%) ar an iomlán, agus méadaíodh ioncam mar thoradh air sin faoi €28.4 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, go €552.1 milliún.

Tábla 2 – Turais bhliantúla paisinéirí ar phríomhsheirbhísí conartha (na milliúin)




^{1, 2, 3, 5}Cuirtear cúinsí ardaithe oibritheora i bhfeidhm ar fhorhmór na sonraí idirbheart ticéad bus chun cuntas a thabhairt ar thaifeadadh neamhleor paisinéirí ag meaisíní ticéad

⁴Féach Tábla 4


⁶Baineann sonraí Go-Ahead Ireland le 25 bealach uirbeach i mBaile Átha Cliath, 5 bhealach réigiúnacha i gCill Dara, bealach 197 idir Sord agus Cill Dhéagláin agus bealaí W4 agus W6.

Difríocht (2024 le 2023) (na milliúin)



Tábla 3 – Ioncam paisinéirí le haghaidh seirbhísí conartha (na milliúin)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí Eile	Go Ahead Ireland	An Clár um Iompar Tuaithe	Iomlán
2019	230.6	94.5	233.8	81.0	1.4	17.1	3.3	661.7
2020	119.7	52.4	101.6	33.5	1.3	12.5	3.0	324.0
2021	125.2	53.8	100.1	32.9	1.4	13.5	3.3	330.2
2022	158.6	71.2	166.5	48.4	2.0	15.6	4.4	466.7
2023	166.2	78.8	191.6	56.7	2.8	21.2	6.4	523.7
2024	172.2	81.1	204.8	58.2	3.2	24.2	8.3	552.1
Difríocht (2024 le 2023)	+6.0	+2.3	+13.2	+1.5	+0.6	+2.8	+1.9	+28.4



Táillí

D’fhan táillí ar sheirbhísí iompair phoiblí OSP gan athrú in 2024, agus gealladh go leanfaidh laghdú 20% ar tháillí costas maireachtála an rialtais de bheith i bhfeidhm le linn 2024. Fógraíodh freisin go leathnófar incháilitheacht Scéim Cárta Leap do Dhaoine Óga, chun iad siúd suas le 25 bliain d’aois a áireamh.

Cuireadh an chéad chéim de chinneadh táillí 2024 i bhfeidhm i mí an Mheithimh, rud a thug isteach buntáille bhaile nua de €1.50 d’úsáideoirí Cárta Leap ar sheirbhísí réigiúnacha baile i mBaile Átha Luain, Baile Brigín, Ceatharlach, Droichead Átha, Dún Dealgan, an Uaimh agus Sligeach.

I measc na n-athruithe eile beidh cur i bhfeidhm Chrios nua Chathair Bhaile Átha Cliath agus Chrios nua Comaitéirí Bhaile Átha Cliath, ailíniú táillí iarnróid Idirchathrach agus simpliú breise ar struchtúir táillí airgid i mBaile Átha Cliath.

Seirbhísí Conartha Bus agus Iarnróid

Conarthaí Dírdhámhachtana

Chuaigh conarthaí an ÚNI le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann in éag i mí na Samhna 2024. Tar éis an chinnidh conarthaí dírdhámhachtana breise a dhéanamh le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann ar feadh tréimhse cúig bliana ó mhí na Nollag 2024, chuaigh an ÚNI i mbun caibidlíochta ina dhiaidh sin leis an dá oibritheoir iompair maidir leis na conarthaí dírdhámhachtana athsholáthair, lena n-áirítear bearta chun feidhmíocht oibríochtúil a fheabhsú ar fud na gconarthaí seo. Síníodh na conarthaí seo ag deireadh mhí na Samhna agus tháinig siad i bhfeidhm i mí na Nollag

Conarthaí Tairisceana Iomaíocha

Rinneadh dul chun cinn i soláthar agus i slógadh roinnt conarthaí suntasacha le linn 2024.

Rinneadh aththairiscint ar an gconradh um Limistéar Uirbeach Seachtrach Bhaile Átha Cliath (LUSBÁC), atá á oibriú ag Go-Ahead Ireland faoi láthair, faoi thrí bhaisc, Thuaidh, Theas nó an pacáiste bealaí comhcheangailte Thuaidh agus Theas. I ndiaidh an phróisis tairisceana, aithníodh Go-Ahead Ireland mar an forthairgeoir ab fhearr agus eisíodh Litir Intinne chun conradh nua a dhéanamh go déanach in 2024, agus cuireadh tús leis an obair go gairid ina dhiaidh sin, lena n-áirítear iosta nua a aimsiú ó thuaidh de Chathair Bhaile Átha Cliath.

Bronnadh Bealach 139 ar JJ Kavanagh, atá ag cur na seirbhíse ar fáil i láthair na huaire, agus cuireadh tús leis an gconradh nua i mí Aibreáin, lena n-áirítear méadú ar mhinicíocht go seirbhís gach uair an chloig.

Reáchtáladh comórtas tairisceana le haghaidh oibriú bhealach 245x idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath i rith 2024, agus bronnadh an conradh ar Bhus Éireann.

Reáchtáladh comórtas tairisceana le haghaidh oibriú seirbhísí nua bus i bPort Laoise le linn 2024, agus bronnadh an conradh ar City Direct.

Cuireadh tús le haththairiscint seirbhísí bus i gCathair Chill Chainnigh go déanach in 2024, lena n-áirítear feabhsuithe seirbhíse ar an amchlár reatha.

Chuir an ÚNI síneadh le téarmaí roinnt conarthaí atá ann cheana féin mar seo a leanas:

- › Síneadh ar Chonradh Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath arna sholáthar ag Go-Ahead Ireland ar feadh bliana go dtí Samhain 2026.
- › Síneadh ar Chonradh le City Direct maidir le seirbhísí i gCathair Chill Chainnigh go dtí Eanáir 2025.
- › Síneadh ar Chonradh Chathair Phort Láirge arna sholáthar ag Bus Éireann ar feadh bliana go dtí Meitheamh 2026.

Cinntí OSP

I gcás ina gcuireann oibritheoir ceadúnaithe in iúl don ÚNI go bhfuil sé beartaithe acu stop a chur le hoibriú a sheirbhíse ceadúnaithe, féadfaidh an ÚNI Cinneadh OSP a dhéanamh. Is é cuspóir an Chinnidh OSP ná measúnú a dhéanamh an bhfuil gá leis an ÚNI idirghabháil a dhéanamh chun na seirbhísí ceadúnaithe seo a dhaingniú trí chonradh. Rinne an ÚNI na Cinntí OSP seo a leanas agus ghlac siad na gníomhartha seo a leanas le linn 2024:

- › Rinneadh measúnú ar Bhealach 706 a bhí ag feidhmiú ó Ghaillimh go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin agus thángthas ar an gconclúid nach raibh Oibleagáid Seirbhíse Poiblí ann chun seirbhísí nua a thabhairt isteach in ionad bhealach 706.

- › Fuarthas bealaí 410, 411 agus 412 i gCathair na Gaillimhe trí Chonradh Dírdhámhachtana Éigeandála a bronnadh ar City Direct a thosaigh ag feidhmiú i mí Dheireadh Fómhair 2024.
- › Rinneadh measúnú ar Bhealach 816 a oibríonn idir Cúl an tSúdaire – Mainistir Eimhín – Sráidbhaile Chill Dara agus fuarthas seirbhís leasaithe trí chomórtas tairisceana éigeandála Nasc Áitiúil a chuir Bealach nua 806 i bhfeidhm a oibríonn seirbhís níos minice idir Cúl an tSúdaire – Mainistir Eimhín a thosaigh ag feidhmiú i mí na Nollag 2024.

Conarthaí Dírdhámhachtana Éigeandála

Cuireadh comhaontuithe éigeandála i bhfeidhm le go soláthródh an ÚNI maoiniú OSP chun leanúint de sheirbhísí riachtanacha bus a sholáthar a raibh ceadúnas acu roimhe seo chun oibriú ar bhonn tráchtála. Chuir sé seo ar chumas seirbhísí bus riachtanacha nach raibh inmharthana ó thaobh tráchtála de leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

- › Bronnadh na Bealaí 410, 411 agus 412 i gCathair na Gaillimhe ar City Direct agus thosaigh siad ag feidhmiú i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Tábla 4 – Príomhoibritheoirí seirbhísí bus a cuireadh chun tairisceana

Oibritheoir	Bealaí atá á reáchtáil
Andrew Wharton Coach Hire	Bealach 975 idir an Cabhán agus an Longfort
Moorhill Capital Ltd	Bealach 310 i Luimneach
Finnegan Bray Ltd	Bealach 143 agus bealach 144
Bus Éireann	Bealaí W1, W2, W3, W4 agus W5 i gCathair Phort Láirge
Bus Éireann	Bealaí Comaitéireachta an Chósta Thoir 101, 101X, 131 agus 133
Bus Éireann	Bealaí CW1 agus CW2 i mBaile Cheatharlach
City Direct	Bealaí KK1 / KK2 i gCathair Chill Chainnigh
JJ Kavanagh and Sons	Bealach 139 idir an Nás agus Baile Bhlainséir
City Direct	Bealaí 410, 411 agus 412 i gCathair na Gaillimhe
City Direct	Bealaí PL1 agus PL2 i mBaile Phort Laoise

Feidhmíocht Oibritheoirí atá ar Conradh

Áirítear caighdeáin feidhmíochta i gconarthaí an ÚNI le hoibritheoirí iompair phoiblí. Tá Tuarascáil 2024 ina bhfuil sonraí faoi fheidhmíocht na n-oibritheoirí i gcoinne na gcaighdeán feidhmíochta sin foilsithe ar shuíomh gréasáin an ÚNI trí chliceáil [anseo](https://www.nationaltransport.ie/public-transport-services/public-transport-contracts/operator-performance/quarterly-performance-reports/). Foilsíonn an ÚNI faisnéis ráithiúil faoi fheidhmíocht oibritheoirí ar a shuíomh gréasáin freisin, ar féidir rochtain a fháil uirthi ag <https://www.nationaltransport.ie/public-transport-services/public-transport-contracts/operator-performance/quarterly-performance-reports/>.

Bhuail an ÚNI le hoibritheoirí go rialta i rith na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht i gcoinne na gcaighdeán feidhmíochta comhaontaithe agus chun gníomhartha feabhais a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar aon easpa feidhmíochta. Áiríodh leis seo acmhainn bhreise a chur leis chun freastal ar an éileamh breise nó an clár ama nó an t-am taistil a leasú do bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna iontaofachta de bharr infhaighteacht foirne nó méadú ar bhrú tráchta.

Forbairt Líonra

Rinneadh athbhreithniú rialta ar sheirbhísí conartha bus agus iarnróid in 2024 chun fás in úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus chun freagairt d'athruithe ar an éileamh agus d'éifeachtaí an bhrú tráchta ar sheirbhísí. I measc na bpríomhfhorbairtí líonra in 2024 bhí:

Conair Luimnigh – na Sionainne – na hInse

Mar gheall ar fheabhsú chonair Luimnigh – na Sionainne – na hInse, tugadh isteach an chéad bhealach 24 uair an chloig (343) i réigiún an Iarthair Láir a oibríonn idir Luimneach – Sionainn – Aerfort na Sionainne, seacht lá in aghaidh na seachtaine, gach 20 nóiméad le linn buaicuaireanta agus 30 nóiméad lasmuigh de bhuaicuaireanta; agus naisc iompair phoiblí áitiúla laistigh de bhaile na Sionainne a soláthar freisin. Mar aon leis sin, feabhsaíodh an bealach 330 ó Aerfort na Sionainne go hInis do phaisinéirí ar mian leo taisteal ar aghaidh go hInis agus Cora Chaitlín. Áirítear leis na feabhsuithe bealaí nua agus feabhsaithe freisin; Bealach 316, Droichead Abhann ó gCearnaigh go Sionainn agus Bealach 317, Luimneach go hInis trí Dhroichead Abhann ó gCearnaigh agus Cuinche.

Is comhoibriú idir an Roinn Oideachais agus an Roinn Iompair na bealaí nua feabhsaithe seo, le tacaíocht ón ÚNI agus Bus Éireann, agus reáchtálfar iad ar bhonn píolótach agus comhtháthú níos fearr idir líonraí iompair agus bealaí iompair scoile á thabhairt isteach.

Seirbhísí Bus Baile

Seoladh bealach nua S3 agus seirbhísí níos déanaí tráthnóna ar an S1 i mBaile Shligigh i mí na Nollag 2024. Leis an S3 cuirtear nascacht iompair phoiblí áitiúil ar fáil chuig ceantair Pháirc Ghnó Fhionnasclainn, Mhachaire Buí agus Bhóthar Dhúirle agus cuirtear naisc ar fáil le seirbhísí Bus agus Iarnróid i mBaile Shligigh. Le seirbhísí tráthnóna níos déanaí ar S1, tá líonra bus Bhaile Shligigh ar fad ag feidhmiú anois go dtí meán oíche ag tacú le geilleagar oíche an bhaile.

Bhí cur i bhfeidhm seirbhísí baile nua i bPort Laoise beagnach críochnaithe go déanach in 2024, agus iosta nua d'oibritheoirí á bhunú agus earcaíocht tiománaithe tar éis a bheith críochnaithe.

Bhí comhairliúchán poiblí ar siúl maidir le Seirbhís Bus Bhaile Leitir Ceanainn beartaithe i mí Iúil 2024.

Seoladh Athdhearadh Líonra Cheantar Bhaile Átha Cliath BusConnects

Seoladh Bealach N2 d'Athdhearadh Líonra Bus Cheantar Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair roimh sheoladh Céim 6a níos leithne. I measc na gcumarsáide a rinneadh chun an tseirbhís seo a sheoladh bhí an preas áitiúil, raidió áitiúil, na meáin shóisialta, scáthlár bus, leabhráin a thabhairt do thithe i gcomharsanacht na mbealaí nua agus gníomhaíocht ambasadóir branda.

I measc na dtionscnamh forbartha líonra eile a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2024 tá;

- › BusConnects Corcaigh – Leanadh leis an bpleanáil chun Athdhearadh an Líonra a chur i bhfeidhm.
- › BusConnects Luimneach agus Gaillimh – Cuireadh tús leis an bpleanáil chun Athdhearadh an Líonra a chur i bhfeidhm.

- › BusConnects Port Láirge – Comhairliúchán poiblí ar siúl ar na dréacht-thograí maidir le hathdhearadh an líonra i Samhradh 2024.
- › Éire a Nascadh – 45 bealach nua agus feabhsaithe in 2024.
- › Leasuithe ar bhealaí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanne acmhainne agus plódaithe ar fud an líonra; agus
- › Pleanáil do sholáthar líonraí nua bus baile i Muileann gCearr, Inis agus Leitir Ceanainn chomh maith le hobair a dhéanamh chun seirbhísí baile atá ann cheana a fheabhsú tuilleadh i Sligeach, Cill Chainnigh, Baile Átha Luain, Dún Dealgan agus Droichead Átha.

Iarnród

Thug an ÚNI agus Iarnród Éireann seirbhísí Fiontraíochta uair an chloig isteach idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste; lena n-áirítear seirbhísí a thagann isteach roimh 9am sa dá chathair. Rinneadh feabhsuithe breise ar an mbealach Baile Átha Cliath – Gaillimh, lena n-áirítear seirbhísí go luath ar maidin agus go déanach sa tráthnóna go Gaillimh, seirbhísí nua go Tulach Mhór agus seirbhísí breise ar an Domhnach. Cuireadh seirbhísí breise ar fáil freisin ar an mbealach Baile Átha Cliath – Port Láirge, lena n-áirítear seirbhís níos déanaí sa tráthnóna sa dá threo agus seirbhísí breise ar an Domhnach. Cuireadh 10 seirbhís nua ar an Satharn agus sé sheirbhís nua ar an Domhnach i ngach treo, i bhfeidhm ar líonra Comaitéirí Chorcaí ag seachadadh seirbhís chomhsheasmhach gach leathuair an chloig ar an Satharn agus gach uair an chloig ar an Domhnach.

Cuireadh seirbhísí breise leis ag roinnt stáisiún, lena n-áirítear Órán Mór, Áth Tíomóin, Mainistir Eimhín agus an tIúr, rud a fheabhsaigh nascacht sna ceantair seo. Osclaíodh stáisiún nua i gCiseog ag soláthar roghanna breise taistil do chónaitheoirí agus do chuirteoirí na ceantair. Cuireadh stad ag Droichead Broome isteach ar gach seirbhís idir Baile Átha Cliath agus Sligeach, rud a fhágann go bhfuil sé níos fusa aistriú le seirbhísí Líne Uaine LUAS.

Ar deireadh, le leathnú chabhlach na n-Iarnród Intercity, agus 41 carráiste nua curtha leis, cuireadh feabhas ar an acmhainn ar bhealaí tábhachtacha lena n-áirítear Gaillimh, Luimneach, Port Láirge, Trá Lí, agus Cathair na Mart go Stáisiún Heuston i mBaile Átha Cliath agus Sligeach go Baile Átha Cliath Uí Chonghaile.

Nasc Áitiúil TFI

Mar gheall ar an infheistíocht leanúnach i Nasc Áitiúil TFI, tríd an bPlean Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nascadh, rinneadh tuilleadh leathnú ar an líonra mar aon le méadú leanúnach ar líon na bpaisinéirí. Baineadh amach líon na dturas is airde riamh le linn 2024 le thart ar 100,000 turas sa tseachtain ar sheirbhísí Nasc Áitiúil.

B'ionann líon iomlán na dturas paisinéirí ar sheirbhísí uile Nasc Áitiúil TFI agus 5.8 milliún do 2024, méadú 33% ar na 4.35 milliún turas a rinneadh in 2023. Feictear an príomhfhas i dturais paisinéirí ar na Seirbhísí Rialta Tuaithe (SRT) le 4.7 milliún turas paisinéirí in 2024, i gcomparáid le 3.2 milliún in 2023.

Chomh maith le bealaí nua agus feabhsaithe SRT de chuid Connecting Ireland a thabhairt isteach, thug Nasc Áitiúil TFI isteach seirbhís bhaile Chluain Meala ag deireadh 2023. Tá an-tóir ar an tseirbhís baile agus is gaisce eile atá déanta ag Nasc Áitiúil TFI é, agus beagnach 240,000 paisinéir á n-iompar aici le linn 2024.

Tá tús curtha ag an ÚNI le huasghrádú a dhéanamh ar an líonra reatha de Bhealaí atá ag Freagairt don Éileamh (BFÉ) ar an gcéad ghlúin eile de sheirbhísí BFÉ Cliste, agus críochnaíodh tairiscint iomaíoch le linn 2024.

Tar éis próiseas tairisceana iomaíoch, bronnadh cúig chonradh déag nua ar aonaid chomhordaithe iompair (ACInna) chun Nasc Áitiúil TFI a bhainistiú agus a riaradh thar ceann an ÚNI chomh maith le léargas agus naisc a sholáthar don phobal áitiúil.

Seirbhísí Bus Ceadúnaithe


Tá an ÚNI freagrach as ceadúnú seirbhísí paisinéirí bus poiblí. Is minic a thugtar ‘seirbhísí bus tráchtála’ ar sheirbhísí paisinéirí bus poiblí ceadúnaithe, toisc go n-oibrítear iad gan aon fhóirdheontas poiblí ón ÚNI. Tugtar ‘ceadúnais bealaigh’ orthu freisin toisc go gceadúnaíonn an ÚNI bealaí éagsúla ina n-aonar.

Gníomhaíocht um Cheadúnú

Léiríonn Fíor 1 thíos sonraí ar obair cheadúnaithe bus an ÚNI le linn 2024.

Rinneadh 466 cinneadh in 2024.

Tábla 5 – Gníomhaíocht um Cheadúnú Busanna 2024



⁷Áirítear leis cinntí a rinneadh ar iarratais a fuarthas le linn 2023, a tugadh ar aghaidh go 2024.

*GBB – Gan Breithniú Breise

Aeráid agus Inbhuanaitheacht



Aeráid agus Inbhuanaitheacht



An chéad Straitéis Inbhuanaitheachta ÚNI foilsithe

Breis is **280** comhpháirtí Taistil níos Cliste TFI



Breis is 700


Imeacht le linn Seachtain na Rothar agus breis is 75,000 duine ag glacadh páirte iontu



Rinneadh beagnach **223,000** turas san iomlán ar Scéimeanna Fostaíochta Rothar Poiblí in 2024 (+23% ó 2023)



Ghlac **16,864** ball foirne agus mac léinn páirt i Mártatón agus Siúlóid Dheireadh Fómhair



Bronnadh Comhartha um Thaisteal níos Cliste ar **85** Eagraíocht

Ag aistriú chuig Córas Iompair níos Inbhuanaithe

Teastaíonn gníomhaíocht bhunathraithe ar fud na n-earnálacha go léir le tiomantas na hÉireann neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050. Mar an ghníomhaireacht náisiúnta chun iompar inbhuanaithe, ardchaighdeán agus inrochtana a sholáthar, tá ról suntasach ag an ÚNI maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú trí líonraí taistil ghníomhaigh a fheabhsú, iompar poiblí a leathnú agus cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú i bpleanáil iompair. Tá na hiarrachtaí seo rithábachtach chun spriocanna aeráide na hÉireann a bhaint amach agus tugann siad comhthairbhí amhail laghdú ar bhrú tráchta agus laghdú ar thruailliú aeir le himeacht ama.

Straitéis Inbhuanaitheachta an Údaráis Náisiúnta Iompair (2024 -2030)

Táimid bródúil as ár gcéad Straitéis Inbhuanaitheachta a fhoilsiú in 2024, ina leagtar amach treochlár chun tacú le spriocanna aeráide na hÉireann trí bhonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe. Tá an straitéis seo tiomanta d'astaíochtaí corparáideacha an ÚNI a laghdú 51% faoi 2030 agus soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud earnáil iompair na hÉireann. Tá 10 gcuspóir inbhuanaitheachta ardleibhéil leagtha amach againn dár n-eagraíocht. Soláthraíonn na cuspóirí seo an treoirphlean chun ár n-uaimhianta inbhuanaitheachta a bhaint amach, lena n-áirítear bonneagar taistil ghníomhaigh a leathnú, iompar poiblí sábháilte, inrochtana agus cuimsitheach a sholáthar, agus aistriú ó bhreoslaí iontaise. Tá ár straitéis ailínithe le beartais aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag leagan béime ar éifeachtúlacht fuinnimh, bithéagsúlacht, agus aistriú cóir chuig geilleagar ísealcharbóin. Tá sé mar aidhm aici dul chun cinn inmheasta a bhaint amach trí rialachas, monatóireacht agus rannpháirtíocht phobail.



Seachain agus laghdaigh



Dul i dtreo na hinbhuanaitheachta



Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú

Soghluaisteacht Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn

Laistigh den earnáil iompair, b'ionann iompar de bhóthar agus thart ar 95% d'astaíochtaí in 2023. Is ionann gluaisteáin phaisinéirí amháin agus leath de na hastaíochtaí bóthair uile. Tá sé rithábachtach aistriú chuig taisteal gníomhach agus iompar poiblí chun astaíochtaí a laghdú le himeacht ama, agus aer níos glaine agus pobail níos sláintiúla a bheith againn.

Is féidir le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar taistil ghníomhaigh ár dturais laethúla chuig an obair a athrú go suntasach agus ár lorg carbóin a laghdú go suntasach. Mar shampla, dá mbeadh gach duine in Éirinn ag rothaíocht nó ag siúl ar thurais faoi bhun 4km, d'fhéadfadh sé sin astaíochtaí iompair náisiúnta a laghdú faoi 9% de réir meastacháin. Tríd an gClár Taistil Ghníomhaigh, is é an aidhm atá againn ná go mbeidh rochtain ag gach pobal in Éirinn ar roghanna taistil ghníomhaigh.

Chun tacú le hathrú i dtreo úsáid níos mó a bhaint as iompar poiblí, ní mór seirbhísí a bheith rialta, iontaofa agus inrochtana d'úsáideoirí. Is féidir le bus dhá urlár beagnach 16 ghluaisteán a bhaint den bhóthar, rud a laghdaíonn trácht agus astaíochtaí go suntasach do gach duine. Mar an gcéanna, is féidir le traein idirchathrach aonair a thaistealaíonn thart ar 250 ciliméadar a bheith in ionad thart ar 90 turas gluaisteáin phríobháidigh agus 1.5 tonna CO₂ a sheachaint in aon turas amháin.

Taisteal níos Cliste TFI

Is clár náisiúnta um athrú iompraíochta é Taisteal níos Cliste TFI, a thacaíonn le hionaid oibre agus campas chun pleananna taistil inbhuanaithe agus gníomhacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do bhaill foirne agus do mhic léinn. Tá breis is 280 comhpháirtí sa chlár ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha. I measc na bpríomhthionscnamh a rinneadh in 2024 bhí:

An Comhartha um Thaisteal níos Cliste

Mar cheann de Chláir Pathfinder an Rialtais, bronnar an Comhartha um Thaisteal níos Cliste ar ionaid oibre agus ar champais a thacaíonn le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe ar an turas oibre agus níos faide anonn dá lucht saothair, do mhic léinn agus do chuariteoirí, rud a fhágann go laghdaítear úsáid gluaisteán in aghaidh an duine aonair. Tá tionscnaimh taistil inbhuanaithe faoi stiúir an fhostóir ríthábhachtach chun an tionchar a bhíonn ag spleáchas comhchoiteann ar an ngluaisteán mar mhodh taistil a laghdú. Tá iarratas ar an gComhartha um Thaisteal níos Cliste oscailte d'ionaid oibre agus do champais d'aon mhéid ó na hearnálacha príobháideacha nó poiblí. Ag deireadh 2024, bhí an Comhartha bronnta ar 85 eagraíocht.

Dúshlán Céime

Spreag dúshlán céimeanna an earraigh, Marchathon, agus dúshlán céimeanna an fhómhair, 'Walktober', baill foirne agus mic léinn a modh taistil a athrú ó ghluaisteáin phríobháideacha go siúl le haghaidh a dturas chuig an obair agus níos faide i gcéin. Ghlac 16,864 ball foirne agus mac léinn ó 241 eagraíocht chomhpháirtíochta um Thaisteal níos Cliste páirt sa dá dhúshlán, agus chruthaigh siad 3,670 foireann. In 2024, d'fhás an rannpháirtíocht i gcomparáid le 2023, le méadú 15% ar eagraíochtaí comhpháirtíochta, méadú 24% ar líon na bhfoirne, agus méadú 12% ar líon iomlán na rannpháirtithe. Léirigh an t-aiseolas gur shiúl 43% de na freagróirí níos mó le linn a dturas chuig an obair ar feadh Marchathon agus Walktober, agus go raibh sé ar intinn ag 45% leanúint ar aghaidh ag siúl níos mó fiú tar éis do na dúshláin a bheith thart.

Seachtain Náisiúnta na Rothar

Bhí Seachtain Náisiúnta na Rothar ar siúl ón Satharn an 11 go dtí an Domhnach an 19 Bealtaine 2024 agus rinneadh comhordú ar imeachtaí trí údaráis áitiúla agus comhpháirtíochtaí spóirt áitiúla. Chuidigh na Scoileanna Glasa le go leor de na húdaráis áitiúla le himeachtaí scoile chomh maith lena n-imeachtaí scoile féin a reáchtáil le linn Seachtain na Rothar. Bhí ionadaíocht ag gach ceann de na 31 limistéar údaráis áitiúil le linn Seachtain na Rothar. Uaslódáladh breis is 700 imeacht chuig suíomh gréasáin Sheachtain na Rothar, lena n-áirítear rothaíocht spráúil do theaghlaigh, rothaíocht i ngrúpaí, féilte rothar, paráidí rothair, oiliúint sábháilteachta rothaíochta, imeachtaí rothaíochta cothromaíochta, clinicí rothar, féilte rothar, rothaíocht i gcathracha ag am lóin, rothaíocht oidhreacht, imeachtaí rothaíochta scoile, ióga rothaíochta agus i bhfad níos mó. Ghlac breis is 75,000 duine páirt sna himeachtaí a eagraíodh ar fud an chontae.

Bealaí Sábháilte chun na Scoile

I mí an Mhárta 2021, sheol an Roinn Iompair agus an ÚNI an clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile. Tá sé mar aidhm ag an gclár bealaí siúil agus rothaíochta níos sábháilte a chruthú laistigh de phobail, brú tráchta ag geataí na scoile a mhaolú, agus líon na mic léinn a shiúlann nó a rothaíonn ar scoil a mhéadú trí áiseanna siúil agus rothaíochta a sholáthar. Ó 2021 i leith, tá 421 scoil ar fud na hÉireann páirteach sa chlár trí thráinse. Faoi dheireadh 2024, cuireadh 91 cóireáil tosaigh na scoile i gcrích, agus 63 eile ag an gcéim deartha mionsonraithe nó ag céim na tógála. Faoi dheireadh 2024, bhí páirceáil do rothair agus do scúitair curtha ar fáil do 822 scoil mar chuid den chlár Bealaí Sábháilte chun na Scoile.



Scéimeanna Cíosa Rothar Poiblí

Tá an scéim rothair réigiúnach á hoibriú ag an ÚNI ó 2014 i leith, le scéimeanna i gCorcaigh, Luimneach agus Gaillimh. Sa bhliain 2022, cuireadh scéim rothair i bhfeidhm i bPort Láirge. San iomlán, rinneadh beagnach 223,000 turas ar Scéimeanna Cíosa Rothar Poiblí in 2024, arb ionann é agus méadú 23% i gcomparáid le 2023.

Gníomhú Náisiúnta ar son na hAeráide

Tá fíis náisiúnta leagtha amach ag Éirinn maidir le haistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Caithfidh Éire astaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030, i gcomparáid le 2018. Is treochlár gníomhartha é an Plean Gníomhaíochta Aeráide bliantúil chun cur ar chumas earnálacha an sprioc seo a bhaint amach. Tá ról le himirt ag gach duine chun na huailmhianta seo a bhaint amach, agus ní mór do chomhlachtaí poiblí amhail an ÚNI dea-shampla a thabhairt chun cinn agus spriocanna náisiúnta á mbaint amach.

Astaíochtaí Iompair na hÉireann

Faoi 2030, tá sé de chúram ar earnáil iompair na hÉireann a hastaíochtaí a laghdú faoi leath, ag laghdú ó thart ar 12 mhilliún tonna de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (MtCO₂eq) go 6 MtCO₂eq. Sa bhliain 2023, b'ionann an earnáil iompair agus 21.4% d'astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa na hÉireann. Chun na spriocanna seo a bhaint amach, ní mór bearta suntasacha laghdaithe astaíochtaí a chur i bhfeidhm. Áirítear leis seo taisteal neamhriachtanach a sheachaint, aistriú chuig modhanna taistil inbhuanaithe agus éifeachtúlacht taistil mhótair a fheabhsú. Táimid tiomanta do na dúshláin seo a réiteach trí bhearta bainistíochta éilimh a chur i bhfeidhm, roghanna maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe a fheabhsú, agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar iompair phoiblí íseal-astaíochtaí.

Ár Ról i Laghdú Astaíochtaí

Mar cheannaire san earnáil phoiblí san earnáil iompair, táimid tiomanta do ghníomhú ar son na haeráide a léiriú trí bhearta laghdaithe astaíochtaí a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú go trédhearcach. Tá ár n-iarrachtaí lárnach chun tacú le sprioc na Roinne Iompair go mbeidh siúl, rothaíocht agus iompar poiblí freagrach as 50% de na turais uile faoi 2030. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh rochtain ag 70% de mhuintir cheantair thuaithe na hÉireann ar thrí sheirbhís bus laethúla ar a laghad chuig a mbailte

mórtimpeall faoi 2030. Trí thaisteal gníomhach a chur chun cinn agus aistriú chuig córas iompair ísealcharbóin, cruthóimid aer níos glaine, sráideanna níos sábháilte, agus laghdóimid brú tráchtá, rud a fheabhsóidh sláinte an phobail agus a chothóidh braistint phobail níos láidre. Táimid ag glacadh beart chun astaíochtaí a laghdú agus athrú bríoch a chur i gcrích. Mar atá leagtha amach inár Straitéis Inbhuanaitheachta, laghdóimid astaíochtaí i ngach cuid dár ngnó, spreagfaimid an t-aistriú i dtreo soghluaisteachta inbhuanaithe, agus feabhsóimid éifeachtúlacht agus feidhmíocht charbóin líonra iompair phoiblí na hÉireann.

Sainordú Gníomhaíochta Aeráide

Táimid ag obair go dlúth le hoibritheoirí iompair chun ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas agus a thuairisciú gach bliain, i gcomhréir le Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEanála Poiblí. Tá dul chun cinn láidir déanta againn maidir le gníomhartha an tSainordaithe agus tá ár n-nuashonrú is déanaí ar dhul chun cinn curtha isteach againn trí chóras Faireacháin agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFI), rud a léiríonn ár n-iarrachtaí leanúnacha chun astaíochtaí ónár n-áiseanna agus ó oibríochtaí iompair araon a laghdú. Mar a cheanglaítear leis an Mandáid, tá nuashonrú breise déanta againn ar ár dTreochlár Gníomhaíochta Aeráide le linn 2024, agus leanfar den doiciméad a nuashonrú go bliantúil. Fuair an ÚNI Deimhniú Óir sa Chomhartha um Thaisteal níos Cliste le linn 2024 agus chomhlíon siad Ciorclán 1/2020 freisin, rud a chinntíonn go ndéantar astaíochtaí ó thaisteal oifigiúil aeir a fhritháireamh de réir mar is gá.

Cabhlach Bus Uirbeach: Aistriú go Nialas

Le linn 2024, ghlac an ÚNI le 149 bus uirbeach dhá urlár ceallra-leictreach breise, rud a thugann an líon iomlán go 309, agus 10 mbus uirbeach aon urláir (fad fada) ceallra-leictreach breise, rud a thugann an líon iomlán go 55.

Le linn 2024, críochnaíodh oibreacha ar an gcéad céim de 30 gunna luchtaithe agus bonneagar gaolmhar ag iosta Bus Éireann i mBaile an Róistigh i Luimneach, rud a chuir ar chumas na chéad 34 bus ceallra-leictreach dhá urlár a chur le cabhlach bus cathrach Luimnigh Bus Éireann. Cuireadh tús freisin le hoibreacha chun an dara céim de 40 gunna luchtaithe breise a sheachadadh. Ar an gcaoi chéanna, críochnaíodh an chéad céim de ghunnaí luchtaithe ag iosta Bus Átha Cliath Bhaile Phib i mBaile Átha Cliath atá in ann tacú le hoibriú níos mó ná 80 bus ceallra-leictreach ar sheirbhísí bus chathair Bhaile Átha Cliath, agus cuireadh tús le hoibreacha chun an dara céim de 20 gunna luchtaithe a sheachadadh le linn 2024 freisin.

Rinneadh dul chun cinn freisin ar na hoibreacha ar an gcéad céim de 40 gunna luchtaithe agus ar an mbonneagar gaolmhar ag iosta Bus Átha Cliath i mBaile Anraí. Nuair a bheidh na hoibreacha uile atá ar siúl críochnaithe faoi dheireadh 2024, beidh 100 gunna luchtaithe breise ar fáil, rud a thabharfaidh an líon iomlán go 284, atá in ann tacú le hoibriú suas le 318 bus ceallra-leictreach.

Próifíl Astaíochtaí ÚNI

Léirítear san íomhá thíos na foinsí astaíochtaí a eascraíonn as an ÚNI agus ár misean á chomhlíonadh acu chun “muintir agus áiteanna na hÉireann a nascadh, trí bhonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar chomh maith le hoibriú chun an t-éileamh ar iompar a laghdú, rud a chabhraíonn le hastaíochtaí carbóin a ísliú”. Leanfaidh an ÚNI de bheith ag gabháil astaíochtaí ábhartha a eascraíonn as ár ngníomhaíochtaí, agus cuirfidh sé gníomhaíochtaí dícharbónaithe i bhfeidhm chun astaíochtaí carbóin a laghdú d’fhonn spriocanna an ÚNI agus spriocanna náisiúnta a chomhlíonadh.

Iompar Poiblí

Astaíochtaí a eascraíonn as iompar poiblí

- Úsáid breosla do gach seirbhís iompair oibleagáide seirbhíse poiblí (foinse mhór d'astaíochtaí)



- Astaíochtaí breise ó oibríochtaí cothabhála agus stórais



- Cothabháil agus leictreachas bonneagair iompair poiblí arna maoiniú ag an ÚNI (e.g. taispeántais faisnéise do phaisinéirí)



- Ticéadú (e.g. ábhair chárta Leap / ticéadú cliste).



Bus Uirbeach



Cóiste Réigiúnach



Nasc Áitiúil



Tram LUAS



Traein DART



Traein Idirchathrach agus Comaitéireachta



Bonneagair iompair inbhuanaithe a thógáil agus feithiclí móra iompair poiblí a sholáthar lena n-áirítear:

- Bonneagar um Thaisteal Gníomhach
- Clár um Éirinn a Nascadh
- BusConnects
- Luas
- MetroLink
- DART+



Earraí agus Seirbhísí Ceannaithe Eile

- Astaíochtaí a eascraíonn as
- Néalseirbhísí
 - Seirbhísí comhairleacha
 - Comhthaobhacht oideachais poiblí
 - Trealamh faoi úinéireacht i lárionaid sonraí
 - Eile

Dramhail a Ghintear trí Oibríochtaí

Astaíochtaí ó dhramhail a ghintear trí oibríochtaí (dramhail oifige)

Taisteal Gnó

Astaíochtaí a eascraíonn as fostaithe a iompar le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le gnó i bhfeithiclí atá faoi úinéireacht nó á n-oibriú ag triú páirtithe

Aer | Iarnród | Bus | Carr

Comaitéireacht Fostaithe

Astaíochtaí ó thurais fostaithe ag dul chuig agus ar ais ón áit oibre

ASTAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA



Astaíochtaí ó Leictreachas a Úsáid

Leictreachas do shócmhainní atá faoi úinéireacht nó faoi rialú díreach (oifig agus feithiclí)



Astaíochtaí ó Bhreosla a Úsáid

Úsáid breosla ó shócmhainní atá faoi úinéireacht nó faoi rialú díreach (feithiclí na foirne comhlíontachta)

Cóireáil táirgí díolta ré caite:

Diúscairt maidir le cártaí Leap agus ábhar eile de chuid an ÚNI



Ag Féachaint Amach Romhainn

De réir mar a théimid isteach in 2025, leanfaimid orainn ag cur tionscnaimh chun cinn a laghdaíonn an gá atá le turais phearsanta i ngluaisteáin, a chuireann roghanna iompair inbhuanaithe chun cinn, agus a fheabhsaíonn éifeachtúlacht agus feidhmíocht chomhshaoil na modhanna iompair atá ann cheana féin. Treoraithe ag ár Straitéis Inbhuanaitheachta, a bhfuil sé mar aidhm aici glacadh le patrúin taistil inbhuanaithe agus tabhairt isteach réitigh shoghluaisteachta nuálacha a luathú, tá sé mar aidhm ag na hiarrachtaí seo timpeallacht, sochaí agus geilleagar níos sláintiúla a chruthú don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht.

Chun ár spriocanna a bhaint amach, déanfaimid infheistíocht bhreise i mbonneagar taistil ghníomhaigh, ag soláthar bealaí nua rothaíochta agus siúil ar fud na tíre chun níos mó daoine a spreagadh chun taisteal gníomhach a roghnú. Leanfaimid orainn freisin ag leathnú ár gcabhlach busanna leictreacha agus traenacha ceallra-leictreacha ar fud na tíre, ag cur leis an dul chun cinn le déanaí chun astaíochtaí a laghdú tuilleadh agus iompar inrochtana, ísealcharbóin a sholáthar do chách.

Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach á dhéanamh, tá dúshlán ann fós. Méadóidh forbairt bonneagair agus seirbhísí iompair inbhuanaithe nua cuid an mhodha taistil inbhuanaithe, ach ní leor é seo amháin chun spriocanna astaíochtaí na hÉireann a chomhlíonadh. Tá easpa rochtana áisiúil ar iompar poiblí i gceantair áirithe lasmuigh dár gcathracha fós, agus tógann sé am nósanna taistil seanbhunaithe a athrú. Bíonn dúshlán chasta pleanála agus maoinithe i gceist le tionscadail mhóra bonneagair a sheachadadh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an méadú ar sholáthar iompair phoiblí éifeachtúil roinnt turas taistil gníomhach a dhíláithriú, toisc go bhféadfadh daoine busanna a roghnú thar rothaíocht nó siúl, mar shampla.


Éilíonn spriocanna aeráide na hÉireann infheistíocht leanúnach agus aistriú comhchoiteann i dtreo taistil inbhuanaithe. Táimid tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus iad a réiteach agus oibriú le páirtithe leasmhara chun todhchaí iompair níos glaine agus níos nasctha a thógáil. Tá comhpháirtíochtaí láidre agus comhoibriú riachtanach chun ár spriocanna soghluaisteachta inbhuanaithe fadtéarmacha a bhaint amach.

Custaiméir ar dTús



Custaiméir ar dTús

Cuarbhealach
N2 seolta



351,360

Cárta Leap do Leanaí,
do Mhic Léinn agus
d'Aosaigh Óga Eisithe



804,478

Úsáideoir Gníomhach
Aip Bhreistithe Leap

W6 Bealach
cruthaithe tríd
an W61 agus
an W62 a
chomhcheangal



Breisiú Leap
TFI, Breisiú ar
Aip méadaithe
**7% go dtí
€188.7m**

4.7 milliún

Paisinéir iompartha ar
Sheirbhísí Nasc Áitiúil
Tuaithe Rialta TFI



19 Stad
bus atá
inrochtana do
chathaoireacha
rothaí tógtha



Breis is
1 milliún
turas laethúil
paisinéirí



Chuir an ÚNI clár suntasach tionscnamh i gcrích chun feabhas a chur ar thaithí an chustaiméara in 2024 agus gach ceann acu á thacú trí fheachtais chumarsáide a ceapadh chun paisinéirí iompair phoiblí a chur ar an eolas agus iad a spreagadh chun a bheith rannpháirteach iontu. Tugann an ÚNI faoi shuirbhé bliantúil ar shásamh na gcustaiméirí a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an ÚNI. Thug na torthaí ó 2024 le fios go raibh dearcadh dearfach ag 82% díobh siúd a d'fhreagair an suirbhé i leith bhranda TFI agus mhothaigh 94% díobh siúd a d'fhreagair an suirbhé sábháilte agus iad ar bord seirbhísí iompair phoiblí.

Maidir le gníomhaíochtaí dírithe ar an gcustaiméir, is féidir léargas ginearálta de na príomhchláir agus tionscnaimh a cuireadh chun cinn le linn 2024 a fheiceáil thíos.

An Cárta Leap TFI

In 2024, leantar le dea-fheidhmiú an Chárta Leap agus cuirtear sonraí maidir le sin ar fáil sa tábla thíos.


Tábla 6 – Staitisticí an Chárta Leap

Tomhas	2024	2023	% Athrú 2024 v 2023
Cártaí Leap TFI díolta	1,187,204	1,170,505	+1%
Luach an Chreidmheasa Taistil breisithe (€m)	€273.8m	€249.5m	+10%
Luach an Chreidmheasa Taistil úsáidte (€m)	€228.7m	€210.1m	+9%
Díolachán an táirge ticéid (€m)	€34.3m	€33.7m	+2%
Turais (cé is moite de Phasanna Saorthaistil)	233.2m	207.8m	+12%
Breisiú Leap TFI Breisiú ar Aip (€m)	€188.7m	€161.2m	+7%

Cárta d'Aosaigh Óga & do Mhic Léinn

I mí Eanáir 2024, tháinig méadú ar an aois uasta d'úsáideoirí an Chárta Leap d'Aosaigh Óga ó 23 go 25 bliana d'aois.

Eisíodh 351,360 Cárta do Leanaí, do Mhic Léinn agus d'Aosaigh Óga san iomlán in 2024.




Aip Breisithe Creidmheasa Leap

In 2024 bhí líon na n-úsáideoirí gníomhacha is airde riamh ann le 804,478 úsáideoir gníomhach. Spreagadh an méadú seo le feachtas fógraíochta lena gcuirtear an aip bhreisithe Leap chun cinn i mí na Samhna agus i mí na Nollag.

Táille 90 nóiméad TFI (90 TFI)

I mí na Nollag, léiríodh le taighde a rinne Ipsos B&A gur thuairiscigh breis is 80% de shealbhóirí Cárta Leap i gceantar Bhaile Átha Cliath gur bhain siad tairbhe as an gcumas aistriú saor in aisce idir seirbhísí TFI le táille 90 TFI, méadú de 12% ó mhí Eanáir 2024. Thug 64% díobh siúd a d'fhreagair an suirbhé le fios go raibh turais iompar poiblí breise déanta acu mar gheall ar infhaighteacht táille 90 TFI. I rith na bliana, rinneadh táille 90 TFI a chur chun cinn ar fud Bhaile Átha Cliath, taobh istigh agus taobh amuigh de sheirbhísí TFI agus ar fud spáis fógraíochta ar líne agus sráide.



Táillí a Shocrú

I mí an Mheithimh 2024, seoladh céim a 1 de Tháillí an ÚNI a Shocrú, agus áiríodh sna hathruithe bunráta baile nua de €1.50 ar sheirbhísí baile bus réigiúnacha. Tacaíodh leis an gcéim seo le gníomhaíochtaí chumarsáide, lena n-áirítear cártaí táillí uasdátaithe, fógraíocht ar líne agus póstaer a chruthú.

Feachtas Faisnéise do Chustaiméirí maidir le Táillí Tacsáí

Chuir an ÚNI feachtas faisnéise do chustaiméirí ar tháillí tacsáí i bhfeidhm in 2024. Leis an bhfeachtas, a cuireadh ar bun ar na meáin shóisialta agus ar an raidió, cuireadh paisinéirí ar an eolas maidir leis an gcaoi a ríomhtar a dtáille tacsáí chomh maith lena gcearta custaiméirí gaolmhara. Tá an feachtas ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚNI

Líonra TFI a mhargú

I rith 2024, chuir an ÚNI roinnt tionscnamh i bhfeidhm chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú. Tacaíodh le gach ceann acu seo trí fheachtas cumarsáide chun cabhrú le custaiméirí iompair phoiblí a bheith ar an eolas.

Feachtas um Líonra TFI

I rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa, chuir an ÚNI feachtas feasachta um líonra TFI ar bun. Áiríodh leis an bhfeachtas fógraí físe ar fud na meán sóisialta, na fuaime digiteach, ar líne, ar YouTube agus sa phreas.



Líonra BusConnects a Athdhearadh i mBaile Átha Cliath

I mí Mheán Fómhair 2024, seoladh Cuarbhealach N2 mar chuid de Líonra BusConnects a Athdhearadh i mBaile Átha Cliath. Tacaíodh leis an seoladh le fógraíocht ar líne, ar an raidió agus sa phreas áitiúil chomh maith le feachtas dírithe ar na meáin shóisialta

I mí na Samhna, rinneadh bealaí W61 agus W62 a chomhcheangal chun bealach comhaontaithe W6 a chruthú, lena dtairgtear naisc iompair phoiblí fheabhsaithe ar phríomhcheantair lena n-áirítear Maigh Nuad, Cill Droichid, Teach Sagard agus Tamhlacht. Tugadh tacaíocht leis an bhfeabhsú seo freisin trí fheachtas cumarsáide inar áiríodh ambasadóirí branda, bileoga eolais agus feachtas fógraíochta dírithe ar na ceantair a bhfreastalaítear orthu.

Cárta/Suaitheantas “Tabhair Suíochán Dom, Le Do Thoil” (TSD)

I mí Iúil agus i mí Lúnasa, cuireadh an tionscnamh um chárta agus suaitheantas ‘Tabhair Suíochán Dom, Le Do Thoil’ chun cinn. Le teachtaireacht an fheachtais ‘Ní Gá Míniú a Thabhairt’ dirítear ar dheis a thabhairt do phaisinéirí a bhfuil faoi mhíchumas dofheicthe nó a bhfuil tinneas ceilte orthu a riachtanas le haghaidh suíocháin a chur in iúl go discréideach trí úsáid a bhaint as suaitheantas nó cárta TFI ‘Tabhair Suíochán Dom, Le Do Thoil’. Áiríodh san fheachtas fógraí d’íomhá agus d’fhíseán ar na meáin shóisialta, ar thaispeántais dhigiteacha, ar fhíseán ar éileamh, ar bord spás an oibreora agus ar scáthláin bus.



We're Transport for Ireland.
We're transport for you.

Across the TFI Network, we respect difference and diversity. So, let's celebrate what makes us unique – and together, we can make public transport a pleasant place for everyone.


To plan your journey, visit transportforireland.ie









Excuse me, is it ok if I sit down? ~~Yes,~~

~~I know I look okay. But I'm in pain.~~

~~My joints are swollen. I've no balance.~~

~~Standing hurts. I need to sit.~~

~~I just don't have much energy today.~~

~~I'd love to be able to explain but my~~

~~body really is so tired.~~

Please offer me a seat
TFI

For passengers with hidden disabilities and other conditions, our badge does the talking.

Find out how to get one at transportforireland.ie

TFI

Cuimsitheacht

I mí Mheán Fómhair, chuir an ÚNI a fheachtas um ‘Chuimsitheacht’ ar bun chun a chur in iúl don phobal gur spás cuimsitheach atá i gceist le líonra iompair phoiblí TFI ina gcuirtear fáilte roimh an éagsúlacht agus ina ndéantar sin a cheiliúradh. I measc na meán cumarsáide don fheachtas seo áirítear an fhuaim dhigiteach, na meáin shóisialta, agus an spás d’oibreoirí agus do scáthláin bus.

Meas ar an bhFoireann

I ráithe 4 de 2024, chuir an ÚNI a fheachtas bliantúil ‘Meas ar an bhFoireann’ ar bun chun spreagadh a thabhairt do phaisinéirí meas a léiriú ar thiománaithe agus ar an bhfoireann iompair phoiblí. I measc na meán cumarsáide don fheachtas seo áirítear an fhuaim dhigiteach, na meáin shóisialta, agus an spás d’oibreoirí agus do scáthláin bus.

Treoir maidir le Scútar Leictreach

I mí Dheireadh Fómhair, tugadh treoir nua isteach lenar cuireadh cosc ar scútar leictreacha a iompar ar bord seirbhísí TFI. Forbraíodh feachtas faisnéise chun a chinntiú go bhfuair custaiméirí réamhfhógra ar an méid seo. Chuaigh an feachtas beo ar an bhfuaim dhigiteach, ar na meáin shóisialta, i spás d'oibreoirí agus scáthláin bus.




TFI TRANSPORT FOR IRELAND

**We're Transport for Ireland.
We're transport for 1 million
journeys a day.**

To everyone who has travelled by bus, train and tram, we say 'thanks a million' as the TFI Network proudly celebrates an average of **1,000,000 journeys a day**.

Visit transportforireland.ie

Bus Éireann Bus Átha Cliath Dublin Bus GoAhead Iarnród Éireann Luas TFI



TFI TRANSPORT FOR IRELAND

**Fógra Tábhachtach
Important Notice**

Toirmeasc ar ríomh-Scútaranna ar GACH seirbhís iompar d'Éirinn ón 7th Deireadh Fómhair

E-scooters are not allowed on board TFI services from 7th October

**Cosc ar scútar leictreacha ar bord.
No e-scooters allowed on board.**

Bus Éireann Bus Átha Cliath Dublin Bus GoAhead Iarnród Éireann Luas TFI

1 Mhiliúin Turas Laethúil Paisinéirí

I mí Dheireadh Fómhair, chun breis is 1 mhilliún turas laethúil paisinéirí soláthartha a cheiliúradh, rinne an ÚNI feachtas a reáchtáil chun buíochais a ghabháil le custaiméirí iompair phoiblí. B'ionann an churiarracht nua le haghaidh an líon turas laethúil agus méadú de 12% i gcomparáid leis an am céanna in 2023. Áiríodh san fheachtas dar teideal 'Feachtas Míle Buíochas' fógraíocht a cuireadh ar na meáin shóisialta, ar an raidió agus ar chainéil fhíse ar éileamh.

TFI TRANSPORT FOR IRELAND

The TfI Network works later than you think.

The Transport for Ireland network offers a range of **evening and night-time services**. (Each region can then add their specific services).

To plan your journey, visit transportforireland.ie

SAVE UP TO 30%* when you use your TfI Leap Card.

For applicable services

Logos: Bus Éireann, One Bus One Ticket Bus, GoAhead, Intrepid, Metro, LUAS

Tionscnamh an Gheilleagair Oíche (TGO)

Ó mhí na Samhna i leith, chun tacú le Tionscnamh an Gheilleagair Oíche, chuir an ÚNI, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Iompair agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, feachtas feasachta ar bun chun seirbhísí TFI tráthnóna agus oíche a chur chun cinn. Forbraíodh an feachtas, dar teideal “Bíonn Líonra TFI i bhFeidhm níos déanaí ná mar a shíleann tú” i gcomhar le comhairleoirí an gheilleagair oíche i gceantair phíolótacha lena n-áirítear Baile Átha Cliath, Corcaigh, Sligeach agus níos mó. Áiríodh fógraíocht ar na meáin shóisialta, le póstaer agus ar an raidió leis an gníomhaíocht promóisin.

Nollag TFI

I mí na Nollag, reáchtáladh feachtas ar an raidió, ar na meáin shóisialta, ar an tsráid agus ar bord feithiclí chun sceidil seirbhíse TFI a chur i gcuimhne do dhaoine le linn shéasúir na Nollag.

Nasc Áitiúil TFI

Baineadh cloch mhíle nua amach le Nasc Áitiúil TFI agus 100,000 paisinéir a iompar gach seachtain ar fud an líonra idircheangailte ollmhór. Cuidíodh leis an bhfás seo a thiomáint trí roinnt nithe a sheoladh agus trí fheachtais chumarsáide:

- › An Feachtas 'I bhFad ní ba Ghéire'
- › Feachtais um Sheirbhísí Tráthnóna & Deireadh Seachtaine
- › Feachtas um Choláistí a Nascadh
- › Feachtas um Shlí an Atlantaigh Fhiáin
- › Feachtas um 100,000 Paisinéir

In 2024, rinne an ÚNI taighde maidir le feasacht branda, lenar léiríodh go bhfuil 84% de dhaoine ar an eolas faoi bhranda Nasc Áitiúil TFI ar bhonn náisiúnta, ag ardú go 91% i gceantair thuaithe na hÉireann.

TFI TRANSPORT FOR IRELAND

Thank Festive It's Christmas!


Logos: Bus Éireann, One Bus One Ticket Bus, GoAhead, Intrepid, Metro, LUAS

Suíomhanna gréasáin an ÚNI


Ar fud an 4 shuíomh gréasáin de chuid an ÚNI, tháinig méadú de 26% ar líon na n-amharc leathanaigh in 2024 i gcomparáid le 2023.

Ina theannta sin, rinneadh feabhsuithe ar roinnt dár leathanaigh ghréasáin, lena n-áirítear;


- › Athdhearadh a dhéanamh ar leagan amach an tsuímh ghréasáin agus an leathanaigh bhaile
- › Nua – Ceisteanna Parlaiminte
- › Nua – Clár Infheistíochta um Páirceála & Taisteal (P&T)
- › Athdheartha: Rannóg an Chláir Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach
- › Oifig an Chláir um Chaipiteal Feabhsaithe– Treoirlínte Bonneagair




TransportforIreland.ie



NationalTransport.ie



Leapcard.ie



Busconnects.ie

Teagmháil le Custaiméirí

In 2024, lean an fhoireann um theagmháil le custaiméirí de thacaíocht a thabhairt do phaisinéirí trí mheascán d'fhoirmeacha gréasáin a úsáid agus freagraí ríomhphoist a thabhairt go díreach. Leis seo cuireadh féinriar chun cinn agus spreagtar úsáid a bhaint as Turas a Phleanáil, aip TFI-Beo, naisc amchláir agus leathanaigh 'Tar i dTeagmháil Linn' ar ár n-ardáin ar líne, agus ag an tráth céanna cuirtear roghanna le haghaidh tacaíocht a fháil go díreach agus gearú cuí ar fáil, de réir mar is gá.

Príomhchatagóirí fiosrúcháin agus/nó gearán in 2024 a bhaineann le:

- › Saincheisteanna Seirbhíse: Faisnéis Beo do Phaisinéirí, poncúlacht agus iontaofacht
- › Saincheisteanna Oibritheora: Fadhbanna tiomána agus an caidreamh idir tiománaí/paisinéir
- › Sceidealú: Saincheisteanna na mbealaí nua, moltaí le haghaidh na seirbhísí nua/aiseolas ar na bealaí agus na cláir ama reatha.

Ionad um Theagmháil le Custaiméir Comhdhlúite TFI (ITCC)

Le tionscadal an ITCC tugtar na bealaí teagmhála don líonra TFI le chéile i seirbhís tiomnaithe amháin um chúram do chustaiméirí. Leis seo beidh custaiméirí in ann teacht i dteagmháil linn maidir le saincheisteanna, eolas a lorg agus gearáin a dhéanamh. In 2024, chuir an ITCC tús le hoibríochtaí na chéad chéimeanna trí dhul i ngleic le fiosrúcháin seirbhíse oibleagáide poiblí de chuid Bhus Éireann ón 17 Meán Fómhair 2024 agus de chuid Iarnród Éireann an 15 Deireadh Fómhair 2024. Cuireadh Bus Átha Cliath leis sin an 3 Nollaig 2024. Leanfar ar aghaidh chun Go Ahead Ireland, Luas, agus an ÚNI corparáideach a chur leis in 2025.

Stadanna / Bánna Bus atá inrochtana do Chathaoireacha Rothaí

Le linn 2024, tugadh obair thógála ar 19 stad bus atá inrochtana do chathaoireacha rothaí chun críche, lena n-áirítear láithreacha i gcontae an Chláir, i dTiobraid Árann, i Muineachán, i Luimneach, i gcontae Laoise agus i gCorcaigh. Tugadh bánna bus atá inrochtana do chathaoireacha rothaí agus uasghrádú ar thimpeallacht na stáisiún bus seachtrach chun críche i gCorcaigh agus in Inis agus chuaigh na ceithre shuíomh eile i Maigh Chromtha, Cluain Meala, Longfort agus Busáras tríd phróiseas an deartha.

Inrochtaineacht Inmheánach Stáisiúin Bus a Uasghrádú

Tar éis cás gnó um chlár na stáisiún bus a fhormheas go luath in 2024, lean Bus Éireann de bheith ag forbairt na ndearaí don chéad ghrúpa stáisiún atá le huasghrádú cothrom leis na caighdeáin inrochtaineachta inmheánacha riachtanacha. Is iad Sligeach, Port Láirge, Baile Átha Luain agus Corcaigh na suíomhanna le tús áite i dtosach báire.

Stáisiúin Iarnróid

D'fhormheas Bord an ÚNI cás gnó Iarnród Éireann chun gach stáisiún ina chlár a thabhairt cothrom leis na caighdeáin inrochtaineachta reatha.

Osclaíodh ardaitheoirí agus droichid atá inrochtana do chathaoireacha rothaí don phobal in Oileán Beag agus i mBeanntraí, Co. Chorcaí. Cuireadh tús freisin le hoibreacha inrochtaineachta lena n-áirítear ardaitheoirí agus droichid ag Ráth Mhór, Maigh Nuad, Baile Átha Í agus Ráth Droma in 2024

Ionad Treochomharthaíochta Vision Ireland

D'fhorbair Vision Ireland (NCBI roimhe seo) ionad oiliúna um iompar ar Bhóthar Gharraithe na Lus i mBaile Átha Cliath. Rinne an ÚNI an tionscadal seo a mhaoiniú go páirteach a osclaíodh go hoifigiúil go luath in 2024.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara



Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara



186 Iarratas
faighte faoin
Acht um
Shaoráil
Faisnéise




12
Comhairliúchán
poiblí arna gcuidiú
ag an ÚNI



93 Mír
nuachta
foilsithe



222
Doiciméad
foilsithe



3,918
Fiosrúchán
faighte ag Aonad
Idirchaidrimh an
Oireachtais



756
Ceist Parlaiminte
faighte ag Aonad
Idirchaidrimh an
Oireachtais



74
Preasráiteas
Eisithe



13 Imeachtaí
meáin

Bíonn an ÚNI i mbun oibre le go leor páirtithe leasmhara agus bliain eile thar a bheith gnóthach ar an taobh sin de a bhí i gceist le 2024. Sa chuid seo, leagtar sonraí amach maidir le méid Rannpháirtíochta an Údaráis leis na Páirtithe Leasmhara.

Grúpa Comhairleach um Úsáideoirí Iompair (GCÚI)

Bunaíodh Grúpa Comhairleach um Úsáideoirí Iompair an ÚNI (GCÚI) i mí Feabhra 2022. Tháinig an GCÚI le chéile ceithre huaire in 2024 agus rinne siad cur i láthair do Bhord an ÚNI. Leanann an grúpa de bheith ag tabhairt aiseolais ar thionscadail, cláir, ceannacháin agus dearáí atá beartaithe ag an ÚNI. Áirítear san GCÚI ionadaithe ó réimse úsáideoirí an chórais iompair phoiblí, bonneagar taistil ghníomhaigh ar fud na tíre agus áirítear ionadaíocht ó dhaoine atá faoi mhíchumas agus daoine atá níos sine. Leis an rannpháirtíocht seo cuirtear réimse leathan de thuairimí ar fáil don ÚNI ó úsáideoirí seirbhíse agus ó pháirtithe leasmhara eile araon.

Saoráil Faisnéise (SF), Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC), agus Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid (FEPA)

Fuarthas 181 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 [SF] agus cúig iarratas faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) [RFC]. San iomlán, bhí 186 iarratas ar SF agus ar RFC ann in 2024, laghdú beag de 2% i gcomparáid le 2023. Rinneadh 186 iarratas ar SF agus seacht n-iarratas ar RFC san iomlán i rith na bliana a shocrú.

Ar shuíomh gréasáin an ÚNI, foilsímid sonraí agus taifead nochta um SF/RFC lena dtugtar sonraí faoi iarratais neamhphearsanta RFC agus SF in 2024.

Oifig an Ombudsman

Le linn 2024, chuir an tOmbudsman 23 cás ar aghaidh chuig an ÚNI ag lorg freagra ar ghearáin agus ar cheisteanna a d'ardaigh baill den phobal leis an Oifig sin. Faoi dheireadh 2024, níor seasadh le ceann ar bith de na gearáin seo.

Comhairliúcháin

Bhí 12 chomhairliúchán phoiblí ann in 2024:

Tábla 7 – Liosta Comhairliúchán Poiblí

Comhairliúchán	Dáta Oscailte	Dáta Deiridh	Líon na n-aighneachtaí
Leasú ar Bhealach Bus 187	26.03.2024	15.04.2024	46
Leasú ar Bhealach Bus 343	18.04.2024	09.05.2024	77
Leasú ar Bhealach Bus 233	23.04.2024	13.05.2024	66
Leasú ar Bhealach Bus 370	29.04.2024	20.05.2025	61
Comhairliúchán Poiblí maidir leis na Rialacháin um Chlampáil	28.06.2024	19.07.2024	2
Comhairliúcháin Phoiblí um Thacsaí – Athbhreithniú Náisiúnta ar an Uastáille Tacsaí 2024	04.07.2024	16.08.2024	617
Dréacht-Líonra Bus Nua BusConnects Phort Láirge	08.07.2024	16.08.2024	297
Seirbhís Bus Bhaile Leitir Ceanainn	17.07.2024	14.08.2024	26
Measúnú Comhshaoil agus Líonra Nuashonraithe CycleConnects	27.09.2024	25.10.2024	29
Comhairliúchán um Éirinn a Nascadh Deireadh Fómhair 2024	18.10.2024	15.11.2024	89
Comhairliúchán um Sheirbhís Bus Ghuaire – Loch Garman	02.12.2024	06.01.2025	4
Togra le haghaidh fodhlíthe a dhéanamh lena leasaítear Fodhlíthe an Údaráis Náisiúnta Iompair (Seirbhísí Poiblí Iompair Paisinéirí) 2019 I.R. Uimh. 273 de 2019	27.11.2024	08.01.2025	0

Cruinnithe le Pobail Áitiúla agus le hÚdaráis Áitiúla

D'fhreastail an ÚNI ar roinnt imeachtaí Pobail Áitiúil agus ar chruinnithe le húdaráis áitiúil maidir lena ról agus a phleananna i leith iompair phoiblí. I measc cuid de na himeachtaí agus na cruinnithe ar freastalaíodh orthu áirítear;

- › Líonra BusConnects Phort Láirge a Athdhearadh
- › Comhairle Cathrach Chorcaí
- › Coiste um Beartais Straitéiseacha Iompair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- › Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- › Comhairle Contae na Gaillimhe
- › Comhairle Contae Chill Dara
- › Tograí le haghaidh seirbhíse bus Bhaile Leitir Ceanainn
- › Comhairle Contae na Mí
- › Contae Bhaile Átha Cliath Theas
- › Comhairle Contae Chill Mhantáin

An Phreasoifig/ Na Meáin

D'fhoilsigh an ÚNI 93 mír nuachta, d'eisigh siad 74 preasráiteas agus thug siad faoi 13 imeacht meán in 2024.


Foilseacháin

D'fhoilsigh an ÚNI 222 doiciméad san iomlán in 2024 idir a shuíomh gréasáin agus a thairseach le haghaidh comhairliúcháin phoiblí.

Aonad um Idirchaidreamh an Oireachtais

Le feidhm Idirchaidrimh an Oireachtais tá freagracht ann as gach fiosrúchán a fhaightear ó ionadaithe tofa, ón Roinn Iompair agus ó údaráis áitiúla a bhainistiú, a chomhordú agus a fhreagairt. Tháinig fás suntasach de 29% in 2024 i gcomparáid le 2023 i dtéarmaí líon na gcásanna a próiseáladh. Fuair Aonad um Idirchaidreamh an Oireachtais 3,918 fiosrúchán in 2024, lena n-áirítear 756 Ceist Pharlaiminteach;

Uimhir 1 - Cásanna Idirchaidrimh an Oireachtais 2017 - 2024



Coistí an Oireachtais

D'fhreastail an ÚNI ar thrí chruinniú de chuid Choiste an Oireachtais in 2024, agus tá sonraí fúthu thíos;

Tábla 8 - Cruinnithe Choiste an Oireachtais

Ionadaí/Ionadaithe an ÚNI	Dáta	Ócáid
POF; Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Poiblí; Stiúrthóir Rialála Iompair	17/04/2024	Comhchoiste um Chúrsaí Míchumais
POF; Leas-POF; Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Poiblí; Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha	02/05/2024	An Coiste um Chuntais Phoiblí
POF; Leas-POF; Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Poiblí	10/07/2024	Comhchoiste um Iompar agus Cumarsáid

Bonneagar Iompair



Bonneagar Iompair

Iarratas ar Ordú Iarnróid curtha isteach le haghaidh DART+ an Chósta Thuaidh



79 Suíomh feistithe le réitithe um shoilsiú grianchumhachtaithe



Breis is **500** Cuaille de bhranda TFI suiteáilte



Na chéad bhusanna leictreacha dhá urlár i bhfeidhm i Luimneach




Iarratas ar Ordú Iarnróid curtha isteach le haghaidh Luas Fhionnghlaise



195 Scáthlán bus nua ar fud na tíre



Carráistí nua DART seachadta i mí Dheireadh Fómhair 2024



3,400 Stad a ghlantar agus a chothaítear gach mí

110 Bus leictreach curtha i bhfeidhm ag BusConnects Bhaile Átha Cliath



€321 Milliún i maoiniú d'údaráis áitiúla in 2024 le haghaidh Taistil Gníomhaigh



Tograí le haghaidh áise P&T nua ag Áth na bhFuinseog/Ráth Naoi

Lean an ÚNI de bheith ag infheistiú i dtionscadail bhonneagair iompair ar fud an stáit. Sa chuid seo, leagtar amach cuid de na príomhchláir agus na tionscadail a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2024.

Buaicphointí pleanála an Bhonneagair Iompair:

- › D'fhormheas an Bord Pleanála iarratas ar Ordú Iarnróid le haghaidh DART+ Thiar agus Thiar Theas;
- › Cuireadh iarratas ar Ordú Iarnróid faoi bhráid an Bhoird Pleanála le haghaidh DART+ an Chósta Thuaidh;
- › Cuireadh iarratas ar Ordú Iarnróid faoi bhráid an Bhoird Pleanála le haghaidh Luas Fhionnghlaise;
- › Cuireadh cáipéisíocht an Ordaithe Iarnróid don chlár Metrolink faoi bhráid an Bhoird Phleanála i mí Mheán Fómhair 2022; tugadh faoi dhá bhabhta de chomhairliúcháin phoiblí reachtúla, tugadh an chéad cheann chun críche go luath in 2023 agus tugadh an dara ceann chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tionóladh éisteacht ó bhéal idir Feabhra agus Márta 2024.
- › Na chéad bhusanna leictreacha dhá urlár i bhfeidhm i Luimneach.
- › In 2024, tar éis tar éis ceadú scéime a fháil don chéad cheann de 12 Chonair Bus Lárnach Bhaile Átha Cliath BusConnects, tá cead faighte chun naoi gcinn eile a thógáil ón mBord Pleanála.

Clár DART+

Clár claochlaitheach de thionscadail atá i gceist le Clár DART+ a bhfuil sé mar aidhm leis seirbhísí iarnróid reatha i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (MCBÁC) a nuachóiriú agus a fheabhsú. Cuirfear seirbhís iarnróid inbhuanaithe, iontaofa agus níos minice ar fáil leis, rud lena ndéanfar an toilleadh a fheabhsú agus na conairí iarnróid a fhreastalaíonn ar Bhaile Átha Cliath a leictriú. Rinneadh dul chun cinn breise ar phleanáil agus ar dhearadh gach gné den Chlár DART+ in 2024. Áirítear leis an gClár DART+ na nithe seo a leanas:

- › **Tionscadal DART+ an Iarthair**– Cuireadh an t-iarratas ar Ordú Iarnróid (OR) do thionscadal DART+ an Iarthair faoi bhráid an Bhoird Phleanála (ABP) i mí Iúil 2022, agus i mí Iúil 2024 d'eisigh ABP a bhreithiúnas lena bhformheastar d'Iarnród Éireann dul chun cinn a dhéanamh ar an obair ar leictriú, athchomharthaíocht, rianta, agus an obair ar an stáisiún atá riachtanach ionas go mbeidh seirbhísí DART leictirithe in ann an líne iarnróid ó lár chathair Bhaile Átha Cliath go Maigh Nuad a chur i bhfeidhm. Rinneadh dhá athbhreithniú breithiúnach a thaisceadh chun na hArd-Chúirte i gcoinne an ordaithe um iarnród (OI) ceadaithe in 2024 atá faoi athbhreithniú faoi láthair agus táthar ag súil le toradh in 2025. Níor ceadaíodh an tsaoráid nua stórais laistigh den OI, atá suite siar ó Mhaigh Nuad, a raibh sé beartaithe freastal ar an bhflít nua DART+ leis, agus tá ABP tar éis iarratas nua ar OI a dhéanamh i leith an stórais a chuirfear chun cinn in 2025.



- › **Tionscadal DART+ Iardheisceart**– Cuireadh iarratas OI faoi bhráid ABP i mí an Mhárta 2023 don tionscadal DART+ Iardheisceart. I mí na Samhna 2024, rinne ABP formheas a eisiúint chun an obair riachtanach ar fad a chur chun cinn ionas go bhféadfadh seirbhísí DART leictrithe feidhmiú ar an líne – leictriú, athchomharthaíocht, rian breise a shuiteáil (go ceithre rian) idir Stáisiún Heuston agus An Pháirc Thiar/Gort na Silíní), stáisiún nua ag iarthar Stáisiún Heuston, agus oibreacha éagsúla eile.
- › **Tionscadal DART+ an Chósta Thuaidh** – Cuireadh iarratas ar OI isteach le haghaidh DART+ an Chósta Thuaidh i mí Iúil 2024 agus tá sé faoi bhráid ABP le haghaidh cinnidh.
- › **Tionscadal DART+ an Chósta Theas**– Tá obair dhearaidh ar bun faoi láthair ar thionscadal DART+ an Chósta Theas, chun planáil a dhéanamh chun leibhéal seirbhíse DART idir Bré agus na Clocha Liatha a fheabhsú. Cuireadh tús le hoibreacha deartha breise chun indéantacht seirbhíse DART gach uair an chloig a fheidhmiú go baile Chill Mhantáin a shuí ag baint úsáide as tacair traenach ceallraí-leictreacha a d'fhéadfadh feidhmiú feadh na coda neamhleictrithe idir na Clocha Liatha agus Cill Mhantáin.
- › **Tionscadal Flít DART+**– Seachadadh na chéad charráistí DART nua i mí Dheireadh Fómhair 2024 le haghaidh tástála agus coimisiúnaithe, sular rinneadh iad a imscaradh. Táthar ag súil go rachaidh an chéad bhaisc de 65 carráiste traenach ceallra-leictreacha i mbun seirbhíse ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Droichead Átha in 2026.
- › **Tionscadal um Bonneagar Luchtaithe DART+** – Chun go mbeifear in ann traenacha DART a rolladh amach go Droichead Átha, tá bonneagar luchtaithe ceallraí-leictreach nua á fhorbairt ag stáisiún Dhroichead Átha. Leis seo beidh traenacha DART in ann feidhmiú ar chumhacht ceallraí idir Mullach Íde agus Droichead Átha, sula síneofar sreanga leictreacha lasnairde amach anseo. Bhí oibreacha tógála ar bun in 2024, agus glactar leis go ndéanfar an bonneagar nua a choimisiúnú in 2025.



Clár Iarnróid Comaitéireachta Cheantar Chorcaí

Le hIarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí (ICCC) cuirfear méadú ar thoilleadh agus minicíocht na dtraenacha ar fáil, lena n-eascrófar pobail atá níos nasctha agus lena gcuirfear líonra iompair níos inbhuanaithe ar fáil. Is ionann an clár agus an infheistíocht is mó dar rinneadh riamh i líonra iarnróid Chorcaí.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar roinnt gnéithe den chlár in 2024. Ag Stáisiún Cheannt, Corcaigh, rinneadh dul chun cinn suntasach ar na hoibreacha ar ardán breise. Bronnadh an príomhchonradh oibreacha sibhialta le haghaidh rian dúbailte ó Ghleanntán go Mainistir na Corann agus chuir an conraitheoir tús le hoibreacha láithreáin a ghlanadh agus claítheoireachta. Rinneadh dul chun cinn freisin ar an obair chun an bonneagair comharthaíochta agus cumarsáide a uasghrádú i gceantar Chorcaí le claiseanna nua a shuiteáil taobh riain agus an bonneagar nua a shamhaltú.

Ina theannta sin, bronnadh conradh comhairleora chun na dearaí le haghaidh na nithe eile den chlár a chur chun cinn. In 2024, tugadh a fhoireann deartha le chéile agus cuireadh tús le roinnt athbhreithnithe ar dhearadh mar ullmhúchán do chomhairliúchán poiblí ar roghanna na tosaíochta in 2025.

Stáisiúin Iarnróid

› **Pointe Aistrithe Iompair Stáisiún Uí Cholbáird, Luimneach**

Is nód iompair ríthábhachtach i réigiún Iarthar Láir na hÉireann é Pointe Aistrithe Stáisiún Uí Cholbáird. Ba é cuspóir an tionscadail seo áis phointe aistrithe nua agus feabhsaithe a fhorbairt ag an stáisiún. Cuireadh aistriú céimnithe na n-áiseanna nua chuig na hoibreoirí bus agus iarnróid i gcrích in 2024, agus tá an pobal ag baint leasa anois as an bhfeabhas a cuireadh ar oifigí na dticéad, na leithris, plás na mbusanna, na limistéir tuirlingthe agus an pháirceáil.



› **Athfhorbairt ar Stáisiún Cheannt, Gaillimh**

Infheistíocht shuntasach atá i gceist le Tionscadal um Stáisiún Cheannt a athfhorbairt, tairseach iompair chuig cathair na Gaillimhe agus an réigiún níos leithne in iarthar na hÉireann. Áirítear leis an tionscadal díon halla na traenach reatha a ionadú, ardáin nua a thógáil, chomh maith le bealach isteach theas nua agus áiseanna nua-aimseartha do chustaiméirí a thógáil. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2024, lena n-áirítear díon seanhalla na traenach a bhaint, tús a chur le dúshraith an dín nua a thógáil, lóistín le haghaidh na foirne a dhéanamh de chró le haghaidh seaninneall, agus dúshraith do thrí ardán nua a chríochnú.

› **Stáisiún Sruthán na Coille**

Tá stáisiún DART nua á thógáil idir Bré agus Seanchill chun nascacht iompair phoiblí a fheabhsú agus chun forbairt inbhuanaithe i gceantar Shruthán na Coille-Sheangánaí a thacú. Cuireadh tús le hoibreacha ar an láthair in 2023 agus leanadh ar aghaidh leo le linn 2024 agus an phríomhobair ag druidim chun deiridh. Táthar ag súil go n-osclófar an stáisiún i mí Lúnasa 2025.

› **Stáisiún na Ciseoige a oscailt**

Mar chuid de Thionscadal Bhealach Chill Dara (TBCD), rinneadh sraith feabhsuithe bonneagair idir stáisiún Inse Chór agus Acomhal Bhaile na Silíní ar an líne ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh, lena n-áirítear Stáisiún na Ciseoige a sholáthar. Tugadh oibreacha chun Stáisiún na Ciseoige a athchóiriú le haghaidh seirbhís paisinéirí i gcrích i mí Lúnasa 2024. Freastalaítear anois ar sheirbhísí comaitéireachta Phort Laoise go Stáisiún Heuston leis, le ham taistil 14 nóiméad go Stáisiún Heuston, chomh maith le traenacha ar bhealach an Dhroichead Nua/Chollchoille go Stáisiún Uí Chonghaile/Duga an Chanáil Mhoir. Freastalófar ar an stáisiún le díreach faoi bhun 100 traen in ngach treo ón Luan go dtí an Aoine, le 36 traen ar an Satharn, agus le 15 traen ar an Domhnach, lena ndéanfar nascacht iompair phoiblí feabhsaithe a sholáthar don cheantar.

MetroLink

Tá sé mar aidhm leis an gclár MetroLink conair iarnróid uathoibrithe, ardmhinicíochta, le toilleadh mór, a fhorbairt ó Charlemont go Sord, agus seirbhísí Aerfort Bhaile Átha Cliath, larnród Éireann, DART, bus agus Luas á gcomhtháthú i gcóras iompair phoiblí aontaithe do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Tá an t-iarratas ar Ordú Iarnróid faoi bhráid an Bhoird Phleanála faoi láthair agus tionóladh éisteacht ó bhéal idir Feabhra agus Márta 2024. Cuireadh deireadh leis an dara babhta comhairliúcháin reachtúil i mí Dheireadh Fómhair 2024. I lár na bliana 2024 ceapadh an Dr Sean Sweeney mar Stiúrthóir Cláir MetroLink. Rinneadh pleanáil, dearadh agus doiciméadacht tairisceana le haghaidh cláir MetroLink, lena n-áirítear oibreacha ardleibhéil agus cumasúcháin, a fhorbairt i rith 2024.



Luas Fhionnghlaise

Síneadh de 3.9 km ar Líne Uaine Luas ó Dhroichead Broome go Baile Shéarlais atá i gceist le Luas Fhionnghlaise, lena n-áirítear áis Pháirceála agus Taisteal le 350 spás páirceála in aice leis an M50 ag Bóthar San Maighréad. Is easbhóthar den chuid is mó atá an t-ailíniú, lena gcinnteofar seirbhís iompair phoiblí ar ardchaighdeán le tramanna ag dul gach 7.5 nóiméad le linn na mbuaicthréimhsí agus am taistil de thart ar 30 nóiméad ó Bhaile Shéarlais go Coláiste na Tríonóide. In 2024, chuir Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) dearadh tagartha na scéime agus an Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta chun cinn, fad is a rinne an Grúpa Comhairleach um Thionscadail Mhóra (GCTM) próiseas dearbhairthe seachtrach agus athbhreithnithe a dhéanamh ar an gCás Gnó Tosaigh. Rinneadh toiliú an Rialtais a dheonú don togra infheistíochta an 22 Deireadh Fómhair 2024, lena gceadaítear don ÚNI formheas a thabhairt do BIÉ iarratas ar Ordú Iarnróid a thaisceadh an 18 Samhain 2024.

Luas Chorcaí


Rinneadh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar (BDR) a roghnú le haghaidh comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil (CPN) a thosófar i mí Aibreáin 2025. Áireofar imeachtaí sa chomhairliúchán poiblí chun páirtithe leasmhara agus an dream is mó a mbaineann an próiseas leo a chur ar an eolas.

Tá sé beartaithe ag BIÉ an dara babhta den CPN a réachtáil ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar in 2026 agus meastar faoi láthair go gcuirfear iarratas ar Ordú Iarnróid faoi bhráid an Bhoird Phleanála i gceann idir 24 agus 36 mí tar éis an CPN a dhúnadh.



Scáthláin Bus agus Stadanna Bus

Lean an ÚNI de bheith ag obair go dlúth le húdaráis áitiúla chun toiliú a fháil agus chun scáthláin bus nua agus stadanna bus nua feabhsaithe a chur i bhfeidhm le linn 2024.



› Scáthláin Bus

Le linn 2024, rinne an ÚNI 195 scáthlán bus nua a shuiteáil ar fud na tíre. Rinneadh dul chun cinn breise ar chlár chun réitithe um shoilsiú cúirtéise grianchumhachtaithe a sheachadadh ag scáthláin bus nach raibh soilsiú ar fáil iontu mar gheall ar fhadhbanna um chumhacht a sholáthair, agus cuireadh soilsiú ar fáil i 79 suíomh eile.

› Stadanna Bus

Tá breis is 12,500 stad bus ar fud na tíre agus tá clár ar bun chun áiseanna feabhsaithe agus faisnéis taistil a sholáthar ag gach ceann acu. Leanadh leis an bhfeabhsú ar áiseanna stadanna bus agus ar fhaisnéis taistil ar fud na tíre le linn 2024 lena n-áirítear na príomhbhuaicphointí seo a leanas:

- › Suiteáladh cuailí de bhranda TFI agus feabhsaíodh áiteanna feithimh do phaisinéirí agus colbaí ag breis is 500 stad bus.
- › Suiteáladh bonneagar nua ag 66 stad bus i gContae Laoise roimh sheirbhís bus bhaile Phort Laoise a sheoladh.
- › Críochnaíodh obair thógála ag 58 stad bus chun tacú le cuarbhealach tuaisceartach nua (N2) a seoladh i mBaile Átha Cliath an 29 Meán Fómhair, 2024.
- › Rinneadh dul chun cinn ar obair thógála chun Bealach Droma E, Bealach Droma F agus an O Bealach a thabhairt isteach faoin gclár um Líonra BusConnects Bhaile Átha Cliath a Athdhearadh.
- › Rinneadh thart ar 120 stad bus breise a uasghrádú i gceantair thuaithe agus i gCathair Bhaile Átha Cliath chun bealach 83 a fheabhsú.
- › Faisnéis taistil fheabhsaithe foilsithe ag 3,489 stad ar fud na tíre.

- › Rinneadh deisiúcháin éigeandála ag 673 stad bus, agus rinneadh breis is 3,400 stad a ghlanadh agus a chothú gach mí trí Chomhaontuithe le Bus Éireann agus Bus Átha Cliath ar Leibhéal Seirbhíse.
- › Rinneadh measúnuithe iomadúla ar shuíomhanna stad ar an láthair i gcomhar le húdaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí chun céimeanna Líonra BusConnects a Athdhearadh a chur chun cinn amach anseo.

Páirceáil agus Taisteal

Tá an ÚNI i mbun láithreáin Pháirce agus Taisteal (P&T) a fhorbairt ag láithreacha straitéiseacha lasmuigh de na cathracha is mó, agus an bhéim tosaigh leagtha ar chonair an N11/M11 agus conair an M1. Is iad seo a leanas na príomhéachtaí a baineadh amach le linn 2024:

- › Cuireadh tairiscintí isteach le haghaidh áise nuaí P&T a thógáil ag an bhFásach Rua ar imeall thiar Bhré i gContae Chill Mhantáin agus táthar ag súil go mbronnfar an conradh go luath in 2025, agus go dtosófar ar an tógáil go luath ina dhiaidh sin.
- › Cuireadh tograí le haghaidh áise nuaí P&T ag Áth na bhFuinseog/Ráth Naoi níos faide ó dheas feadh an N11/M11 faoi bhráid Chomhairle Contae Chill Mhantáin an 6 Samhain 2024 agus cuireadh ar aghaidh iad trí Chuid 8 den phróiseas pleanála reachtúil. Ceadaíodh an phleanáil Chuid 8 i mí Aibreáin 2025.
- › Leanadh leis an obair phleanála agus deartha ar láithreáin P&T nua agus uasghrádaithe i gCill Pheadair ó thuaidh de shuíomh Áth na bhFuinseog/Ráth Naoi ar an N11/M11, ag pointe aistrithe Halla an Leasáin ar an M1, ar an N7/M7 ag Cill i gContae Chill Dara, ag Raithean ar imeall thiar theas de chathair Luimnigh, ag Acomhal 6 den M6 ar thaobh thoir de chathair na Gaillimhe agus i roinnt áiteanna eile i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach agus Gaillimh.

Toilleadh Breise Stórais Bus

Aithníonn an ÚNI an gá atá le toilleadh breise stórais a sholáthar don fhlít bus uirbeach chun tacú le seirbhísí nua agus feabhsaithe agus leis an aistriú chuig busanna astaíochtaí nialasacha. Le linn 2024, rinneadh an dul chun cinn seo a leanas ar an ngné seo:

- › Bhí 58% de na príomhoibreacha tógála ag stáisiún bus sealadach Bhóthar Bhaile Shéamais i bhFionnghlas, Baile Átha Cliath críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2024, agus rinneadh limistéar páirceála bus eatramhach a aistriú chuig Bus Átha Cliath de réir an sceidil go luath i mí Mheán Fómhair 2024. Táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha seo críochnaithe faoi lár na bliana 2025.
- › Suíomhanna féideartha a shainithint do cheann amháin nó níos mó stóras bus nua i gCathair Chorcaí agus i ndeisceart Bhaile Átha Cliath/i dtuaisceart Chill Mhantáin, le caibidlíocht ar bun le húinéirí talún i neart suíomhanna.

Clár BusConnects

In 2024, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le clár BusConnects a chur i bhfeidhm i gcathracha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge leis na príomhphointí seo a leanas:

BusConnects Bhaile Átha Cliath

I measc na bpríomhéachtaí áirítear cuarbhealach nua a sheoladh, cloch mhíle de 110 bus leictreach a chur i bhfeidhm go hiomlán i mBaile Átha Cliath, cead pleanála do naoi scéim um Chonaire Bus Lárnach (CBL) eile agus próiseas soláthair iomaíoch don tionscadal, Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile a chur chun críche.

› Conairí Bus Lárnacha - BusConnects Bhaile Átha Cliath

Le clár CBL Bhaile Átha Cliath cuimsítear thart ar 230km de lánáí bus tiomnaithe agus 200km de rianta rothar, thar 12 scéim. I measc na bpríomhéachtaí in 2024 áirítear 9 gcinn de scéimeanna nua an Bhoird Pleanála a fhorghas, tar éis gur formheasadh an chéad scéim in 2023. Formheasadh na scéimeanna CBL seo a leanas:

- › Gleann na Life go Lár na Cathrach
- › Cluain Ghrífin go Lár na Cathrach
- › Baile Munna/Fionnghlas go Lár na Cathrach
- › Belfield/An Charraig Dhubh go Lár na Cathrach
- › Sord go Lár na Cathrach
- › Cluain Ghrífin go Baile Bhlainséir
- › An Rinn go Lár na Cathrach
- › Leamhcán go Lár na Cathrach
- › Tamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach
- › Teach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach

Eisíodh tairiscintí le haghaidh an chéad dá scéim a thógáil, ó Ghleann na Life go Lár na Cathrach agus ó Bhaile Munna agus Fionnghlas go Lár na Cathrach, agus táthar ag súil go dtosófar leis an tógáil sa dara leath de 2025. Tá cuibhreannas Chomhpháirtí Cliant le saineolas i dtionscadail mhóra bonneagair iompair bunaithe chun tacú leis na 12 scéim uile a sheachadadh.

› Flít Leictreach agus Stáisiúin reatha agus nua a Leictriú agus Stórais nua - BusConnects Bhaile Átha Cliath

Go dtí seo, tá 110 bus leictreach curtha i bhfeidhm leis an tionscadal. Dul i dtreo an Nialais, agus tá toilleadh le haghaidh luchtú i bhfeidhm i stórais Chnoc an tSamhraidh agus Bhaile Phib. San iomlán, clúdaíodh beagnach 2 mhilliún ciliméadar leis an bhflít busanna leictreacha in 2024.

› Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile - BusConnects Bhaile Átha Cliath

I mí Aibreáin 2024, bhronn an ÚNI creatchonradh foriomlán le haghaidh córas ilsamhail um thicéadú nua a dhearadh, a sholáthar, a shuiteáil agus a fheidhmiú. Tá an tionscadal teicneolaíochta mór agus casta seo sa chéim anailíse agus dearaidh anois agus tógfaidh sé thart ar thrí bliana é a sheachadadh.

BusConnects Chorcaí

Tá sé mar aidhm le BusConnects Chorcaí córas bus an réigiúin a athrú ó bhun, lena ndéanfar iompar poiblí níos inrochtana do níos mó daoine. In 2024, cuireadh clár Chorcaí trí chéimeanna fairsinge pleanála agus deartha le haghaidh a thionscadail.

› BusConnects Chorcaí – Conairí Iompair Inbhuanaithe

Le Conairí Iompair Inbhuanaithe Chorcaí cuirfear thart ar 91km de lánáí bus nua agus bearta lena dtugtar tosaíocht do bhus i bhfeidhm agus cuirfear 98km d'áiseanna rothaíochta ar fáil. In 2024, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le dearáí a thabhairt chun críche agus measúnuithe tionchair timpeallachta a dhéanamh, beartófar doiciméid phleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála go déanach in 2025 nó go luath in 2026.

› Líonra a Athdhearadh- BusConnects Chorcaí

Tá obair ar bun chun seirbhísí nua agus leasaithe a sheoladh thar chéimeanna éagsúla. In 2024, tugadh tús áite do phleanáil seirbhísí, ag díriú ar stadanna agus críochfoirt a shainiú chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais an phobail leis an líonra athdheartha. Déanfar na seoltaí céimnithe a chomhaontú agus braithfear ar infhaighteacht flít, tiománaithe, agus aon oibreacha bonneagair gur gá a chríochnú chun freastal ar na seirbhísí.

› Flít Leictreach agus Stáisiúin reatha agus nua a leictriú agus Stóras nua – BusConnects Chorcaí

In 2024, bhí oibreacha sibhialta ar bun ag Stóras Bus Thobar an Chaipín chun an toilleadh allmhairithe uasta don bhonneagar um luchtú leictreach a mhéadú. Cuireadh tús le suíomhanna nua do stórais bus a aithint in 2024, chun freastal ar an bhflít leictritithe leathnaithe atá ag teastáil don líonra bus athdheartha, agus táthar ag súil le ceadanna pleanála a fháil in 2025. Críochnófar oibreacha um leictriú trí chreat náisiúnta stórais um leictriú an ÚNI, agus cuirfear tús leis an soláthar ó dheireadh 2025 i leith.

BusConnects na Gaillimhe, BusConnects Luimnigh agus BusConnects Phort Láirge

› Conairí Iompair Inbhuanaithe (CII) - BusConnects Réigiúnach

Tá trí scéim CII ar bun nó curtha i gcrích i nGaillimh. Tá cead coinníollach faighte ag an mBord Pleanála don scéim Nasc Traschathrach (faoi réir athbhreithniú breithiúnach), agus formheastar Cás Gnó Tosaigh scéim Bhóthar Bhaile Átha Cliath, agus beartaítear aighneacht a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála in 2025. Críochnaíodh scéim Bhóthar na Páirce Móire i mí na Nollag 2024. I Luimneach, críochnaíodh tionscadal Acomhal Pháirc Milford Plassey in 2024, lena dtugtar isteach comharthaí tráchta, trasbhealaí tiomnaithe do choisithe agus rothaí, bearta lena dtugtar tosaíocht do bhusanna, agus feabhsuithe ar bhonneagar éagsúla.

› Líonra a Athdhearadh – BusConnects Réigiúnach

Cuireadh tús leis an bpleanáil chun na líonraí bus nua i Luimneach a chur i bhfeidhm i mí Aibreáin 2024, agus i mí na Bealtaine 2024 do Ghaillimh. I bPort Láirge, críochnaíodh an chéad chomhairliúchán poiblí maidir leis an líonra a athdhearadh go luath i mí Lúnasa 2024 agus cuireadh tús le pleanáil chur chun feidhme in 2025.

› Flít Leictreach agus Stáisiúin reatha agus nua a leictriú - BusConnects Réigiúnach

In 2024, críochnaíodh Stáisiún Bhaile an Róistigh i Luimneach a leictriú, agus táthar ag súil le tuilleadh leathnúcháin faoi 2025. I nGaillimh, tá an próiseas soláthair ar bun, agus táthar ag súil go roghnófar conraitheoir in 2025.

Taisteal Gníomhach

Is é an ÚNI an tÚdarás Formheasa do thionscadail taistil inbhuanaithe atá á gcur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla ar fud an Stáit, agus díritear an maoiniú den chuid is mó ar thionscadail Taistil Ghníomhaigh lena ndéantar áiseanna dóibh siúd atá ag siúl, ag taisteal i gcathaoir rothaí agus ag rothaíocht a fheabhsú. Meastar gur cuid ríthábhachtach de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann é an Taisteal Gníomhach, agus tá méadú 50% ar thurais taistil ghníomhaigh laethúla de dhíth faoi 2030. Chun an méid seo a éascú, tá méadú de €34 milliún in aghaidh na bliana ar an meán tagtha ar mhaoiniú an ÚNI d'údaráis áitiúla idir 2015 agus 2019, go €321 milliún in 2024, agus breis is €1 bhilliún infheistithe i mbonneagar inbhuanaithe idir 2020 agus 2024. Leanfar leis an leibhéal maoinithe seo le linn 2025 agus déanfar thart ar €290 milliún a dháileadh ar thionscadail taistil ghníomhaigh atá maoinithe ag an ÚNI.

› Clár Deontas um an Taisteal Gníomhach

Leis an mBeartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus beartais Rialtais eile lena spreagtar modhanna a athrú, nuair is féidir, ó ghluaisteán príobháideach a úsáid agus i dtreo modhanna iompair níos inbhuanaithe amhail siúl nó rothaíocht. Leis an gClár Deontas um an Taisteal Gníomhach déantar tionscadail a thacaíonn le bealaí straitéiseacha coisithe agus rothaithe, rochtain ar scoileanna, naisc tréscailteachta, bealaí glasa uirbeacha agus roinnt tionscadal feabhsúcháin bheaga iompair phoiblí a mhaoiniú.

Leis an maoiniú in 2024 cumhdaítear breis is 1,000 tionscadal Taistil Ghníomhaigh, lena gcuirfear leis an sprioc 1,000 km de bhonneagar coisithe agus rothaíochta nua agus feabhsaithe a sheachadadh ar fud na tíre faoi dheireadh 2025, agus le 938 km a bhaint amach faoi dheireadh 2024.



Rialachán Iompair



Rialachán Iompair

20,564

tacsaí, hacnaí agus limisín ceadúnaithe faoi dheireadh na bliana



352 feithicil inrochtana nua gan deontas-i-gcabhair curtha leis an bhflít



753 feithicil leictreach deontas-i-gcabhair curtha leis an bhflít



Deontas do cheadúnas leictreonach d'fheithicil bheag seirbhíse poiblí 2024 maoinithe ag **€13.5m**

438 deontas d'fheithicilí atá inrochtana do chathaoireacha rothaíformheasta



1,199 ceadúnas nua eisithe (+34% ó 2023)



2,087 ceadúnas tiomána d'fheithicil bheag seirbhíse poiblí nua eisithe



268,066 cigireacht oiriúnachta aonair ar fheithicilí déanta

Earnáil na bhFeithiclí beaga seirbhíse poiblí (FBSP)

Ceadúnú Feithicle

Faoi dheireadh 2024, bhí 20,564 tacsáí, hacnaí agus limisín ceadúnaithe ann. Tá an flít níos glaise agus níos inrochtana araon: Tá 20.5% de FBSP uile oiriúnach do chathaoireacha rothaí anois agus is ionann feithiclí iomlán leictreach agus 12.8% den fhlít iomlán anois.

D'eascair crapadh suntasach ar an bhflít in 2020 agus 2021 as Covid-19, agus thit na huimhreacha 11.6% agus seo faoi lán seoil. Cuireadh an treocht anuas seo ar mhalairt treo ó 2022 ar aghaidh, agus tháinig feabhas ar na huimhreacha go 93.2% de na leibhéil a bhí ann in 2023 roimh an bpaindéim. Ag deireadh 2024, tháinig fás ar an bhflít náisiúnta go 96.8% de na leibhéil roimh an bpaindéim.

Léirítear an fás san earnáil le líon na gceadúnas d'fheithiclí nua a eisíodh agus le líon na sealbhóirí ceadúnas nua: eisíodh 897 ceadúnas nua in 2023; in 2024, eisíodh 1,199 ceadúnas nua – méadú de 34%. Tháinig méadú suntasach ar líon na sealbhóirí ceadúnas d'fheithicle nua freisin, i.e. na hiarratasóirí ceadúnais sin nach raibh ceadúnas feithicle acu roimhe sin: tháinig méadú ar an líon seo ó 384 in 2023 go 657 in 2024 – méadú de 71%.

D'fhás líon na limisíní go láidir in 2024 agus cuireadh 475 ceadúnas limisín nua leis an bhflít. Is ionann limisíní agus 12.2% don fhlít FBSP.

Cigireachtaí Oiriúnachta d'Fheithiclí

Rinneadh 268,066 cigireacht oiriúnachta aonair d'fheithiclí san iomlán in 2024, méadú de 4% ar 2023.

Feithiclí Inrochtana

Tá iarratais ar cheadúnais nua le haghaidh tacsáí agus hacnaí teoranta do fheithiclí inrochtana ó 2010 i leith, d'fhone inrochtaineacht an fhlít a fheabhsú. Chun cabhrú le sealbhóirí ceadúnais reatha agus nua feithicil inrochtana a cheannach, tá deontais Feithiclí atá inrochtana do chathaoireacha rothaí (FOCR) á dtairiscint ag an ÚNI d'iarratasóirí ó 2014 i leith. Idir 2014 agus 2024, rinne an ÚNI breis is 4,500 deontas a fhorghnó faoin Scéim Deontas FOCR, lena n-áirítear 438 deontas in 2024. As na deontais sin in 2024, bhain 372 acu le sealbhóirí nua ceadúnais FBSP.

Ó 2023 i leith, tá méadú suntasach taifeadta ag an ÚNI freisin maidir le líon na bhfeithiclí inrochtana gan deontas-i-gcabhair atá á gcur leis an bhflít tacsáí agus hacnaí. In 2022, ba é 11.5% céatadán na gceadúnas FOCR nua, gan deontas-i-gcabhair, a cuireadh leis an bhflít tacsáí agus feithiclí hacnaí. In 2023, tháinig ardú ar seo go 36%, agus in 2024, tháinig ardú ar seo arís go 48.6%. In 2024, cuireadh 346 ceadúnas tacsáí agus hacnaí nua gan deontas-i-gcabhair leis an bhflít.

In 2024, bhain an ÚNI a sprioc do 2025 amach faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe chun líon na bhfeithiclí inrochtana sa fhlít a mhéadú. Tá 20.5% de na feithiclí beaga seirbhíse poiblí uile inrochtana do chathaoireacha rothaí anois. Maidir le tacsaithe agus feithiclí amháin, tá 23.3% de na feithiclí inrochtana sa chuid seo den fhlít.

Feithiclí Inbhuanaithe

Rinne an ÚNI Deontas rFBSP 2024 a riar, arna mhaoiniú ag €13.5m ag oifig ZEVI (Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha in Éirinn) na Roinne Iompair, chun cabhrú leis an bhflít FBSP a aistriú go feithiclí breoslaithe go hinbhuanaithe. Bhí deontais suas le €25,000 ar fáil do shealbhóirí ceadúnais FBSP reatha a rinne dráimh dá dtacsaithe, hacnaithe nó limisíní díosail/peitрил níos sine agus/nó a raibh míleáiste ard acu agus b'ionann seo agus 81% de na leithdháiltí deontais. Bhí deontais suas le €12,500 ar fáil freisin chun 'dul glas' ar fheithicil reatha, ceadúnaithe, nach raibh faoi réir na gcritéar dráimh.

In 2024, cuireadh 753 feithicil leictreach deontais-i-gcabhair leis an bhflít.

Tháinig méadú ar líon na bhfeithiclí iomlán leictreach sa fhlít ó 1,981 ag deireadh 2023, go 2,368 faoi dheireadh na bliana 2024 – méadú de 33.2%. Is ionann feithiclí iomlán leictreach agus 12.8% den fhlít iomlán anois.

Seirbhísí Hacnaí Ceantar Áitiúil


Déanann an ÚNI ceadúnais speisialta hacnaí ceantar áitiúil a eisiúint chun forálacha iompair thuaithe a fheabhsú. Tá na ceadúnais speisialta seo teoranta do limistéar oibríochta áitiúil, de ghnáth san áit ina gcónaíonn an t-iarratasóir, agus ní gá d'iarratasóirí roinnt riachtanas caighdeánach iarratais ar cheadúnas a chomhlíonadh, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca dóibh dul i mbun oibre ina gceantar áitiúil. Chun aitheantas a thabhairt i dtaobh líon íseal na sealbhóirí ceadúnas hacnaí áitiúil, rinne an ÚNI dhá scéim deontas hacnaí áitiúil a riar le blianta beaga anuas, ceann amháin in 2019 agus ceann amháin in 2023 chun an cineál ceadúnais speisialta seo a chur chun cinn. Leis na scéimeanna deontais seo tugadh tacaíocht airgeadais ar fáil d'oibreoirí hacnaí tuaithe páirtaimseartha i gceantair nach raibh in ann seirbhís hacnaí lánaimseartha a thacú.

In ainneoin na n-iarrachtaí seo, ag deireadh 2024, bhí 24 seirbhís hacnaí áitiúil ceadúnaithe ar fud an Stáit, agus gan ach ceann amháin a bunaíodh trí scéimeanna deontais-i-gcabhair. Tá fáilte roimh iarratais ar cheadúnais hacnaí ceantar áitiúil gan deontas-i-gcabhair go fóill.

Ceadúnú Tiománaithe

Is é an Garda Síochána an tÚdarás um Cheadúnú Tiomána FBSP. Tacaíonn an ÚNI leis an nGarda Síochána le roinnt tascanna riaracháin gaolmhara, lena n-áirítear an Tástáil Iontrála do Thiománaithe FBSP a riar.

In 2024, ba é 174 ar an meán líon míosúil na gceadúnas tiomána nua arna n-eisiúint ag an nGarda Síochána. Sin i gcomparáid le meán míosúil de 166 in 2023. Is í 2024 an bhliain is airde do cheadúnais tiomána nua ónar chuir an ÚNI tús le tuairisciú a dhéanamh. San iomlán, cuireadh 2,087 Ceadúnas Tiomána FBSP nua leis an earnáil in 2024.

Uimhir a 2 – Ceadúnais Tiomána FBSP Nua Eisithe, 2014 go 2024

Mar a bhí in 2023, de réir cosúlachta bhí líon na gceadúnas tiomána fós láidir. Ní mór go n-éireoidh leat i dTástáil Iontrála Tiománaithe FBSP chun an chéad chéim a thógáil i dtreo a bheith i do thiománaí. Cuireadh 7,096 tástáil i gcrích in 2024, rud atá ar aon dul le huimhreacha tástála 2023 agus le líon na dtástálacha sa dá bhliain sin i bhfad níos airde ná mar a bhí sna blianta roimhe sin.

In 2024, rinneadh 3,799 ceadúnas a athnuachan as 4,094, nó 93%. Méadú de 9% ar cheadúnas athnuaite i gcomparáid le 2023

Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2024

Tar éis comhairliúcháin phoiblí i mí Iúil 2024, rinneadh an táille uasta náisiúnta do thacsaithe a nuashonrú i mí na Nollag chun na costais oibriúcháin mhéadaithe atá roimh thiománaithe FBSP a léiriú⁸.

Tháinig méadú de 9% ar an táille uasta tacsáí faoi mheán ualaithe

Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe

Rinneadh nach mór 166,865 seiceála um cheadúnú feithicle agus tiománaí ó chian le linn 2024 i leith 18,618 feithicil aonair. Is éard is brí leis seo ná gur rinneadh 90% de cheadúnais tacsáí, hacnaí agus limisiní a sheiceáil agus iad ag feidhmiú i rith na bliana.

Thug Oifigigh um Chomhlíonadh faoi 15,924 iniúchadh aghaidh ar aghaidh a dhéanamh ar thiománaithe agus ar fheithiclí ag taobh an bhóthair.

De thoradh ar na gníomhaíochtaí comhlíontachta seo, eisíodh 904 Fógra Íocaíochta Seasta (fineálacha ar an láthair) in 2024 i leith cionta a luaitear i Sceideal 8 den Rialachán Tacsáí (Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí) 2015 (arna leasú) i gcomhréir le cosaint agus sábháilteacht custaiméirí. Is méadú de 28% atá i gceist leis seo ar 2023.

Íocadh 79% de na Fógraí Íocaíochta Seasta a eisíodh in am in 2024, agus rinneadh an chuid eile a threorú chuig na Cúirteanna Dúiche ar fud na tíre le haghaidh ionchúisimh chúirte.

⁸I.R. 479 de 2024: Ordú um Rialáil Tacsáí (Táillí Uasta) 2024

Ionchúisimh

Chuir an ÚNI tús le 156 ionchúiseamh coiriúil in 2024, agus bhain nach mór leath (47%) díobh seo le seirbhís a fheidhmiú gan cheadúnas.

Gearáin

Fuair an ÚNI 1,713 gearán in 2024 i leith na hearnála FBSP, laghdú de 4% i gcomparáid le 2023. I 70% de na cásanna, measadh nach raibh gá le haon ghníomh eile a dhéanamh nó go raibh sé indéanta é a dhéanamh i ndiaidh an imscrúdaithe tosaigh. Rinneadh 2% eile de na gearáin a fuarthas a threorú faoi ard gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Tá cúig chatagóir de ghearán ann ar féidir leis an ÚNI dul i ngleic leo faoin reachtaíocht. Is iad seo:

- › Bail, ródacmhainneacht agus glaineacht na feithicle
- › Iompar, iompraíocht tiománaí FBSP agus iad a aithint
- › Táille ró-ard a ghearradh agus nithe eile a bhaineann le táillí
- › an FBSP a fháil ar cíós agus a chur in áirithe
- › Aitheantas agus cuma ghinearálta an FBSP

Clampáil Feithiclí


Tá tiománaí a bhfuil a fheithicil clampáilte agus/nó athlonnaithe i dteideal achomharc a dhéanamh i gcoinne na gníomhaíochta sin, ar an gcéad dul síos, chuig an rialtóir um páirceáil ábhartha. Mura bhfuil siad sásta le toradh na chéad chéime, d'fhéadfaí an t-achomharcóir a n-achomharc a bhogadh ar aghaidh go dtí an dara céim den phróiseas achomhairc ina ndéanann an tÚdarás athbhreithniú neamhspleách a éascú i dtaobh an cháis ag Oifigeach um Achomhairc Clampála.

Rinne an ÚNI imscrúdú ar 61 gearán in 2024 freisin.


Achomhairc a dhéanamh chuig Oifigeach um Achomhairc Clampála tríd an ÚNI

I gcás ina gceadaíonn Oifigeach Achomhairc Clampála achomharc a dhéanamh, ní mór don rialtóir páirceála an táille/na táillí ábhartha a aisíoc don tiománaí. In 2024, bhí ceithre rialtóir páirceála páirteach i 90% de na hachomhairc a rinneadh tríd an ÚNI.

Tábla 9 – Achomhairc um Theanntáil chuig an ÚNI



Uimh 3 – Toradh Achomhairc Clampála Curtha i gCrích in 2024



Cearta Paisinéirí an AE

Mar an Comhlacht Forfheidhmithe Náisiúnta ainmnithe in Éirinn maidir le Cearta Paisinéirí an AE, rinne an ÚNI 19 bhfiosrúchán a fhreagairt ón bpobal maidir lena gcearta faoi na Rialacháin, agus bhain formhór díobh le hiompar muirí.

Bhain na príomhcheisteanna a ardaíodh le heaspa faisnéise, cealuithe, athródú agus aisíocaíocht.

Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024



Table of Contents

Eolas faoin Údarás	73
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	74
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	80
Comptroller and Auditor General Report for presentation to the Houses of the Oireachtas	87
Ráiteas ar Ioncam Agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	90
Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach	91
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	92
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	93
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	94

Eolas faoin Údarás

Baill an Bhoird	
Peter Strachan Uasal (Cathaoirleach)	
Anne Graham Uasal (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	(Tháinig deireadh leis an téarma, an 15 Nollaig 2024)
Hugh Creegan Uasal (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach)	(Ceapadh é ar bhonn eatramhach, ar an 16 Nollaig 2024)
Richard Shakespeare Uasal	(Ceapadh é ar bhonn eatramhach, ar an 31 Deireadh Fómhair 2023, ar bhonn buan ón 11 Eanáir 2024)
Ann Fitzgerald Uasal	
Pat Mangan Uasal	
Frank O'Connor Uasal	
Brian McCormick Uasal	
David Gray Uasal	(D'éirigh sé as, an 5 Samhain 2024)
Iain Docherty Uasal	
Eleanor O'Neill Uasal	
Joyce Loughnan Uasal	

Aturnaetha	Baincéirí
McCann Fitzgerald Riverside One 37-42 Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2 D02 X576	Bainc-Aontas Éireann cpt 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2 D02 X342
Na hIníúcháirí	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Treasury Dock 70 Cé an Phoirt Thuaidh D01 A9T8
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72	

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Rialachas

Is comhlacht stáit reachtúil neamhthráchtála é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“Údarás”) a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair (“DoT”).

I dtús báire, ceapadh an tÚdarás, ar bunaíodh de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, mar údarás iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoin Acht 2008. Athainmníodh é, áfach, mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, lenar cuireadh síneadh le feidhmeanna an Údaráis chun Conarthaí maidir leis an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí a bhronnadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu, chomh maith le busanna agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí a cheadúnú ar bhonn náisiúnta.

Leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013, lenar comhtháthaíodh an phríomhreachtaíocht maidir le feithiclí beaga agus tiománaithe seirbhíse poiblí a cheadúnú agus lena ndearnadh í a nuashonrú, cuireadh síneadh freisin leis an raon tíreolaíocha a bhaineann le cuid d’fheidhmeanna an Údaráis ar bhonn náisiúnta.

Leis an Acht um Theanntáil Feithiclí 2015, tugtar an fhreagracht don Údarás as gníomhaíochtaí teanntála a rialú ar bhonn náisiúnta.

Leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, cuireadh síneadh sa bhreis le freagrachtaí an Údaráis maidir lena chumhachtú chun fodhlíthe a dhéanamh lena rialaítear an úsáid a bhaineann paisinéirí as seirbhísí bus fóirdheonaithe áirithe.

Coimeádann an tÚdarás chuige féin roinnt feidhmeanna sonracha i dtaca le bonneagar agus comhtháthú iompair agus úsáid talún i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, lena léirítear riachtanais iompair poiblí agus bainistíochta tráchta ar leith de chuid an réigiúin.

Leagtar feidhmeanna Bhord an Údaráis amach in Alt 14 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an Bord freagrach don Aire Iompair agus tá sé freagrach as rialachas maith a chinntiú, tasc a thugann sé faoi trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos chomh maith le cinntí straitéiseacha a ghlacadh ar gach príomhábhar gnó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir an Údaráis ó lá go lá. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta treoir straitéiseach leathan ar leag an Bord síos a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag baill uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dócha go dtiocfadh aníos. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht an Údaráis.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i ndoiciméid rialaithe chorparáidigh an Údaráis ar a thugtar ‘Treoirphrionsabail don ÚNI’, ‘Struchtúr Corparáideach agus Ábhair a fhorchoimeádtar chuig an mBord’ agus ‘Cód Iompair Ghnó do bhaill an Údaráis’. Cuimsítear na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach chuig cinneadh an Bhoird sa dara ceann de na doiciméid sin. Seo a leanas cuid de na saincheisteanna a bhíonn á bplé ag an mBord:

- › Dearbhú leasanna,
- › Tuarascálacha ón Choiste Iniúchta agus Riosca,
- › Tuarascálacha airgeadais / cuntais bhainistíochta,
- › Bainistíocht riosca,
- › Tuarascálacha Feidhmíochta; agus
- › Ábhair fhorchoimeáda.

Ceanglaítear le hAlt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 ar an mBord na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád i dtaca leis an airgead uile a fuair agus a chaith sé, i cibé leagan a cheadóidh an tAire Iompair agus le cead an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe agus ‘Ráiteas ar Staid Airgeadais’.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis:

- › Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- › Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- › Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú; agus
- › Luaigh cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeán infheidhmithe chuntasaíochta, faoi réir imeachtaí ábhartha ar bith atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil lena nochta, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus lena gcumasaítear é a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá freagracht ar an mBord as cothabháil agus ardchaighdeán na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Tá an Bord freagrach as plean agus buiséad bliantúil a cheadú. Faomhadh measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil i mí Eanáir 2025. Déanann an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil go tráthrialta le linn na bliana.

Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a shainaithint.

Is é tuairim an Bhoird go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis léargas fírinneach agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2024.

Struchtúr an Bhoird

Is é Bord de dheichniúr comhaltaí, arna gceapadh ag an Aire Iompair, a rialaíonn an tÚdarás. Is ról ex officio iad trí ról ar an mBord, a fhorchoimeádtar don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an Údaráis agus do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. D'fhéadfaí go gceapfaí comhaltaí Boird do thréimhse de suas le cúig bliana, agus d'fhéadfaí go n-athcheapfaí iad. Mar sin féin, is féidir le comhaltaí Boird uasmhéid de dheich mbliana a chur isteach. Ní bhaineann an srian seo leis na comhaltaí ex officio a bheidh ceaptha fad a bheidh an post ábhartha acu. Tháinig an Bord le chéile 11 uair agus foilsítear miontuairiscí de chruinnithe boird ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Ar an 31 Nollaig 2024, bhí 3 ban (30.0%) agus 7 fear (70.0%) ina mbaill den Bhord.

Léiríonn an tábla thíos sonraí maidir le tréimhse cheaptha na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Peter Strachan Uasal	Cathaoirleach	11 Aibreán 2023
Hugh Creegan Uasal (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach)	Gnáthchomhalta (ex officio)	29 Samhain 2010
Richard Shakespeare Uasal (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)	Gnáthchomhalta (ex officio)	31 Deireadh Fómhair 2023
Ann Fitzgerald Uasal	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Arna athcheapadh 23 Meán Fómhair 2020
Pat Mangan Uasal	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Arna athcheapadh 23 Meán Fómhair 2020
Frank O'Connor Uasal	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Arna athcheapadh 23 Meán Fómhair 2020
Brian McCormick Uasal	Gnáthchomhalta	1 Lúnasa 2019 Arna athcheapadh an 31 Iúil, 2022
Iain Docherty Uasal	Gnáthchomhalta	23 Nollaig 2021
Eleanor O'Neill Uasal	Gnáthchomhalta	23 Nollaig 2021
Joyce Loughnan Uasal	Gnáthchomhalta	23 Nollaig 2021

Sa tábla thíos, tugtar eolas faoi na sonraí i dtaca le héirí as / deireadh téarma do na comhaltaí a chuir tréimhsí isteach le linn 2024:

Comhalta Boird	Ról	Deireadh Téarma / Éirí As
Anne Graham Uasal (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	Gnáthchomhalta	15 Nollaig 2024
David Gray Uasal	Gnáthchomhalta	5 Samhain 2024

Chuir an Bord athbhreithniú éifeachtachta Boird i gcrích i mí na Nollag 2024..

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (“CIR”) bunaithe ag an mBord, comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí seachtracha. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí as ceisteanna riosca, rialaithe agus rialachais, agus an chinnteacht a bhaineann leo. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht na heagraíochta. Go sonrach, deimhníonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinniú Coiste, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.

Is iad comhaltaí an CIR, Brian McCormick Uasal a ceapadh mar chomhalta ar an 21 Aibreán 2022 agus a ceapadh mar Chathaoirleach an CIR ar an 15 Samhain 2024, ceapadh Joyce Loughnan Uasal ar an 18 Samhain 2022, ceapadh an Dr Cyril Sullivan ar an 15 Iúil 2022, ceapadh Bernard McLoughlin Uasal ar an 15 Iúil 2022 agus ceapadh Ann Fitzgerald Uasal ar an 15 Samhain 2024, agus d'éirigh David Gray Uasal as mar Chathaoirleach an CIR ar an 5 Samhain 2024. Bhí 6 chruinniú ag an CIR in 2024.

Bhunaigh an Bord Coiste an Chláir Chaipitil (“CCC”) i mí na Samhna 2022, agus é comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird chomh maith le hionadaithe ó Chlár Caipitil an ÚNI. Is féidir leis an mBord tuilleadh comhaltaí a cheapadh má chinneann sé amhlaidh, lena n-áirítear comhaltaí neamhspleácha ó lasmuigh den Bhord. Is é ról an CCC tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena bhfeidhmeanna a bhaineann le Clár Caipitil an ÚNI a chur i gcrích. I bhfianaise scála na hinfheistíochta caipitil a bhfuil an ÚNI freagrach aisti, soláthraítear socrúchán monatóireachta níos éifeachtaí i dtaca le gníomhaíocht sa réimse seo le bunú an CCC, agus le cuid d'fheidhmeanna an Bhoird a tharmhligean ar an CCC. Go háirithe, cuireann an CCC monatóireacht níos spriocdhírthe ar fáil i dtaca leis na mórthionscadail agus na mórchláir lena gcomhdhéantar Clár Caipitil foriomlán an ÚNI.

Tuairiscíonn an CCC don Bhord tar éis gach cruinniú Coiste. Is iad comhaltaí an CCC ná Iain Docherty (Cathaoirleach an CCC), a ceapadh ar an 18 Samhain 2022, Eleanor O'Neill, a ceapadh ar an 18 Samhain 2022 agus Peter Strachan, a ceapadh ar an 20 Aibreán 2023. Ceapadh Ann Fitzgerald don CCC freisin ar an 20 Eanáir 2023, agus tar éis cheapachán Peter Strachan mar Chathaoirleach ar Bhord an ÚNI (agus mar chomhalta den CCC dá bharr), tháinig deireadh lena téarma oifigiúil ar an 20 Aibreán 2023. Bhí 10 gcruinniú ag an CCC in 2024.

Sceideal freastail, táillí agus speansais

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird agus an Choiste don bhliain 2024 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

	Bord	CIR	CCC	Táillí 2024 €	Speansais 2024 €	Táillí 2023 €	Speansais 2023 €
Líon na gcruinnithe	11	6	10				
	Cruinnithe incháilithe le freastal orthu (Cruinnithe ar freastalaíodh orthu)						
Peter Strachan Uasal	11(10)	-	10(10)	20,450	9,300	14,888	1,220
Joyce Loughnan Uasal	11(9)	6(4)	-	11,929	1,500	11,970	51
Anne Graham Uasal**	10(10)	5(5)	-	-	-	-	-
Hugh Creegan Uasal**	11(11)	-	10(10)	-	-	-	-
Richard Shakespeare Uasal	11(7)	-	-	-	30	-	-
Ann Fitzgerald Uasal	11(9)	1(1)	-	11,929	-	11,970	-
Pat Mangan Uasal	11(11)	-	-	-	-	-	51
Frank O'Connor Uasal	11(9)	-	-	11,929	-	11,970	-
Brian McCormick Uasal	11(11)	6(6)	-	11,929	1,500	11,970	-
David Gray Uasal	9(9)	5(4)	-	10,159	2,092	11,970	1,227
Iain Docherty Uasal	11(10)	-	10(10)	11,929	3,161	11,970	4,107
Eleanor O'Neill Uasal	11(9)	-	10(10)	11,929	30	11,970	-
Speansais Eile*				-	-	-	4,166
				102,183	17,613	98,678	10,822

* Baineann Speansais eile leis an gcostas cóiríochta d'aon chruinniú Boird a reáchtáladh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath in 2023.

**Ní comhaltaí den CIR ná den CCC faoi seach iad Anne Graham ná Hugh Creegan, ach d'fhreastail siad ar na cruinnithe coiste sin chun saineolas ábhartha breise a chur ar fáil.

D'fhreastail an Dr. Cyril Sullivan, ar comhalta seachtrach den CIR é, ar cheithre chruinniú den CIR le linn na bliana. Ba é €1,045 a tháille don bhliain (2023: €1,539).

D'fhreastail Bernard McLoughlin Uasal, ar comhalta seachtrach den CIR é, ar chúig chruinniú den CIR le linn na bliana. Ba é €1,283 a tháille don bhliain (2023: €1,539).

Tá táillí Bhord an Údaráis atá iníoctha leis tarscaoilte ag Pat Mangan Uasal.

Ní bhfuair Anne Graham, Hugh Creegan Uasal ná Richard Shakespeare Uasal táille Boird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin ("DATA"). Tabhaíodh speansais de Anne Graham Uasal agus Hugh Creegan Uasal mar chuid dá gconradh fostaíochta agus ní mar thoradh ar a bhfreastal ar chruinnithe boird, mar sin de, níor cuireadh a speansais san áireamh sa nóta seo. Ní fhaigheann Richard Shakespeare táille Boird faoin bprionsabal DATA toisc go raibh sé mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tráth ar ceapadh chuig an mBord é

Príomhathruithe pearsanra

Tharla na hathruithe seo a leanas maidir le comhaltas an Bhoird le linn na bliana:

- › Ceapadh Richard Shakespeare ar bhonn eatramhach ar an 31 Deireadh Fómhair 2023. Ina dhiaidh sin, ceapadh é mar chomhalta buan ar an 11 Eanáir 2024.
- › Tháinig deireadh le tréimhse oifige Anne Graham ar an 15 Nollaig 2024.
- › D'éirigh David Gray as ar an 5 Samhain 2024.
- › Ceapadh Hugh Creegan ar bhonn eatramhach mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 16 Nollaig 2024, agus é mar chomhalta buan an Bhoird ó bhí an 29 Samhain 2010 ann.

Nochtaí a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") comhlíonta ag an Údarás, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

Costais shainchomhairleoireachta

Áirítear le costais shainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe "gnó mar is gnách".

	2024 (€'000)	2023 (€'000)
Seirbhísí iompair agus comhairleacha réadmhaoine	2,513	2,504
Dlí	2,196	3,263
Comhairleach cánach agus airgeadais	233	239
Cosaint sonraí agus ullmhú RGCS	27	13
Pinsin agus acmhainní daonna	5	5
	4,974	6,024
Costais shainchomhairleoireachta a cuireadh ar fáil don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus do na Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	3,916	5,756
Costais shainchomhairleoireachta caipitlithe	1,058	268
	4,974	6,024

Costais Dlí agus Socraíochtaí

Déantar miondealú sa tábla thíos ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a thabhaítear maidir le comhairle ghinearálta faighte ag an Údarás a nochtar sna costais Shainchomhairleoireachta thuas.

	2024 (€'000)	2023 (€'000)
Imeachtaí dlí	970	256
Íocaíochtaí comhréiteacha agus eadrána	-	-
Costais dlí chontrapháirtí íoctha ag an gcomhlacht Stáit	-	-
Socraíochtaí	-	-
	970	256

Taispeántar na costais uile glan ó fháltais árachais.

Caiteachas taistil agus cothabhála

Déantar caiteachas Taistil agus Cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

	2024 (€'000)	2023 (€'000)
Taisteal agus cothú baile		
› Bord	11	4
› Fostaithe	108	93
Taisteal agus cothú idirnáisiúnta		
› Bord	5	2
› Fostaithe	44	60
	168	159

Caiteachas fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2024 (€'000)	2023 (€'000)
Fáilteachas Foirne	6	20
Fáilteachas Cliant	1	-
	7	20


Ráiteas Géilliúlachta

Tá glactha ag an mBord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Bhí an tÚdarás i gcomhlíonadh iomlán leis an gCód do 2024.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



Peter Strachan Uasal
Cathaoirleach



Hugh Creegan Uasal
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

27 Meitheamh 2025

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Raon freagrachta

Thar ceann an Údaráis, aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcaomhnaítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Leis an bhfreagracht sin, cuirtear ceanglais an Chóid san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaí

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachas Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainn chun riosca a bhainistiú

Tá an CIR comhdhéanta de thriúr comhalta Boird agus beirt chomhalta seachtracha. Tá saineolas cuí ag comhaltaí aonair an CIR sna réimsí airgeadais, iniúchta agus riosca. Bhí sé chruinniú ag an CIR in 2024.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás freisin trí úsáid a bhaint as gnólacht iniúchta tríú páirtí a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus a chuireann clár oibre atá comhaontaithe leis an CIR i gcrích.

Tá creat bainistíochta riosca forbartha ag an Údarás, tá polasaithe agus nósanna imeachta gaolmhara sainmhínithe aige, agus tá a inghlacthacht riosca leagtha amach aige chomh maith. Áirítear leis na nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca sonraí faoi róil agus freagrachtaí na mball foirne i dtaca le bainistíocht riosca. Eisíodh na gnéithe cuí de na polasaithe agus na nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca don phearsanra san Údarás. Is é is cúis leis seo ná go gcuirtear cách, agus an lucht bainistíochta go háirithe, ar an airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn, lena dtarraingítear aird ar an ngá go nglacann siad freagracht chucu féin ina réimsí oibre féin. Tá Príomhoifigeach Riosca ag an Údarás a bhfuil freagracht oibríochtúil air as an gcreat bainistíochta riosca a riar.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás lena sainaitheann agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir agus is cuí, iad a mhaolú.

Sainithníodh le próisis bhainistíochta riosca príomhrioscaí os comhair an Údaráis agus tá cláir riosca i bhfeidhm ina ndéantar taifead ar na rioscaí sin. Rinneadh na rioscaí a mheas agus tugadh grád dóibh i gcomhréir lena dtábhacht. Déanann an Bord agus an CIR athbhreithniú agus nuashonrú ar na cláir ag gach ceann dá gcruinnithe. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú, a mhéid is féidir, go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- › Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe;
- › Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta lena mbaineann cuntasacht chomhfhreagrach
- › Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht bainistíochta sinsearaí agus an Bord faoi athbhreithniú;
- › Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil faisnéise agus córais teicneolaíochta cumarsáide;
- › Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint; agus
- › Cinntítear le nósanna imeachta rialála do chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha rialú leordhóthanach maidir le formheas deontais agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh i bhfeidhm an cistiú deontais chun na críocha cearta.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta le haghaidh próisis rialaithe monatóireachta lena n-áirítear aon easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh. Tuairiscítear easnaimh don lucht bainistíochta sinsearaí agus don Bhord freisin. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- › Aithníodh na príomhrioscaí agus rialuithe maidir leo agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh aitheanta a thuairisciú;
- › Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- › Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus cuireann siad le chéile tuairiscí airgeadais a chuireann feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéis.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun comhlíonadh leis na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin le linn 2024.

Maoiniú Infheistíochta Caipitil - rialuithe

Capital Investment funding in 2024 amounted to €993m (2023: €893m). Controls over this funding include the following:

- › A chinntiú go mbíonn tionscadail aonair ailínithe leis an gceithre chlár infheistíochta caipitil iompair phoiblí (i.e. Sábháilteacht agus Forbairt i dtaca le hIarnród, Bonneagar Iompair Phoiblí, Inrochtaineacht agus Infheistíocht i dtaca le Taisteal Gníomhach) agus le pleananna straitéiseacha;
- › Idirghabháil rialta leis an Roinn Iompair (DoT) chomh maith le cuspóirí, spriocanna, buiséid agus infhaighteacht mhaoinithe a leagan síos in éineacht le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn;

- › Pleananna maidir le tionscadail a chur chun feidhme a ullmhú agus a fhaomhadh chomh maith le hidirghabháil dhlúth maidir le tionscadail a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit, oibreoirí iompair agus údaráis áitiúla a bhfuil baint acu leis na tionscadail éagsúla a chur chun feidhme;
- › Doiciméid maidir le polasaí tionscadal agus nósanna imeachta an ÚNI a chaomhnú agus a nuashonrú i gcomhréir le haon nuashonruithe do bheartas agus nósanna imeachta an rialtais amhail na Treoirlínte Bonneagair (ar a dtugtaí an Cód Caiteachais Phoiblí roimhe seo), nó aon treoir earnálach ábhartha eile amhail an Creat Breithiúnas Iompair;
- › A chinntiú go mbunaítear buiséid do thionscadail aonair agus go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí monatóireacht orthu (lena n-áirítear gníomhaíochtaí réamhaisnéise rialta) lena saináithnítear athruithe agus lena ndéantar iniúchadh orthu in am trátha. I gcás tionscadal mór, tuairisciú míosúil a chinntiú i dtaca le caiteachas iarbhir a éilíodh i gcoinne bhuiséad don Bhord;
- › A chinntiú go rialaítear tionscadail agus cláir i gcomhréir le ceanglais Treoirlínte Faomhadh Tionscadail an Údaráis lena gcuirtear creat ar fáil i dtaca le gach luach caipitil chomh maith le tionscadail Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide (TFC) arna maoiniú ag an Údarás, mar aon le cur chuige céimnithe maidir le forbairt, bainistíocht agus seachadadh tionscadal soghluaisteachta de gach cineál;
- › A chinntiú go ndéantar tionscadail agus cláir a mheasúnú, a rialú, agus a sheachadadh i gcomhréir le ceanglais na dTreoirlínte Bhonneagair, an Chreata Bhreithiúnais Iompair agus treoir ábhartha eile;
- › Ag dul i mbun idirghabhála le Bord an Údaráis agus Boird / Coistí ábhartha eile amhail an Grúpa Rialaithe Mhórthionscadal de chuid na Roinne Iompair i dtaca le treoir, ceaduithe ábhartha agus seachadadh tuarascálacha ar dhul chun cinn a lorg;
- › Monatóireacht inmheánach agus seachtrach chuí agus leordhóthanach a chinntiú; agus
- › A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.

Maoiniú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) - rialuithe

B'ionann maoiniú OSP in 2024 agus €701m (2023: €575 milliún). Áirítear na nithe seo a leanas i measc na srianta ar an maoiniú seo:

- › Conarthaí seirbhíse láidre le hoibreoirí iompair poiblí, idir chomhlachtaí Stáit agus cuideachta príobháideacha araon, maidir le seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar a bhfuil gá sóisialta leo ach nach iondúil go mbíonn siad inmharthanach ó thaobh na tráchtála de;
- › Rialuithe láidre a chinntiú i dtaca le hioncam táillí a bhailiú ar son an Údaráis;
- › A chinntiú go gcuireann oibreoirí Pleananna Cosanta Ioncaim faoi bhráid an Údaráis i gcás chonarthaí móra, lena sainmhínítear an chaoi a dtugtar cosaint d'ioncaim;
- › I gcás gach conradh mór, tugann an tÚdarás faoi Shuirbhéanna Imghabhála Táillí chun iniúchadh a dhéanamh ar leibhéil imghabhála táillí;
- › A chinntiú gur féidir leis an Údarás íocaíochtaí bhaint d'oibreoirí ar mhaithe le hioncam caillte a chúiteamh, nuair a sháraíonn leibhéil imghabhála táillí tairseach sonrach, de réir mar a bhaineann oibreoirí iompair leas níos fearr ná an caighdeán as aon ráta imghabhála táillí ar mhaithe le hoibreoirí iompair a spreagadh chun díriú ar fheabhsúcháin sa réimse seo;
- › Tuairisciú agus monatóireacht rialta i dtaca le príomhtháscairí feidhmíochta lena n-áirítear iontaofacht agus poncúlacht seirbhíse;
- › Ceaduithe ag an Údarás i dtaca le gach athrú do na conarthaí seirbhísí iompair poiblí;
- › Conarthaí seirbhíse poiblí a leasú chun méadú a spreagadh i dtaca le hiompar poiblí a úsáid agus chun freagairt don éileamh athraithe;

- › Cruinnithe rialta le hoibreoirí iompair phoiblí le cinntiú go bhfuil riachtanais phaisinéirí á gcomhlíonadh ag oibreoirí iompair phoiblí agus go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach acu;
- › Ag tuairisciú do Bhord an Údaráis agus DoT go rialta agus ag dul i mbun idirghabhála rialta leo; agus
- › A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.

I gCáinainéis 2022 d'fhógair an Rialtas plan maidir le scéim Chárta Aosach Óg (YAC) a thabhairt isteach ar an iompar poiblí uile, lena dtabharfaí lascaine de 50% do shealbhóirí YAC ón táille caighdeánach do dhaoine fásta. Tá an scéim infheidhme maidir le haosaigh óga san aoisghrúpa 19 go 25, an dá aois sin san áireamh, ó bhí Cáinainéis 2023 ann (19 – 23 bliana d'aois roimhe sin) agus iad siúd atá in oideachas lánaimseartha. Tugadh an scéim isteach ar sheirbhísí PSO i dtús báire.

Cuireadh rialuithe cosúil leo siúd a dtugtar achoimre orthu thuas i dtaca le maoiniú PSO i bhfeidhm maidir leis an maoiniú a chuirtear ar fáil don earnáil bhus corparáideach.

Scéim thicéadú comhtháite i dtaca leis an gcárta Leap - rialuithe

B'ionann an t-ioncam táillí iompair phoiblí a próiseáladh tríd an scéim chárta Leap in 2024 agus €300m (2023: €275 milliún). Áirítear na nithe seo a leanas i measc na srianta ar an scéim seo:

- › Réimse leathan bailíochtaithe idirbhearta a chur i gcrích ar gach idirbheart táille a phróiseáiltear sna córais Leap;
- › Cothabháil leanúnach ar chreat suntasach rialuithe airgeadais/comhréitithe. I measc chuspóirí eile, tá na rialuithe seo deartha chun aon aimhrialtacht idir na córais Leap nó sna gluaiseachtaí airgeadais ar fud na scéime Leap a shainaithint;
- › Tacar cuimsitheach de bhearta slándála a thabhairt isteach chun rochtain a rialú, leochaileachtaí a bhrath agus iompraíochtaí aimhrialta agus neamhghnácha ar an líonra a bhrath. Áirítear leis seo roinnt athbhreithnithe agus iniúchta slándála, lena n-áirítear tástálacha insíothlaithe slándála. Sainaithníodh roinnt deiseanna chun feabhas a chur ar rialuithe i dtaca le bainistíocht rochtana le hathbhreithnithe a cuireadh i gcrích in 2024 ar chóras an Chárta Leap. Cuirfear na gníomhartha a bhfuil gá leo chun cinn mar thosaíocht agus soláthrófar nuashonruithe rialta ar dhul chun cinn don CIR;
- › Cothabháil leanúnach ar shraith chuimsitheach de phríomhtháscairí feidhmíochta (airgeadais, oibríochtúla, ICT etc.) chun aird a tharraingt ar aon treochtaí gnó neamhghnácha;
- › Athbhreithniú feidhmíochta leanúnaigh ar sholáthraithe seirbhíse ag bainistíocht scéime agus lucht bainistíochta sinsearaí an Údaráis, in éineacht le hidirghabháil dhlúth le hoibreoirí iompair rannpháirteacha;
- › Roinnt bearta leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaistí a áireamh chun athléimneacht agus cinnteacht maidir le leanúnachas gnó a chur ar fáil;
- › Athbhreithniú i dtaca le Caighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Lontaofachta (ISAE) 3402 a chur i gcrích, ag iniúchóirí neamhspleácha, lena gclúdaítear gnéithe na scéime a rialaíonn agus a bhainistíonn an tÚdarás. Comhlánaítear é seo le hathbhreithnithe ag na hoibreoirí iompair rannpháirteacha móra, a chuireann a n-iniúchóirí neamhspleácha i gcrích, lena gclúdaítear gnéithe na scéime a rialaíonn agus a bhainistíonn na hoibreoirí iompair; agus
- › Cuireadh measúnú ar Chaighdeán Slándála Sonraí i dtaca le hEarnáil na gCártaí Íocaíochta i gcrích d'iaratas Breisithe Chárta Leap NFC an Údaráis in 2024. Tá an deimhniú seachtrach seo ag teastáil mar gheall ar mhéid na n-idirbheart lena mbaintear amach an tairseach ábhartha.

Sócmhainní i dtaca le Feithiclí Paisinéirí Bóthair – rialuithe

Tá glanluach de réir na leabhar ag Feithiclí Paisinéirí Bóthair de €519m in 2024 (2023: €437 milliún). Áirítear na nithe seo a leanas i measc na srianta ar na sócmhainní:

- › A chinntiú go gcomhlíonann gach soláthar rialacháin maidir le soláthar poiblí de chuid an AE;
- › Bíonn foirne soláthair rannpháirteach agus cuimsithe go gníomhach le gach gné d'Fheithiclí Paisinéirí Bóthair a sholáthar;
- › Is é an Bord a dhéanann dámhachtain chonarthaí a fhaomhadh i dtaca le ceannach Feithiclí Paisinéirí Bóthair ag an Údarás mar a bhaineann sé le ceannach Feithiclí Paisinéirí Bóthair ag an Údarás;
- › A chinntiú go gcuimsítear socruithe aistrithe i dtaca le Feithiclí Paisinéirí Bóthair, go na hoibreoirí iompair agus uathu, mar phríomhfhóráil laistigh de na conarthaí oibreoirí ábhartha uile. A chinntiú go dtugtar achoimre shoiléir ar fhreagrachtaí an oibreora i dtaca le bainistíocht sócmhainní sna conarthaí seo;
- › A chinntiú, i gcás conarthaí dámhachtana díri, go bhfuil comhaontuithe léasa i bhfeidhm maidir le coinníollacha úsáide shócmhainní Feithiclí Paisinéirí Bóthair an Údaráis ag an oibreoir. Tugtar sainmhíniú leis na comhaontuithe atá i bhfeidhm ar na ceanglais chothabhála i dtaca le sócmhainní;
- › Cigireachtaí mionsonraithe ar Fheithiclí Paisinéirí Bóthair ag stórais arna ndéanamh ag conraitheoir saineolach;
- › Cuirtear tuarascálacha ráithiúla ar fáil ar shócmhainní na bhFeithiclí Paisinéirí Bóthair a úsáideann na hoibreoirí, lena n-áirítear aon saincheistanna a eascraíonn i ndáil le hoibriú, cothabháil nó deisiú sócmhainní, agus fianaise go bhfuil saincheistanna a bhaineann le sócmhainní curtha i láthair ar leithligh laistigh de na tuarascálacha;
- › A chinntiú go bhfuil rialuithe láidre i bhfeidhm maidir le sócmhainní a aithint, a thaifeadadh agus a aicmiú, lena n-áirítear clár mionsonraithe sócmhainní seasta a chothabháil a dhéantar nuashonrú, réiteach agus tuairisciú ina leith gach mí; agus
- › Cosaint sócmhainní a chinntiú trí idirphlé leanúnach leis na hoibreoirí iompair maidir le húsáid na sócmhainní, lena n-áirítear athbhreithnithe fíoraithe fisiciúla bliantúla agus dearbhuithe ó oibreoirí iompair ar riocht agus stádas na sócmhainní, lena n-áirítear aon chomharthaí ar lagú.

Cibearshlándáil – rialuithe

Tá roinnt rialuithe cibearshlándála curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun riosca cibearshlándála a mhaolú agus chun bagairtí cibearshlándála a réamh-mheas. Chun sraith rialuithe slándála atá athléimneach ó thaobh cibearshlándála de a bhaint amach, tá an méid seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an Údarás:

- › A chinntiú go gcuirtear próisis rialachais, riosca agus comhlíontachta cibearshlándála i bhfeidhm go héifeachtach ar fud an Údaráis, agus tuairisciú éifeachtach i bhfeidhm chuig an bPríomhoifigeach Faisnéise (CIO), an lucht Bainistíochta Shinsearaí, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord de réir mar is iomchuí agus le minicíocht shainithe.
- › Tá rialuithe slándála curtha i bhfeidhm ag an Údarás i gcomhréir le creat Cibearshlándála an Institiúid Náisiúnta um Chaighdeán agus Teicneolaíocht (NIST), atá struchtúrtha timpeall ar chúig fheidhm slándála (Aithint, Cosaint, Braith, Freagairt, agus Aisghabháil).
- › Tacaíonn foireann slándála an Údaráis le comhlíonadh PCI DSS (Caighdeán Slándála Sonraí Tionscail Cártaí Íocaíochta), GDPR (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), an Treoir NIS (Slándáil Líonra agus Faisnéise) agus Caighdeán Bonnlíne Cibearshlándála na hEanála Poiblí in Éirinn;

- › Próisis bhainistíochta leochaileachtaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun a chinntiú go ndéantar gach leochaileacht slándála a shainaithint, a rianú, go ndéantar measúnú riosca orthu/go nglactar leo agus go ndéantar iad a réiteach i gcomhréir leis an mbeartas comhaontaithe maidir le bainistíocht leochaileachtaí agus paistí;
- › Athbhreithnithe slándála agus tástálacha insíothlaithe a dhéanamh ar chórais lena chinntiú go bhfuil córais slán nuair a sheoltar iad agus go bhfanann siad slán ar bhonn leanúnach;
- › A chinntiú go ndéantar gach teagmhas slándála agus sárú sonraí a bhainistiú go héifeachtach tríd an bpróiseas bainistíochta teagmhas;
- › Seasamh slán scamall agus ar an láthair a sholáthar trínár líonraí, ár mbonneagar agus ár bhfeidhmchláir a dhaingniú, agus trí chleachtais slándála tionscail lena dtugtar sainmhíniú ar ár soláthraithe scamall a chur i bhfeidhm;
- › Cumais mhonatóireachta slándála agus faisnéise faoi bhagairtí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir leis an Údarás bagairtí slándála a aithint go luath, agus go mbeidh sé in ann iad a réamh-mheas agus ár líonraí, ár mbonneagar agus ár bhfeidhmchláir á gcosaint ag an am céanna;
- › Sraith chuimsitheach bearta slándála a ionchorprú chun a chinntiú go ndéantar leanúnachas gnó agus téarnamh ó thubaiste a bhainistiú trí phróisis shonracha agus go gcumasaítear iad le réitigh theicneolaíochta iomchuí. Déantar tástáil rialta agus athbhreithniú bliantúil ar ár bpleananna leanúnachais ghnó, bainistíochta teagmhas, freagartha cibearshlándála agus téarnaimh ó thubaistí lena chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta agus oiriúnach don chuspóir;
- › A chinntiú go gcuirtear rochtain úsáideora ar fáil i gcomhréir lenár mbearta inmheánacha agus go bhfuil an rochtain a shanntar d'úsáideoirí caighdeánacha agus pribhléideacha bailí agus i gcomhréir le prionsabal “riachtanais eolais” an ghnó;
- › Athbhreithnithe rialta tríú páirtí ar bhainistíocht riosca a chur i gcrích ar ár soláthraithe agus ar ár gcomhpháirtithe straitéiseacha chun riosca a aithint ag tús tionscadail agus ar bhonn leanúnach. Ina theannta sin, sainmhínítear agus déantar príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) conarthacha iomchuí a thomhas gach mí. Tá sraitheanna cosanta iolracha curtha i bhfeidhm ag ár bhfoireann slándála, chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh conarthaí mar a bhaineann sé le slándáil agus le dualgais a dheighilt ionas gur féidir leis an bhfoireann slándála dul i gcomhairle leis an bhfoireann TF maidir le rialuithe slándála iomchuí a chur i bhfeidhm, chomh maith le comhairle éifeachtach a thabhairt dóibh;
- › Cloíonn ár dtionscnaimh tionscadail uile lenár modheolaíocht slán de réir dearaidh agus réamhshocraithe, agus tá rialuithe slándála ionsuite iontu ag tús tionscadail nó gníomhaíochta soláthair ar bith. Tá ár seirbhísí comhairleacha agus ailtireachta struchtúrtha le go gcuimsítear iad i ngach céim de threoirlínte ceadaithe tionscadail an Údaráis agus tá ár bhfoireann oifigeach slándála agus ailtirí ag cur le rialuithe agus moltaí atá dírithe ar shlándáil;
- › A chinntiú go bhfaigheann gach fostaí den Údarás oiliúint feasachta slándála ag an ionduchtú agus go bliantúil. Ina theannta sin, seoltar ríomhphoist agus comhairle feasachta go rialta bunaithe ar an tírdhreach bagairtí cibearshlándála dinimiciúil;
- › Feachtais fioscaireachta “insamhalta” míosúla a chur i gcrích le fostaithe an Údaráis chun an bhagairt fioscaireachta a thomhas i rith an ama, agus oiliúint bhreise a chur ar fáil más gá; agus
- › Rialuithe príobháideachais sonraí agus cosanta sonraí a chur i bhfeidhm go leanúnach inár n-oibríochtaí agus inár bpróisis slándála - amhail aicmiú sonraí, athbhreithnithe ar chosc caillteanais sonraí agus monatóireacht slándála chun a chinntiú go mbaintear comhlíonadh RGCS amach agus go dtacaítear leis le bearta teicniúla agus eagraíochtúla leordhóthanacha.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta rialaithe agus bainistíochta riosca. Mar bhonn eolais don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an tÚdarás ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tá obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht Bainistíochta Sinsearaí laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialúchán inmheánach do 2024 i mí Feabhra 2025.


Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2024, nó ar an dáta ar síníodh na ráitis airgeadais, a bhfuil nochtadh ag teastáil ina leith sna ráitis airgeadais.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



Peter Strachan Uasal
Cathaoirleach



Hugh Creegan Uasal
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

27 Meitheamh 2025

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (Ich 1/3)



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National Transport Authority

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Transport Authority for the year ended 31 December 2024 as required under the provisions of section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Transport Authority at 31 December 2024 and of its income and expenditure for 2024 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 – *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Transport Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Transport Authority has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Delay and cost overrun on the National Train Control Centre project

In July 2019, the National Transport Authority approved an Iamród Éireann project to develop a National Train Control Centre (NTCC), to manage and regulate all train movements on the national rail network. The project includes the construction of a new train control centre building at Heuston Station, the refurbishment of the existing central train control centre at Connolly Station, and the development of a new electronic train traffic management system and back-up facility.


Note 25 to the financial statements discloses that while the new NTCC building at Heuston Station was completed in 2022, there is a significant delay in relation to the development of the train traffic management system and back-up facility.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (lch 2/3)

Report of the Comptroller and Auditor General (continued)

The original plan was that the new management system and back-up facility would both be commissioned by March 2025. Note 25 discloses that the current estimated date for completion of the commissioning is May 2028. Final acceptance and handover of the completed system (including the back up facility) is expected by November 2028.

The original project budget was €148 million. The current estimated outturn cost for the project is €189 million. This represents a cost overrun of €41 million, or 28%.



Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

30 June 2025

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (Ich 3/3)

Appendix to the report

Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended) to audit the financial statements of the National Transport Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the National Transport Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the National Transport Authority to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

Ráiteas ar Ioncam Agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 (€'000)	2023 (€'000)
Ioncam			
Deontais an Oireachtais			
› Maoiniú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	2.1	701,100	575,479
› Maoiniú Infheistíochta Caipitil	2.2	992,860	892,547
› Maoiniú Taistil eile	2.3	39,986	33,593
› Maoiniú Riaracháin	2	42,733	36,589
Ioncam Táille	3	501,088	471,017
Ioncam ceadúnaithe	4	6,463	6,549
Ioncam eile	5	9,633	7,742
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir	15.3	4,877	4,818
Ioncam iomlán		2,298,740	2,028,334
Caiteachas			
Caiteachas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	6	1,163,414	982,086
Caiteachas i dtaca le Ticéadú agus Teicneolaíocht Taistil	6.1	37,475	35,453
Caiteachas Infheistíochta Caipitil	7	882,126	870,822
Caiteachas Deontais Eile	8	42,411	34,308
Caiteachas ar Chláir eile	9	3,020	3,231
Caiteachas ceadúnaithe	10	6,525	6,100
Fostaithe, Fostaithe ar lasacht agus Seirbhísí Socrúcháin Seachfhoinsithe	11	33,446	29,590
Costais chóiríochta oifige	12	8,114	5,161
Costais Riaracháin Eile	13	10,153	9,308
Costais i dtaca le Sochar Scoir	14	4,230	3,828
Caiteachas iomlán		2,190,914	1,979,887
Barrachas na bliana roimh Leithreasáí		107,826	48,447
Aistriú chuig an gcuntas caipitil	21	(119,603)	(27,601)
(Easnamh)/Barrachas na Bliana i ndiaidh Leithreasáí		(11,777)	20,846
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		41,189	20,343
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		29,412	41,189

Tá nótaí 1 go 31 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



Peter Strachan Uasal
Cathaoirleach



Hugh Creegan Uasal
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

27 Meitheamh 2025

Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024


	Nótaí	2024 (€'000)	2023 (€'000)
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(11,777)	20,846
Ioncam cuimsitheach eile			
Atomhais ar an oibleagáid glansochair shainithe	15.2	4,606	(3,516)
Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	15.2	(4,606)	3,516
Iomlán an (easnaimh)/barrachais aitheanta don bhliain		(11,777)	20,846

Tá nótaí 1 go 31 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



Peter Strachan Uasal
Cathaoirleach



Hugh Creegan Uasal
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

27 Meitheamh 2025

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2024


	Nótaí	2024 (€'000)	2023 (€'000)
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	16	15,266	17,461
Sealúchas, gléasra agus trealamh	17	577,278	454,920
		592,544	472,381
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	18	26,842	21,269
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		115,710	100,148
		142,552	121,417
Suimeanna iníoctha: dlite faoi cheann 1 bhliain	19	(115,749)	(85,638)
Glansócmhainní reatha		26,803	35,779
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		619,347	508,160
Oibleagáidí sochair scoir	15.2	(56,118)	(55,847)
Sócmhainn mhaoinithe sochar scoir iarchurtha	15.2	56,118	55,847
Suimeanna iníoctha dlite faoi cheann níos mó ná 1 bhliain	20	(6,724)	(3,363)
Iomlán na nglansócmhainní		612,623	504,797
Maoinithe ag			
Cuntas caipitil	21	583,211	463,608
Cúlchistí ioncaim choinnithe		29,412	41,189
		612,623	504,797

Tá nótaí 1 go 31 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



Peter Strachan Uasal
Cathaoirleach



Hugh Creegan Uasal
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

27 Meitheamh 2025

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024


	Nótaí	2024 (€'000)	2023 (€'000)
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
(Easnamh)/ ioncam barrachais os cionn caiteachais		(11,777)	20,846
Aistrithe cuntais chaipitil - sócmhainní seasta	21	119,603	27,601
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	16	6,667	7,200
Dímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh	17	59,878	47,017
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	13	286	956
Ús glan bainc infhaighte		(202)	(205)
Méadú ar infháltais	18	(5,573)	(9,355)
Méadú ar shuimeanna iníoctha	19/20	33,472	13,898
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		202,354	107,958
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní doláimhsithe a fháil	16	(4,573)	(2,612)
Íocaíochtaí chun réadmhaoín, gléasra agus trealamh a fháil	17	(182,421)	(82,594)
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(186,994)	(85,206)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Ús glan bainc faighte		202	205
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin		202	205
Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid i rith na bliana		15,562	22,957
Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		100,148	77,191
Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig		115,710	100,148

Tá nótaí 1 go 31 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



Peter Strachan Uasal
Cathaoirleach



Hugh Creegan Uasal
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

27 Meitheamh 2025

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás leo.

a) Ginearálta

Bhí ceannoifige an Údaráis lonnaithe ag Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Le linn 2024, athraíodh é seo go Teach Haymarket, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Leis an suíomh nua, cuirtear ionad oibre nua-aimseartha aon-láithreáin ar fáil atá in ann freastal ar gach ball foirne de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair atá ag obair i bpatrún hibrídeach. Is é príomhchuspóir an Údaráis córas iompair éifeachtúil, inrochtana agus comhtháite a chinntiú i gceantair thuaithe agus uirbeacha na hÉireann. Tá an tÚdarás freagrach freisin as rialáil seirbhísí amhail seirbhísí iompair bus poiblí tráchtála agus Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (“BFSP”).

Is eintiteas ar mhaithe le leas an phobail (PBE) é an tÚdarás.

Is é an Euro airgeadra cur i láthair agus feidhmiúil na ráiteas airgeadais seo. Tá na méideanna uile sna ráitis airgeadais slánaithe go dtí an €1,000 is gaire.

b) Bunús ullmhúcháin

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, agus le FRS 102 an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis cuntasaíochta i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

c) Airgeadra eachtrach

Idirbhearta agus iarmhéideanna

Agus ráitis airgeadais an Údaráis á n-ullmhú, aithnítear idirbhearta in airgeadraí seachas airgeadra feidhmiúil an Údaráis de réir an ráta láithreach ar dhátaí na n-idirbheart nó de réir meánráta i gcás ina bhfuil an ráta seo gar don ráta iarbhir ar dháta an idirbhirt. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar míreanna airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a ath-aistriú de réir na rátaí atá i réim ar an dáta sin. Ní athaistrítear míreanna neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar bhonn chostais stairiúil na míreanna sin in airgeadra eachtrach.

Aithnítear difríochtaí malairte sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí loncaim Choinnithe sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn, seachas difríochtaí malairte ar cheannach sócmhainní seasta a scaoiltear chuig an Ráiteas loncaim agus Caiteachais thar shaolré na sócmhainne ábhartha.

d) Ioncam

Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus i gCúlchistí Ioncaim Choinnithe ar bhonn fáltais airgid. Sa chás ina mbíonn coinníoll sonracha a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ceangailte le gné éigin den mhaoiniú, aithnítear an t-ioncam nuair a chomhlíontar an coinníoll.

Baintear úsáid as deontais de réir choinníollacha an leithdháilte deontais. Leagtar amach thíos sonraí i dtaca le foinsí agus cineálacha na ndeontas le haghaidh 2024:

Roinn	Cineál Deontais
DSP** - Vótáil	Maoiniú i dtaca le taisteal saor in aisce - fotheideal A40
an Roinn Iompair * - Vóta	Laghdú Carbóin (Deontais SPSV leictreacha) - fo-cheannteideal B3
an Roinn Iompair * - Vóta	Taisteal Gníomhach - fotheideal A3.1
an Roinn Iompair * - Vóta	Iompar Cliste atá Freagrach don Éileamh- B3.1
an Roinn Iompair * - Vóta	Deontas i dtaca le taisteal níos cliste- fotheideal A3.2
an Roinn Iompair * - Vóta	Rothaíocht agus siúl - fotheideal A3.3
an Roinn Iompair * - Vóta	Deontas na scoileanna glasa - fotheideal A3.4
an Roinn Iompair * - Vóta	Ciste an Aistrithe Córa - B3.2
an Roinn Iompair * - Vóta	Deontais i dtaca le Taisteal faoin Tuath - fotheideal B3.4
an Roinn Iompair * - Vóta	Maoiniú Oibleagáide Seirbhíse Phoiblí - fotheideal B3.1
an Roinn Iompair * - Vóta	Sábháilteacht agus forbairt i dtaca le iarnród trom - fotheideal B4.1
an Roinn Iompair * - Vóta	Bonneagar iompair phoiblí - fotheideal B4.2
an Roinn Iompair * - Vóta	Clár aiseistithe inrochtaineachta - fotheideal B4.3
an Roinn Iompair * - Vóta	Éire a Nascadh - fotheideal B3.1
an Roinn Iompair * - Vóta	Seirbhísí na mBailte Nua - fotheideal B3.1
an Roinn Iompair * - Vóta	Caiteachas riaracháin - fotheideal B5.2

* An Roinn Iompair ("DoT")

** An Roinn Coimirce Sóisialaí ("DSP")

Is é atá sa Chuntas Caipitil ná sciar an ioncaim gan amúchadh a chuirtear i bhfeidhm chun críocha caipitiúla. Maoinítear sócmhainní seasta ó ioncam deontais a aistrítear chuig an gcuntas caipitil agus a amúchtar i gcomhréir le hamúchadh sócmhainní doláimhsithe agus le dímhéas maoinne, gléasra agus trealamh. Tá maoiniú trí infheistíocht stáit faoi chosaint agus ní úsáidfear é mar urrús d'aon ghníomhaíocht eile gan dul i gcomhairle roimh ré leis an Roinn Iompair agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an NDP.

Ceadúnú

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as ceadúnú feithiclí/tiománaithe, measúnú agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe i leith rialáil SPSV agus ceadúnú seirbhísí iompair phoiblí bus tráchtála. Aithnítear ioncam ar bhunús fáltais airgid thirim.

Fógraíocht scáthlán bus

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as spáis fógraíochta a dhíol ar scáthlán bus. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

Ioncam ó pháirceáil chóistí

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as úsáid na saoráide páirceála cóistí ag oibreoirí cóistí ar na rátaí is infheidhme. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

Scéim rothar réigiúnaí

Eascaíonn ioncam as rothair ar cíós agus as spás fógraíochta a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

e) Ioncam táille

Faigheann an tÚdarás ioncam ó tháillí trína shocruithe conartha costas comhlán le Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann. Ina theannta sin, tá roinnt conarthaí ag an Údarás chun seirbhísí poiblí paisinéirí a sholáthar a cuireadh ar tairiscint go iomaíoch, lena n-áirítear na seirbhísí sin a bhí á n-oibriú ag Bus Átha Cliath nó Bus Éireann roimhe seo. Faoi na conarthaí seo, coinníonn an tÚdarás ioncam ó tháillí. Is é an tÚdarás seachas an t-oibreoir a shocraíonn ábhair amhail táillí, minicíocht agus sceidealú i gcónaí. Úsáideann an tÚdarás na hioncaim seo sa bhreis ar mhaoiniú deontais ón Oireachtas chun gníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a mhaoiniú.

Aithníonn an tÚdarás ioncam trína shruthanna ioncaim éagsúla mar seo a leanas:

Airgead tirim ar an mBus:

Aithnítear ioncam ó airgead tirim ar an mbus ag an bpointe díolacháin arb é an lá ar a soláthraítear an tseirbhís.

Ioncam ó ríomh-sparán na scéime ticéadaithe comhtháite Chárta Leap TFI:

Aithnítear ioncam ó ríomh-sparán na scéime ticéadaithe comhtháite Chárta Leap TFI ar an lá ar a soláthraítear an tseirbhís.

Coigilteoir Cánach:

Aithnítear ticéid Choigilteora Cánach bliantúla go cothrom thar na tréimhsí sa bhliain lena mbaineann na táirgí.

Ioncam Táirgí TFI:

Aithnítear ioncam táirgí TFI ar an lá ar a ndíoltar an ticéad.

Ioncam ó Thaisteal Saor in Aisce:

Faightear ioncam Taistil Saor in Aisce faoin scéim bhaile gach mí ón Roinn Coimirce Sóisialaí, agus aithnítear é sa mhí lena mbaineann sé. Faightear na fáлтаis ioncaim i riaráiste. Faightear an t-ioncam Trasteorann go tréimhsiúil agus aithnítear é nuair a fhaightear cistí.

f) Ús infhaighte/ús iníochta

Aithnítear ioncam nó costas úis ar bhonn fabhraithe.

g) Caiteachas deontais

Aithnítear caiteachas sa bhliain ar bhonn na méideanna a íoctar amach le deontaithe agus na gcostas a thabhaítear i gcás tionscadal a chuireann an tÚdarás i bhfeidhm go díreach.

h) Sócmhainní doláimhsithe

Luaitear sócmhainní doláimhsithe ag a gcostas stairiúil nó a luacháil, lúide amúchadh carntha. Gearrtar amúchadh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe de réir méid cothrom ag na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun na sócmhainní atá coigeartaithe le haghaidh luach iarmharach a scríobh amach thar a saolré úsáideach ionchais. Gearrtar amúchadh bliana iomláine ar chur leis na sócmhainní seasta doláimhsithe go léir i mbliain an fhála agus ní ghearrtar aon amúchadh i mbliain an diúscartha.

Bogearraí córas iompair	10% - 20% de réir méid cothrom
Bogearraí bonneagair iompair	10% - 20% de réir méid cothrom
Bogearraí trealamh oifige	20% - de réir méid cothrom

Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna iarmharacha, ar shaolréanna úsáideacha agus ar mhodh amúchta sócmhainní doláimhsithe agus déantar iad a choigeartú go réamhbhreathnaitheach, más iomchuí.

Meastar go modhnaíonn athruithe ar an saolré úsáideach ionchais nó ar an bpatrún tomhaltais ionchais ar shochair eacnamaíocha amach anseo atá corpraithe sa tsócmhainn an tréimhse nó an modh amúchta, de réir mar is iomchuí, agus láimhseáiltear iad mar athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta.

Aithnítear costais forbartha bogearraí mar shócmhainn doláimhsithe nuair a léirítear na critéir seo a leanas go léir:

- › An indéantacht theicniúil a bhaineann le forbairt na mbogearraí a chríochnú ionas go mbeidh siad ar fáil lena n-úsáid nó lena ndíol;
- › An rún an bogearra a chríochnú agus é a úsáid nó a dhíol;
- › An cumas úsáid a bhaint as an mbogearra nó é a dhíol;
- › Infhaighteacht acmhainní teicniúla, airgeadais agus eile leordhóthanacha chun an fhorbairt a chríochnú agus chun na bogearraí a úsáid nó a dhíol; agus
- › An cumas chun an caiteachas is inchurtha i leith na mbogearraí le linn a fhorbartha a thomhas go hiontaofa.

i) i) Sealúchas, gléasra agus trealamh

Sonraítear maoín, gléasra agus trealamh ag a gcostas stairiúil nó a luacháil, lúide dímheas carntha. Gearrtar díluacháil ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe ar bhonn díreach de réir méide, ag na rátaí atá leagtha amach thíos a ríomhtar chun na sócmhainní a scríobh amach, arna gcoigeartú le haghaidh luach iarmharach, thar a saolré úsáideach ionchais. Gearrtar dímheas bliana iomláine ar chur leis an maoín, an gléasra agus an trealamh go léir i mbliain an fhála agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain an diúscartha.

Feabhsuithe maoine léasachta	5% de réir méid cothrom nó i gcomhréir leis an saol léasa má tá sé níos giorra
Feithiclí paisinéirí bóthair	8.33% - 10% de réir méid cothrom
Crua-earraí córas iompair	10% - 25% de réir méid cothrom
Trealamh Oifige	10% troscán agus fearais agus 25% trealamh ríomhaireachta de réir méid cothrom
Bonneagar iompair	5% - 25% de réir méid cothrom

Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna iarmharacha, ar shaolréanna úsáideacha agus ar mhodh dímheasa maoine, gléasra agus trealamh agus déantar iad a choigeartú go réamhbhreathnaitheach, más iomchuí.

Meastar go modhnaíonn athruithe ar an saolré úsáideach ionchais nó ar an bpatrún tomhaltais ionchais ar shochair eacnamaíocha amach anseo atá corpraithe sa tsócmhainn an tréimhse nó an modh dímheasa, de réir mar is iomchuí, agus láimhseáiltear iad mar athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta.

Is éard atá i mbonneagar iompair den chuid is mó ná sócmhainní a úsáidtear don scéim rothair réigiúnach, faisnéis fíor-ama do phaisinéirí agus scáthláin bus.

j) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Ó bhí 2017 ann, faigheann an tÚdarás busanna chun flít bus láraithe agus caighdeánaithe a chothabháil le haghaidh iompair phoiblí. Cuirtear na busanna seo ar fáil d'oibreoirí iompair phoiblí trí shocrúithe ceadúnais (gan aon táille ríchíosa) nó socruithe léasa (cíos bliantúil ainmniúil €1 in aghaidh an bhus) chun seirbhísí iompair phoiblí a oibriú thar ceann an Údaráis.

Tá cinneadh déanta ag an Údarás go gcomhlíonann na busanna seo an sainmhíniú ar shócmhainn agus go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh sochair eacnamaíocha amach anseo ó na busanna, rud a cheadaíonn aitheantas na mbusanna mar shócmhainn faoi CTA 102. Lárnach don chinneadh seo is ea go meastar gur eintiteas leasa phoiblí é an tÚdarás, mar a leagtar amach sna beartais chuntasaíochta. Aithnítear na busanna ar dtús ar a gcostas nó ar a gcostas dímheasta nuair a cheannaítear iad.

Tá sé cinntithe ag an Údarás freisin nach léas de réir Alt 20 de FRS 102 na socruithe ceadúnais ná na socruithe léasa leis na hoibreoirí iompair phoiblí. Mar bhunús leis an gcinneadh seo is ea go gcoinníonn an tÚdarás sa dá chás an ceart chun a threorú conas agus ar cén cúis a n-úsáidfear na busanna i rith na tréimhse úsáide ag na hoibreoirí iompair phoiblí.

k) Bearnú sócmhainní seasta

Nuair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí nach féidir an tsuim iompair a aisghabháil, déantar athbhreithniú ar shócmhainní seasta le haghaidh lagú. Déantar meastachán ar an méid inaisghabhála d'aon sócmhainn lena mbaineann agus déantar comparáid idir í agus a luach iompair. Más ísle an méid inaisghabhála measta, laghdaítear an méid iompair go dtí a mhéid inaisghabhála measta agus aithnítear caillteanas lagúcháin láithreach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Coinnítear busanna mar gheall ar a n-acmhainneacht seirbhíse seachas chun brabús airgeadais a sholáthar. Úsáideann an tÚdarás an tsamhail tomhais costas athsholáthair dímheasaithe chun a mheas an bhfuil aon chaillteanas lagúcháin tarlaithe.

Má aisiompaítear caillteanas lagúcháin ina dhiaidh sin, méadaítear suim iompair na sócmhainne go dtí an meastachán athbhreithnithe ar a mhéid inaisghabhála, ach ní mhéadaítear í os cionn an méid a chinnfí mura mbeadh aon chaillteanas lagúcháin aitheanta don tsócmhainn i mblianta roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanas lagúcháin láithreach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

l) Sochair fhostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas le linn na bliana. Áirítear sochair atá carntha ag deireadh na bliana i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas Airgeadais.

Sochair Scoir

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanas a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis agus aithníonn siad costais shochair scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanas scéim pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Léirítear gnóthachain nó cailteanas achtúireacha a eascraíonn as dliteanas scéime scoir sa Ráiteas Ioncaim Chuimsitheach. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is inaisghafa ón Stát i gcás na scéime scoir neamh-mhaoinithe, sochair shainithe amháin.

Glacann fostaithe an Údaráis páirt sna scéimeanna pinsin seo a leanas:

• *Scéim Sochair Shainithe – “Scéim an ÚNI”*

Is scéim pinsin le sochar sainithe, tuarastal deiridh í Scéim Pinsin Fhoirne an Údaráis Náisiúnta Iompair 2010, ina bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí atá sainithe trí thagairt do rialacháin scéime earnála poiblí ‘samhail’. Is scéim neamh-mhaoinithe í seo do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí na gcomhaltaí leis an DoT. Tá na costais, na dliteanas agus na sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo curtha san áireamh sna nothaí i Nóta 14 agus 15 maidir leis na scéimeanna pinsin le sochair sainithe.

• *Scéim Sochair Shainithe – “Scéim Aonair”*

Is scéim pinsin le sochar sainithe, meántuarastal í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Is scéim neamh-mhaoinithe í seo do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí na gcomhaltaí chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh NDP agus Athchóirithe. Tá na costais, na dliteanas agus na sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo curtha san áireamh sna nothaí i Nóta 14 agus 15 maidir leis na scéimeanna pinsin le sochair sainithe.

• *Scéim Ranníocaíochta Sainithe – “Scéim RPA”*

Aistríodh roinnt fostaithe isteach san Údarás ó Bhonneagar Iompair Éireann (“TII”), tar éis dóibh a bheith ina bhfostaithe ag an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid (“RPA”) sular ionsúdh TII a gníomhaíochtaí. Leanann siad de bheith ina mbaill de Phlean Pinsean agus Árachais Saoil na Gníomhaireachta um Sholáthar Iarnróid 2003, ar scéim pinsean ranníocaíochta sainithe í. Tá an scéim seo dúnta i leith iarratasóirí nua. Maoinítear sochair phinsin thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe trí ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra leis an scéim. Gearrtar ranníocaíochtaí fostóirí ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe de réir mar a thagann siad chun bheith iníoctha. Níl sócmhainn/dlitéanas pinsin ag an Údarás don scéim seo toisc nach bhfuil sé faoi dhlitéanas ach amháin as ranníocaíochtaí an fhóistóra atá dlite i leith na bhfostaithe seo.

m) Léasanna

Aicmítear léasanna mar léasanna airgeadais nuair a aistríonn siad go substaintiúil gach riosca agus luach saothair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainní léasaithe chuig an Údarás. Aicmítear mar léasanna oibriúcháin léasanna eile nach n-aistríonn go substaintiúil gach riosca agus luach saothair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainní léasaithe chuig an Údarás. Cuirtear sócmhainní atá faoi léas airgeadais san áireamh i maoin, gléasra agus trealamh agus déantar iad a dhíluacháil agus a athbhreithniú le haghaidh lagúcháin ar an mbealach céanna le sócmhainní atá faoi úinéireacht iomlán.

Mar léasaí

Aithnítear íocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe mar chaiteachas thar théarma an léasa de réir méid cothrom. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

Mar léasóir

Aithnítear íocaíochtaí a fhaightear faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus i gCúlchistí Ioncaim Choinnithe mar ioncam thar théarma an léasa ar bhonn dírlíneach.

n) Breitheanna agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Éilíonn ullmhú na Ráiteas Airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndlíteanas amhail dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus méideanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhir a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Meastar go mbaineann tábhacht leis na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas tábhachtach chun staid airgeadais an Údaráis a léiriú:

• Dímheas agus luachanna iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir agus tá sé tar éis teacht ar an gconclúid go bhfuil saolta sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

• Bearnú sócmhainní seasta

Athbhreithnítear sócmhainní atá faoi réir amúchadh maidir le lagú uair ar bith a léiríonn imeachtaí nó athruithe cúinsí gur féidir nach mbeidh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe.

• Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Tá cinneadh déanta ag an Údarás go gcomhlíonann na busanna seo an sainmhíniú ar shócmhainn agus go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh sochair eacnamaíocha amach anseo ó na busanna, rud a cheadaíonn aitheantas na mbusanna mar shócmhainn faoi CTA 102. Lárnach don chinneadh seo is ea go meastar gur eintiteas leasa phoiblí é an tÚdarás, mar a leagtar amach sna beartais chuntasaíochta.

• Oibleagáid sochair scoir

Déanann an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais á gcinneadh ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil cúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta).

• Soláthair

Déanann an tÚdarás foráil d'oibleagáid reatha (dlíthiúil nó tairbheach) mar thoradh ar imeacht san am atá thart, má tá sé dóchúil go mbeidh ar an Údarás an oibleagáid a shocrú a bhfuil a fhios aige a bheith gan íoc ar dháta dheireadh na tréimhse.

o) Infháltais

Déantar infhaighteachais ghearrthéarmacha a thomhas ag praghas an idirbhirt lena n-áirítear costais idirbhirt, lúide aon lagú.

p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Léirítear airgead tirim le hairgead i láimh agus le híocaíochtaí gearrthéarmacha le hinstiúidí airgeadais. Is infheistíochtaí an-leachtacha iad coibhéisí airgid a aibíonn i gceann nach mó ná trí mhí ó dháta na fála agus atá inchomhshóite go héasca do mhéideanna aitheanta airgid le riosca neamhshuntasach athraithe ar luach.

q) Suimeanna Iníochta

Déantar suimeanna iníochta gearrthéarmacha a thomhas ag praghas an idirbhirt lena n-áirítear costais idirbhirt, lúide aon lagú.

r) Ionstraimí airgeadais

Ní thugann an tÚdarás faoi idirbhearta ionstraimí airgeadais bunúsacha ach amháin nuair a bhíonn aitheantas sócmhainní agus dliteanas airgeadais mar thoradh orthu, amhail trádála agus infhaighte agus iníochta eile. Déantar ionstraimí fiachais (seachas iad siúd atá inaisíochta nó infhaighte go hiomlán laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais eile atá infhaighte agus iníochta, a thomhas ar dtús ar luach reatha na sreafaí airgid amach anseo agus ina dhiaidh sin ar chostas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach.

Déantar ionstraimí fiachais atá iníochta nó infhaighte laistigh de bhliain amháin, suimeanna trádála iníochta nó infhaighte de ghnáth, a thomhas, ar dtús agus ina dhiaidh sin, ag méid neamhráite an airgid nó na comaoine eile a bhfuiltear ag súil go n-íocfar nó go bhfaighfear iad. Mar sin féin, má chomhdhéanann socruithe ionstraime gearrthearmaí idirbheart maoinithe, amhail íocaíocht fiachais trádála atá curtha siar thar ghnáth-thearmaí gnó nó atá maoinithe ag ráta úis nach ráta margaidh é nó i gcás iasachta gearrthearmaí díreach nach bhfuil ag ráta margaidh, déantar an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais a thomhas ar dtús ag luach reatha an tsreafa airgid amach anseo atá lascainithe ag ráta úis margaidh d'ionstraim fiachais chomhchosúil agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta.

Déantar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar chostas agus ar chostas amúchta a mheas ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe le haghaidh fianaise oibiachtúil ar lagú. Má aimsítear fianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas lagúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

s) Soláthairtí in aghaidh dliteanas

